Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022 (OR. en)**

**14703/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0115(COD)**

**PI 152**
**COMPET 890**
**MI 816**
**IND 469**
**AGRI 630**
**IA 185**
**CODEC 1736**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14240/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8205/22 + ADD1-5 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 13 Aibreán 2022, thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha[1]. Is iad an chéad fhomhír d'Airteagal 118 agus Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) is bunús dlí don togra.

[1] 8205/22 ADD 1-5.

2. Is é is aidhm don togra tásca geografacha faoi chosaint a bhunú le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar leibhéal an Aontais, agus ar an gcaoi sin iomaíocht chóir a áirithiú do tháirgeoirí na dtáirgí sin sa mhargadh inmheánach. Leis an togra, cosnófar agus forbrófar an oidhreacht chultúrtha agus áiritheofar go mbeidh faisnéis iontaofa ar fáil do thomhaltóirí i ndáil le táirgí den chineál sin. Is é is aidhm don togra nuálaíocht agus infheistíocht sa cheardaíocht a dhreasú, trí chabhrú le ceardaithe agus táirgeoirí, go háirithe FBManna, a bhíonn ag obair i margaí nideoige uaireanta, chun a saineolas traidisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint ar leibhéal an Aontais. Ós rud é go méadaíonn tásc geografach infheictheacht an táirge agus an réigiúin, rachaidh an togra chun tairbhe ní hamháin do tháirgeoirí, ach d'earnálacha gaolmhara freisin, an turasóireacht mar shampla, agus cuideoidh sé le scileanna agus poist a chur chun cinn agus a choinneáil i réigiúin na hEorpa. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuirfidh an togra ar chumas an Aontais a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ar aontaigh an tAontas di in 2019, agus ar an gcaoi sin, bheadh táirgeoirí an Aontais in ann tairbhe iomlán a bhaint as an gcóras sin.

3. An 21 Meán Fómhair 2022, glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo[2]. Ghlac Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim an 11 Deireadh Fómhair 2022[3]. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 2 Meitheamh 2022[4].

4. I bParlaimint na hEorpa, níor vótáil an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) ar a thuarascáil go fóill.

## II. AN OBAIR A RINNEADH I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

5. Bhí an scrúdú ar an togra ina thosaíocht d'Uachtaránacht na Fraince, ag an gcéad chruinniú den Mheitheal um Maoin Intleachtúil an 3 Bealtaine 2022. Ghéaraigh an scrúdú a thuilleadh faoi Uachtaránacht na Seice, agus é mar chuspóir teacht ar chur chuige ginearálta ag cruinniú na Comhairle (Iomaíochas) an 1 Nollaig 2022.

[2] 13199/22.
[3] 13964/22.
[4] 10159/22.

6. Scrúdaíodh an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo ag dhá chruinniú den Mheitheal. Léiríodh leis an scrúdú sin go raibh formhór na dtoscaireachtaí i bhfách, don chuid is mó, le haidhm an togra, leis na modhanna, na critéir agus na roghanna beartais a shainaithin an Coimisiún.

7. Léirítear sa téacs comhréitigh a leagtar amach san Iarscríbhinn na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Uachtaránacht agus ag na Ballstáit cothromaíocht a bhaint amach idir seasaimh éagsúla na dtoscaireachtaí, agus cuspóirí an togra ón gCoimisiún á gcaomhnú ag an am céanna. Le hais an togra ón gCoimisiún, is **i gcló trom agus líne fúthu** agus/nó […] atá na hathruithe marcáilte .

8. Ag an gcruinniú a bhí aige an 16 Samhain 2022, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) an téacs comhréitigh[5] agus chomhaontaigh sé é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 1 Nollaig 2022, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta.

## III. PRÍOMHGHNÉITHE AN CHOMHRÉITIGH

### *(a) Raon Feidhme*

9. Tá cosaint *sui generis* seanbhunaithe ag Aontas ar thásca geografacha (GI) d'fhíonta, deochanna biotáilleacha, fíonta cumhraithe, táirgí talmhaíochta agus bia-ábhair, ach go dtí seo níl aon chosaint tásc geografach ann do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe an bhearna sin a líonadh agus, dá bhrí sin, tá dlúthbhaint aige leis an athchóiriú leanúnach ar an gcóras TG do tháirgí talmhaíochta. Ní mór raon feidhme an dá shraith reachtaíochta faoi seach a ailíniú go cúramach maidir leis na táirgí a chumhdaítear. Chuige sin, sainmhínítear i dtéacs comhréitigh an dréacht-Rialacháin táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, lena gcumhdaítear táirgí nach dtagann faoi raon feidhme na rialachán atá ann cheana in earnáil na talmhaíochta.

10. Maidir leis an nasc críochach is gá chun táirge a bheith incháilithe chun é a chosaint faoin dréacht-Rialachán, coinnítear leis an gcomhréiteach coincheap an togra ón gCoimisiún chun an coincheap 'tásc geografach faoi chosaint' (TGFC) a chur i bhfeidhm, lena gceanglaítear go ndéanfar ceann amháin ar a laghad de chéimeanna táirgthe, próiseála nó ullmhúcháin an táirge sa limistéar geografach tionscnaimh sainithe.

[5] 14240/22.

*(b) Iarratasóir*

11. Is éard is tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ná ceart comhchoiteann a mbainfidh gach táirgeoir incháilithe i limistéar geografach ainmnithe a chomhlíonann an tsonraíocht táirge úsáid as.

12. Is féidir le táirgeoirí a ghníomhaíonn i dteannta a chéile leas a bhaint as sineirgí agus a dtásca geografacha á mbainistiú acu. Dá bhrí sin, bíonn ról ríthábhachtach ag grúpaí táirgeoirí go traidisiúnta maidir le TGanna a bhainistiú agus maidir le sonraíochtaí táirgí a bhunú. Chun an ról tábhachtach sin atá ag grúpaí táirgeoirí a léiriú, faoin téacs comhréitigh, ba cheart do ghrúpa táirgeoirí, mar riail ghinearálta, iarratais ar chlárú tásc geografach a thíolacadh.

13. Mar eisceacht, áfach, féadfaidh táirgeoir aonair, údarás áitiúil nó réigiúnach nó eintiteas príobháideach arna ainmniú ag Ballstát a bheith ina iarratasóir más rud é, mar shampla, nach féidir leis na táirgeoirí grúpa a bhunú mar gheall ar a líon, a suíomh geografach nó ar chúiseanna eagraíochtúla.

*(c) Na nósanna imeachta clárúcháin*

14. Chun cosaint a fháil, tá tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha le clárú ar leibhéal an Aontais.

*i. An nós imeachta caighdeánach*

15. Mar an nós imeachta caighdeánach chun clárú den sórt sin a fháil, déantar foráil sa dréacht-Rialachán maidir le córas dhá chéim, inarb iad na húdaráis náisiúnta a dhéanfaidh an chéad scrúdú ar an iarratas TG agus ar an tsonraíocht táirge, agus ina mbeidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), sa dara céim, i gceannas ar scrúdú ar leibhéal an Aontais ar an iarratas agus ar chlárú an teidil.

16. Le rannpháirtíocht na n-údarás náisiúnta sa chéad chéim, is féidir an leas is fearr is féidir a bhaint as an saineolas áitiúil agus réigiúnach is gá chun measúnú a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge. Fágann sé freisin go mbíonn sé níos éasca do tháirgeoirí ceardaíochta áitiúla, ar gnólachtaí beaga nó micreaghnólachtaí iad go minic, cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh le riarachán a bhfuil eolas acu air agus aon treoir agus tacaíocht is gá a fháil ina dteanga féin.

17. Tríd an dara céim den nós imeachta a chur de chúram ar EUIPO agus trí chlárú iarbhír TG, cuirtear leis an taithí aitheanta atá ag EUIPO mar shainghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le clárú ceart maoine intleachtúil eile ar leibhéal an Aontais a láimhseáil.

*ii. Maolú ón nós imeachta caighdeánach: clárúchán díreach*

18. Níl traidisiún seanbhunaithe ag roinnt Ballstát agus bíonn leibhéal íseal spéise áitiúla sna tíortha sin maidir le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint trí thásca geografacha. Dá bhrí sin, níl struchtúir riaracháin i bhfeidhm ag na Ballstáit sin chun céim náisiúnta na nósanna imeachta clárúcháin a bhainistiú. Ar na cúiseanna sin, foráiltear leis an dréacht-Rialachán gur féidir maolú a thabhairt do Bhallstáit a chomhlíonann coinníollacha áirithe ón oibleagáid céim náisiúnta na nósanna imeachta a reáchtáil. Cuirtear aon iarratas ar chlárúchán TG ó Bhallstát dár deonaíodh maolú den sórt sin faoi bhráid EUIPO go díreach.

19. Ós rud é go bhfuil clárúchán díreach le EUIPO ceaptha a bheith ina eisceacht ón nós imeachta caighdeánach, coinnítear coincheap an togra ón gCoimisiún sa téacs comhréitigh nach gceadófar an maolú sin ach amháin faoi choinníollacha sonracha agus, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún.

*(d) Gaol le cearta eile*

20. Is gné thábhachtach den dréacht-Rialachán é an gaol idir tásca geografacha agus trádmharcanna. Sa chomhthéacs sin, mheas na toscaireachtaí go bhfuil sé tábhachtach cosaint tásc geografach a chothromú i gcomparáid le cosaint trádmharcanna a bhfuil clú orthu agus cosaint comharthaí aitheanta, go háirithe i bhfianaise an chirt bhunúsaigh chun maoine a leagtar amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Soiléirítear sa téacs comhréitigh go bhfuil aon iarratas ar TG nó trádmharc a chlárú a sháródh an chothromaíocht sin ina fhoras le cur ina choinne nó, i gcás ina ndearnadh TG nó trádmharc a chlárú go hearráideach de shárú ar an gcothromaíocht sin, foras le cealú.

21. Ba ábhar mór imní do roinnt mhaith toscaireachtaí na forálacha mionsonraithe maidir le hainmneacha fearainn sa togra ón gCoimisiún, agus bhí siad den tuairim go mbeadh an t-ualach riaracháin a eascródh as an gcóras faisnéise agus foláirimh ainmneacha fearainn atá beartaithe agus as na hoibleagáidí a chuirtear ar chlárlanna ainmneacha fearainn díréireach. Chun freastal ar na hábhair imní sin, scriosadh Airteagal 31 agus Airteagal 41 sa téacs comhréitigh, agus soiléirítear ag an am céanna mar oibleagáid ghinearálta in Airteagal 35 go mbeidh feidhm ag cosaint TGanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo freisin maidir le haon úsáid ainm fearainn.

*(e) Rialuithe*

22. Bunaithe ar phlé fairsing, foráiltear leis an téacs comhréitigh do chóras rialaithe níos éadroime ná mar a moladh sa togra ón gCoimisiún, le simpliú agus cuíchóiriú suntasach, le rannpháirtíocht laghdaithe na n-údarás poiblí agus ról níos láidre do tháirgeoirí.

23. Tugadh isteach córas fíorúcháin níos éadroime, bunaithe ar fhéindearbhú, mar an nós imeachta réamhshocraithe chun an t-ualach riaracháin breise ar údaráis náisiúnta a theorannú. Mar chóras malartach chun comhlíonadh a fhíorú, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialuithe ag údarás inniúil nó ag tríú páirtí ainmnithe sula gcuirfear táirge ar an margadh agus ina dhiaidh sin.

24. Bhí dianphlé ann maidir leis an oibleagáid a bheidh ar údaráis na mBallstát faireachán a dhéanamh ar úsáid tásc geografach sa mhargadh. Faoin téacs comhréitigh, tá an faireachán sin bunaithe ar anailís riosca, agus, má tá siad ar fáil, ar fhógraí ó tháirgeoirí leasmhara táirgí TG.

***(f) Táillí***

25. Leagtar amach sa téacs comhréitigh córas cothrom táillí lena gcuirtear san áireamh an gá atá le hiomaíochas táirgeoirí tásc geografach agus staid na micrifhiontar, na bhfiontar beag nó na bhfiontar meánmhéide a chothú. Beidh an deis ag na Ballstáit táillí a ghearradh as an gcéim náisiúnta den nós imeachta caighdeánach, agus leis sin cumhdófar a gcostais i mbainistiú an chórais, agus táillí nó muirir a bhailiú chun costais na rialuithe a chumhdach. Ní ghearrfaidh EUIPO aon táille ar chéim an Aontais den nós imeachta caighdeánach, cé go ndéanfaidh sé amhlaidh i ndáil le clárúcháin dhíreacha, iarratais ó thríú tíortha agus achomhairc.

***(g) Ionstraim na Ginéive***

26. Is é is aidhm don Rialachán atá beartaithe nasc a bhunú idir an córas cosanta TG le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar leibhéal an Aontais agus cosaint faoi chóras Liospóin na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, i gcomhréir le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha. Chuige sin, moladh sa téacs ón gCoimisiún leasuithe ar Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive agus ar Rialachán (AE) 2019/1753 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive.

27. Cé nach mór na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2019/1753 a ghlacadh de réir an Ghnáthnós Imeachta Reachtaigh, is gá toiliú Pharlaimint na hEorpa a fháil sular féidir an leasú atá beartaithe ar Chinneadh (AE) 2019/1754 a ghlacadh. Dá bhrí sin, scriosadh an leasú ar an gCinneadh ón gComhairle ó théacs an dréacht-Rialacháin seo, agus thíolaic an Coimisiún, an 17 Samhain 2022, togra ar leith chun an Cinneadh ón gComhairle a leasú[6]. Ó thaobh substainte de, is cuid de phacáiste idirnasctha iad an dá ghníomh, agus moltar, dá bhrí sin, go ndéanfaí uainiú an ghlactha chríochnaithigh agus theacht i bhfeidhm an dá ghníomh a ailíniú.

## IV. CONCLÚID

28. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas) teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta ar bhonn an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

[6] 14918/22.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

2022/0115 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle […]**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe **<u>an chéad fhomhír d'</u>**Airteagal 118 […], chomh maith le hAirteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].

(1) Ar an 10 Samhain 2020, ghlac an Chomhairle conclúidí[3] maidir le beartas maoine intleachtúla agus chuir sí in iúl go raibh sí réidh le machnamh a dhéanamh ar chóras a thabhairt isteach chun **tásc geografach** a chosaint go sonrach, bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil ar na costais agus na sochair a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis.

(2) Ina Theachtaireacht an 25 Samhain 2020 dar teideal 'An leas is fearr a bhaint as acmhainneacht nuálach an Aontais Eorpaigh – Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus le hathléimneacht AE', gheall an Coimisiún go bhféachfadh sé, bunaithe ar mheasúnú tionchair, ar chóras de chuid an Aontais tásc geografach […] a chosaint do tháirgí neamhthalmhaíochta a mholadh.

**(2a)** *(aistrithe ó aithris (6))* Chun go mbeidh an tAontas in ann a inniúlacht iomlán a fheidhmiú maidir le comhbheartas tráchtála. An Aontais, agus i gcomhréir iomlán lena ghealltanas faoin Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a Bhaineann le Trádáil (TRIPS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, an 26 Samhain 2019, d'aontaigh an tAontas d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha[4] (Ionstraim na Ginéive) a riarann an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil. Cuirtear modh ar fáil le hIonstraim na Ginéive chun tásca geografacha a chosaint**,** gan beann ar chineál na n-earraí lena mbaineann siad, **agus dá bhrí sin** lena n-**áirítear** […] táirgí ceardaíochta agus […] tionsclaíocha. **Dá bhrí sin, chun na hoibleagáidí idirnáisiúnta sin a chomhlíonadh ina n-iomláine, is tosaíocht de chuid an Aontais é aitheantas agus cosaint aonfhoirmeach a áirithiú ar fud an Aontais do thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.**

---

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbeartas maoine intleachtúla agus an t-athbhreithniú ar an gcóras dearthaí tionsclaíocha san Aontas, an 10 Samhain 2020 **(IO C 379 I, 10.11.2020, lch. 1)**.

[4] IO L 271, 24.10.2019, lch. 15.

(3) Le blianta fada, tá cosaint ar thásca geografacha bunaithe ar leibhéal an Aontais d'fhíonta[5], do dheochanna biotáilleacha[6], d'fhíonta cumhraithe[7], chomh maith le táirgí talmhaíochta agus earraí bia[8] […]. Is iomchuí cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar fud an Aontais i ndáil le táirgí nach dtagann faoi raon feidhme na rialachán atá ann cheana, agus cóineasú á áirithiú ag an am céanna, agus é mar aidhm leis éagsúlacht mhór táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chuimsiú, amhail clocha nádúrtha, **adhmadóireacht,** seodra, teicstílí, lása, sceanra, gloine**,** […] poirceallán, **seithí agus craicne agus cadás amh**.

5 **Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).**

6 Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1).

7 […] **Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle (IO L 84, 20.3.2014, lch. 14). Aisghaireadh cosaint tásca geografacha a chosaint i ndáil le fíonta cumhraithe le Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).**

8 Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

(4) Tá córais náisiúnta ag roinnt Ballstát chun tásca geografacha náisiúnta a chosaint le haghaidh ceardaíochta agus táirgí tionsclaíocha. Tá difríochtaí idir na córais sin ó thaobh cosanta, riaracháin agus táillí de, agus ní thugtar cosaint dóibh lasmuigh den chríoch náisiúnta. Ní dhéanann Ballstáit eile foráil do chosaint tásc geografach ar an leibhéal náisiúnta i gcás na dtáirgí sin. D'fhéadfadh costais mhéadaithe agus éiginnteacht dhlíthiúil do tháirgeoirí a bheith mar thoradh ar chreat casta na gcóras cosanta éagsúil ar leibhéal […] an Bhallstáit agus féadfaidh sé a bheith ina dhídhreasacht d'infheistíocht sna ceirdeanna traidisiúnta san Aontas.

**(4a)** *(Aistrithe ó aithris (7))* Is minic a bhíonn déanamh táirgí atá nasctha go geografach bunaithe ar fhios gnó áitiúil agus leanann sé modhanna táirgthe áitiúla atá fréamhaithe in oidhreacht chultúrtha agus shóisialta réigiún baile na dtáirgí sin. Le cosaint éifeachtúil ar mhaoin intleachtúil, d'fhéadfaí cur le brabúsacht mhéadaithe agus le tarraingteacht na ngairmeacha traidisiúnta ceardaíochta. **Aithnítear** cosaint a thabhairt do thásca geografacha ar leith ionas go ndéanfar an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a fhorbairt sna limistéir thalmhaíochta, cheardaíochta agus thionsclaíocha araon. Ba cheart nósanna imeachta éifeachtúla a bhunú **mar sin** chun tásca geografacha de chuid an Aontais a chlárú lena gcosnófar ainmneacha táirgí ceirde agus táirgí tionsclaíocha, agus a chuireann sonraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla san áireamh. Ba cheart a áirithiú le córas na dtásc geografach do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha go ndéanfar na traidisiúin táirgthe agus margaíochta a chothabháil agus a fheabhsú.

(5) Le cosaint […] **aonfhoirmeach** ar fud an Aontais […] don cheart maoine intleachtúla **sin**,[…] **d'fhéadfaí** táirgeadh táirgí cáilíochta, le hinfhaighteacht fhorleathan na dtáirgí sin do thomhaltóirí agus le cruthú post luachmhar agus inbhuanaithe a dhreasú, […] **go háirithe** i réigiúin tuaithe agus i réigiúin thearcfhorbartha. […] I bhfianaise acmhainneacht na dtásc geografach rannchuidiú le poist inbhuanaithe ardoilte i réigiúin tuaithe agus i réigiúin lagfhorbartha, ba cheart é a bheith d'aidhm ag táirgeoirí cion suntasach de luach an táirge arna ainmniú ag tásc geografach a chruthú laistigh den limistéar geografach sainithe.

(6) *(aistrithe go dtí Aithris (2a))*

(7) *(aistrithe go dtí Aithris (4a))*

(8) Dá bhrí sin, is gá, ar an gcéad dul síos, iomaíocht chóir a áirithiú do tháirgeoirí táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha sa mhargadh inmheánach; ar an dara dul síos, **a áirithiú** go mbeidh faisnéis iontaofa a bhaineann leis na táirgí sin ar fáil do na tomhaltóirí; ar an tríú dul síos, an oidhreacht chultúrtha agus fios gnó traidisiúnta a chosaint agus a fhorbairt; a áirithiú ar an gceathrú dul síos go ndéanfar tásca geografacha a chlárú go héifeachtúil le haghaidh […] táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon; ar an gcúigí dul síos, foráil a dhéanamh do **rialuithe** éifeachtacha **ar thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha** ar fud **an mhargaidh inmheánaigh**, **lena n-áirítear** sa tráchtáil leictreonach […]**;** […] agus ar deireadh, nasc leis an gcóras idirnáisiúnta clárúcháin agus cosanta atá bunaithe ar Acht na Ginéive […] **a bhunú**.

(9) *(scriosta)*

(10) *(aistrithe go dtí Aithris (62a))*

(11) *(aistrithe go dtí Aithris (62b))*

**(11a)** **Is ceart comhchoiteann iad tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, a bhfuil saintréithe, airíonna nó clú acu atá nasctha lena n-áit táirgthe nó monaraíochta, lena n-úsáid ag gach táirgeoir incháilithe i limistéar ainmnithe atá toilteanach cloí le sonraíocht táirge, i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tá níos mó cumhachta sa mhargadh ag táirgeoirí atá ag gníomhú i dteannta a chéile ná táirgeoirí aonair agus is féidir leo leas a bhaint as sineirgí agus a dtásc geografach á mbainistiú acu. Le tásca geografacha, cúitítear le táirgeoirí a n-iarrachtaí réimse éagsúil táirgí ardchaighdeáin a tháirgeadh.**

**(11b)** **Dá bhrí sin, ba cheart do ghrúpaí táirgeoirí iarratais ar chlárú tásc geografach a chur isteach. Mar eisceacht, féadfaidh údarás áitiúil nó réigiúnach nó eintiteas príobháideach arna ainmniú ag Ballstát a bheith ina iarratasóir mura bhfuil sé indéanta ag na táirgeoirí grúpa a bhunú, mar shampla, mar gheall ar a líon, a suíomh geografach nó a saintréithe eagraíochtúla. I gcásanna den sórt sin, ba cheart na cúiseanna sin leis an ainmniú sin a lua san iarratas ar chlárú tásc geografach.**

**(11c)** **Is é is aidhm don chóras tásc geografach é a chur ar a gcumas do thomhaltóirí roghanna ceannaigh níos eolaí a dhéanamh agus, sa chomhthéacs seo, cabhraíonn lipéadú nó fógraíochta, leo táirgí ardcháilíochta a shainaithint ar an margadh. Le tásca geografacha, mar chineál cirt maoine intleachtúla, cabhraítear le hoibreoirí agus le cuideachtaí a sócmhainní doláimhsithe a luacháil. Chun nach gcruthófar coinníollacha éagóracha iomaíochta agus chun an margadh inmheánach a chothú, ba cheart d'aon táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoir tríú tír, a bheith in ann ainm cláraithe a úsáid agus táirgí arna n-ainmniú mar thásca geografacha a mhargú ar fud an Aontais agus sa ríomhthráchtáil, ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge lena mbaineann ceanglais na sonraíochta ábhartha agus go bhfuil an táirgeoir faoi réir córas rialuithe.**

**(11d) Tá táirge incháilithe le cosaint mar thásc geografach má chomhlíonann sé trí chritéar charnacha: ba cheart don táirge a bheith fréamhaithe in áit, i réigiún, i gceantar nó i dtír ar leith; ba cheart ceann amháin ar a laghad de na céimeanna táirgthe tarlú sa limistéar geografach sainithe; agus ba cheart cáilíocht, clú nó saintréith eile an táirge a bheith inchurtha go bunúsach i leith an tionscnaimh gheografaigh seo. Chun na critéir sin a chomhlíonadh, ní mór a léiriú gur gné riachtanach de cháilíocht, de chlú nó de shaintréith eile an táirge é an tionscnamh geografach. Tá na critéir sin i gcomhréir leis na ceanglais maidir le tásca geografacha mar a leagtar amach in Acht na Ginéive agus i reachtaíocht an Aontais maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí talmhaíochta, bia-ábhair, fíona agus biotáillí. Mar sin féin, ba cheart táirgí atá contrártha don bheartas poiblí a eisiamh ó bheith faoi réir 'tásc geografach faoi chosaint'. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an eisceacht maidir le beartas poiblí a chur i bhfeidhm de réir an cháis, agus ba cheart an eisceacht a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.**

(12) [I gcás inarb infheidhme, […] **ba cheart** an fhaisnéis a áirítear sa doiciméad aonair a chur ar fáil tríd an bPas Táirge Digiteach mar a leagtar amach i Rialachán **…/…** lena mbunaítear creat do cheanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE[9].]

(13) *(aistrithe go dtí Aithris (54a))*

[9] [***Foclaíocht deiridh na haithrise seo faoi réir thoradh na caibidlíochta maidir le COM(2022)142 final an 30.3.2022.***]

(14) Chun cosaint […] **a fháil**, níor cheart tásca geografacha a chlárú **ach amháin** […] ar leibhéal an Aontais. […]. *(abairt scriosta curtha isteach in aithris 19a)* **Ba cheart dhá chéim a bheith sa nós imeachta caighdeánach maidir le hiarratas ar chlárú tásc geografach faoin Rialachán seo: Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as an gcéad chéim agus ba cheart d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('an Oifig') a bheith freagrach as an dara céim. I gcás inar deonaíodh maolú ar an nós imeachta caighdeánach do Bhallstát, ba cheart d'iarratasóir ón mBallstát sin a bheith in ann iarratas ar chlárú a chur faoi bhráid na hOifige go díreach.** Ba cheart an chosaint a thugtar faoin Rialachán seo tráth an chlárúcháin a bheith ar fáil gan idirdhealú do thásca geografacha tríú tíortha, ar tásca iad a chomhlíonann na critéir chomhfhreagracha agus atá faoi chosaint ina dtír thionscnaimh. Ba cheart don Choimisiún na nósanna imeachta comhfhreagracha um thásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha a chur i gcrích.

(15) Na nósanna imeachta um chlárúchán, um leasúcháin ar an tsonraíocht táirge agus um an gclárú a chur ar ceal i leith tásc geografach arna dtionscnamh san Aontas […], ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún iad a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit agus don Oifig **faoi seach** a bheith freagrach as **na** céimeanna ar leithligh de […] na nósanna imeachta **sin**. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as an gcéad **chéim (i.e. an chéim náisiúnta)**, arb éard atá inti an t-iarratas a fháil ó na hiarratasóirí, measúnú a dhéanamh air, an nós imeachta freasúra náisiúnta a reáchtáil agus, tar éis […] **an chéad chéim a thabhairt chun críche go dearfach**, an iarratas […] a chur faoi bhráid na hOifige **chun an dara céim a sheoladh**. **Ba cheart do na Ballstáit na socruithe mionsonraithe nós imeachta a bhunú don chéim náisiúnta, lena bhféadfar comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus freasúraí náisiúnta a áireamh, chomh maith le tíolacadh tuarascála ag an iarratasóir maidir le toradh na gcomhairliúchán sin, agus maidir le haon athruithe a rinneadh ar an iarratas.** Ba cheart go mbeadh an Oifig freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais sa dara céim den nós imeachta **(i.e. céim an Aontais)**, as an nós imeachta freasúra […] a reáchtáil agus […] cosaint an táisc gheografaigh a dheonú nó a dhiúltú. Ba cheart don Oifig na nósanna imeachta comhfhreagracha um thásca geografacha de thionscnamh tríú tíortha a chur i gcrích freisin […].

(16) Chun bainistiú iarratais ar […] **tháSc geografach** ag údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart do dhá Bhallstát nó níos mó a bheith in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) comhoibriú […] i gcéim náisiúnta na nósanna imeachta, lena n-áirítear na nósanna imeachta sin maidir le […] scrúdú, freasúra náisiúnta, an t-iarratas […] a chur faoi bhráid na hOifige, leasuithe ar shonraíocht táirge agus an clárú a chur ar ceal, […]**;** agus (ii) cinneadh a dhéanamh go ndéanfaidh ceann amháin acu na nósanna imeachta sin a bhainistiú thar ceann an Bhallstáit nó na mBallstát eile lena mbaineann freisin. Sna cásanna sin, […] ba cheart do na Ballstáit **sin** an Coimisiún a chur ar an eolas**, gan mhoill, dá réir sin** […].

(17) **Faoi chúinsí áirithe,** […] ba cheart […] Ballstáit **a bheith in ann** maolú a fháil ón oibleagáid […] údarás náisiúnta a ainmniú i ndáil le tásca geografacha do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha chun […] **an chéim náisiúnta** de nósanna imeachta maidir le clárúchán **a reáchtáil, lena n-áirítear** freasúra náisiúnta, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus an clárú a chealú […]. Leis an maolú sin, […] […] **ba cheart** a chur san áireamh nach bhfuil córas náisiúnta sonrach ag Ballstáit áirithe chun tásca geografacha […] **a chosaint** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha**,** […] agus nach bhfuil ach spéis bheag ar an leibhéal áitiúil sna tíortha sin chun na tásca geografacha sin a […] chosaint**, agus, faoi** na cúinsí sin, ní bheadh údar le hoibleagáid a chur ar an mBallstát […] **i gceist** an bonneagar **ar fad is gá** a bhunú […] […] . […] **Bheadh sé** níos […] **éifeachtúla** agus níos […] **cost-éifeachtaí** […] **bealach** malartach a chur ar fáil do […] ghrúpaí táirgeoirí ó na Ballstáit sin chun a dtáirgí a chosaint**,** […] **eadhon** 'nós imeachta díreach clárúcháin' **leis an Oifig**. […] **Bheadh** buntáistí costais ann freisin **do** […] Bhallstáit **mar thoradh ar an rogha seo**.
*(na habairtí deireanacha in aithris 17 aistrithe go haithris 18a agus 18b)*

(18) Tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an mBallstát, ba cheart dó **c**inneadh […] a ghlacadh lena mbunaítear ceart an Bhallstáit nós imeachta clárúcháin dhírigh eisceachtúil a roghnú. **Ba cheart don Choimisiún, agus iarraidh ar mhaolú á scrúdú aige, measúnú a dhéanamh ar na himthosca ábhartha uile, lena n-áirítear, mar shampla, líon na dtáirgí cosanta atá ann cheana, líon na dtáirgeoirí agus na ngrúpaí táirgeoirí a d'fhéadfadh spéis a bheith acu sa Bhallstát faoi seach, méid dhaonra an Bhallstáit faoi seach, faisnéis maidir le díolacháin, acmhainneachtaí monaraíochta, margaí do na táirgí atá i gceist, agus sonraí eile a mheasann an Ballstát gur faisnéis ábhartha í a léiríonn spéis íseal ar an leibhéal náisiúnta. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a bhailítear trí chomhairliúchán poiblí, suirbhé margaidh, anailís mhargaidh, nó litreacha ó sheomraí gairmiúla ábhartha nó ó aon chásanna oifigiúla ábhartha eile, mar shampla, a úsáid chun cinneadh a dhéanamh.** […] **Ba** cheart go gcoimeádfadh an Coimisiún an ceart **c**inneadh a mhodhnú […] **nó** a tharraingt siar lena gceadaítear do Bhallstát […] nós imeachta clárúcháin dhírigh […] a roghnú, más rud é […] **nach** gcomhlíonann an Ballstát lena mbaineann na coinníollacha **a thuilleadh**. **B**' amhlaidh an cás, mar shampla, **dá sháródh** líon na n-iarratas díreach arna gcur isteach ag iarratasóirí ón mBallstát sin an líon bunaidh arna mheas ag an mBallstát sin arís agus arís eile le himeacht ama.

**(18a)** *(aistrithe ó aithris (17))* De bhun an mhaolaithe sin, ba cheart don Oifig nósanna imeachta maidir le clárú, leasuithe ar an tsonraíocht táirge agus cur ar ceal a bhainistiú go díreach. Maidir leis sin, ba cheart don Oifig cúnamh […] a fháil ó údaráis riaracháin an Bhallstáit **lena mbaineann** nuair […] a theastódh ón Oifig é, trí phointe teagmhála **aonair** a ainmniú, go háirithe maidir le gnéithe áirithe a bhaineann leis an iarratas a scrúdú. **Ba cheart an saineolas agus an t-eolas áitiúil is gá maidir le tásca geografacha a bheith ag an bpointe teagmhála aonair. Féadfaidh an pointe teagmhála aonair, agus cúnamh á thabhairt aige don Oifig, dul i gcomhairle le saineolaithe eile a bhfuil eolas a bhaineann go sonrach leis an táirge agus/nó le hearnáil ar leith acu.** […] *(abairt deiridh scriosta aistrithe chuig aithris 57a)*

**<u>(18b)</u>** *(aistrithe ó aithris (17))* Níor cheart, áfach, le cur i bhfeidhm an […] nós imeachta clárúcháin dhírigh […] na Ballstáit a dhíolmhú ón oibleagáid údarás inniúil a ainmniú le haghaidh […] rialuithe […] agus an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun na cearta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

(19) Chun cinnteoireacht […] **<u>chomhsheasmhach</u>** a áirithiú a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint […], ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas ar mhodh rialta tráthúil […] **<u>maidir le</u>** nósanna imeachta […] a thionscnaítear os comhair cúirteanna náisiúnta nó comhlachtaí eile, ar nósanna imeachta iad a bhaineann le hiarratas ar chlárúchán […] **<u>arna chur faoi bhráid</u>** na hOifige ag **<u>údarás inniúil</u>** Ballstáit chuig an Oifig**<u>,</u>** agus maidir le torthaí deiridh na nósanna imeachta sin. Ar an gcúis chéanna, […] **<u>ba cheart don údarás inniúil an Oifig a choinneáil ar an eolas maidir le nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha i gcoinne an chinnidh ón údarás inniúil sin a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chlárú táisc gheografaigh.</u>** […]

**<u>(19a)</u>** **<u>Le héifeacht ón dáta a chuirfidh Ballstát isteach iarratas ar chlárú ar leibhéal an Aontais, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cosaint shealadach a dheonú do thásc geografach ar an leibhéal náisiúnta roimh chéim an Aontais a thabhairt chun críche, gan difear a dhéanamh don mhargadh inmheánach ná do bheartas trádála an Aontais. Ní féidir cosaint náisiúnta shealadach a thabhairt i gcás clárú díreach.</u>**

(20) Maidir le hoibreoirí a ndéantar difear dá leasanna trí […] **tháisc geografach** a chlárú, chun é a chur ar a gcumas dóibh leanúint […] **d'**ainm **an táisc gheografaigh** a úsáid ar feadh tréimhse theoranta, […] ba cheart **don Oifig** maoluithe sonracha maidir le húsáid na n-ainmneacha […] **sin** a dheonú […] **le haghaidh** idirthréimhsí. Féadfar na **hidir**thréimhsí sin a cheadú chun deacrachtaí sealadacha a shárú freisin agus é ina aidhm fhadtéarmach leo a áirithiú go gcomhlíonann na táirgeoirí uile an tsonraíocht táirge. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear coinbhleachtaí idir tásca geografacha agus trádmharcanna, féadfar leanúint d'úsáid a bhaint as ainmneacha, a sháródh cosaint táisc gheografaigh seachas sin, faoi choinníollacha áirithe agus ar feadh idirthréimhse.

(21) **I gcásanna a bhfuil údar cuí leo,** ba cheart an ceart a bheith ag an gCoimisiún an chumhacht a ghlacadh ar láimh ón Oifig cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais aonair ar chlárú, leasuithe ar an tsonraíocht táirge nó **ar** chealú. **Féadfaidh aon Bhallstát nó an Oifig a iarraidh ar an gCoimisiún an saincheart sin a fheidhmiú. Féadfaidh an Coimisiún gníomhú freisin ar a thionscnamh féin.** **Ar aon chuma,** ba cheart don Oifig leanúint de bheith freagrach as an gcomhad a scrúdú, as an nós imeachta freasúra, […], agus**,** bunaithe ar chúinsí teicniúla, **ba cheart** di […] **dréacht** […] le haghaidh gníomh cur chun feidhme **a sholáthar** don Choimisiúin. […]

**(21a)** *(aistrithe ó aithris (24))* Ar mhaithe le feidhmiú barrmhaith an mhargaidh inmheánaigh, tá sé tábhachtach rochtain […] thapa, […] éasca **a bheith ag** táirgeoirí agus oibreoirí eile lena mbaineann, ag údaráis agus ag tomhaltóirí […] ar an bhfaisnéis ábhartha […] maidir le tásc**a** geografach**a**.

(22) Chun trédhearcacht agus aonfhoirmeacht a áirithiú ar fud na mBallstát, is gá clár leictreonach de thásca geografacha de chuid an Aontais **('clár an Aontais')** a bhunú **atá** ar fáil don phobal […] le haghaidh ceardaíochta agus táirgí tionsclaíocha. Ba cheart don Oifig clár an Aontais […] a fhorbairt, a choinneáil agus a choimeád agus ba cheart don Oifig […] an pearsanra a chur ar fáil chun é a oibriú.

(23) Déanann an tAontas caibidlíocht faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta**,** lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le tásca geografacha**,** lena chomhpháirtithe trádála. D'fhéadfadh cosaint tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar fud an Aontais eascairt as na comhaontuithe **den chineál** sin freisin, gan beann ar na cláruithe idirnáisiúnta **dá** bhforáiltear faoi Acht na Ginéive agus **ar an** gcóras […] agus clárúcháin a leagtar amach sa Rialachán seo. […] **Maidir le** tásca geografacha atá faoi chosaint san Aontas […] de bhua na gclárúchán idirnáisiúnta […] faoi Acht na Ginéive nó […] **faoi** na comhaontuithe idirnáisiúnta le comhpháirtithe trádála an Aontais, […] ba cheart **iad a iontráil i gclár an Aontais chun soláthar faisnéis don phobal a éascú** agus**,** go háirithe**,** chun cosaint agus rialú a áirithiú maidir leis an úsáid a bhaintear as na tásca geografacha sin […].

(24) *(aistrithe chuig aithris (21a))*

(25) [...] **Aon pháirtí** dá ndéantar dochar le cinneadh [...] ón Oifig, **ba cheart an ceart a bheith acuachomharc a dhéanamh** [...] **os comhair Bhoird Achomhairc** na hOifige. [...] Tá cinntí na mBord Achomhairc [...], **ina dhiaidh sin, faoi réir leigheas breithiúnach** os comhair Chúirt Ginearálta **an Aontais Eorpaigh**, cúirt a bhfuil dlínse aici an cinneadh a bhfuiltear ag cur ina aghaidh a chur ar neamhní nó a athrú.

(26) (scriosta)

(27) [...] **Ba cheart** Bord Comhairleach, [...] comhdhéanta de [...] **shaineolaithe** ó na Ballstáit agus ón [...] gCoimisiún **a bhunú** [...] chun an t-eolas agus an saineolas [...] is gá a sholáthar maidir le táirgí áirithe agus [...] cúinsí áitiúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo. D'fhonn tacú leis an Oifig [...] measúnú a dhéanamh ar iarratais aonair ag céim ar bith den scrúdú, den chur i gcoinne, den achomharc nó de nósanna imeachta eile a bhfuil eolas teicniúil sonrach acu, ba cheart an deis a bheith ag an Rannán Tásca Geografacha nó ag na Boird Achomhairc, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach. Ba cheart a áireamh sa chomhairliúchán freisin, nuair is gá, tuairim ghinearálta maidir le critéir cháilíochta a mheasúnú, clú [...] **an** **táisc gheografaigh** a bhunú, a chineálaí atá ainm **an táisc gheografaigh** a chinneadh, [...] agus an baol go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí a mheasúnú. Níor cheart tuairim an Bhoird Chomhairligh a bheith ceangailteach. Ba cheart nós imeachta ceapacháin na saineolaithe agus oibriú an Bhoird Chomhairligh a shonrú i rialacha nós imeachta an Bhoird Chomhairligh**,** [...] **arna nglacadh** ag an mBord Bainistíochta.

(28) Ba cheart cosaint a dheonú do [...] **<u>thásca geografacha</u>** [...] a iontráiltear ar chlár an Aontais [...] chun a áirithiú go mbainfear úsáid astu ar bhealach cóir agus chun cosc a chur ar chleachtais a d'fhéadfadh tomhaltóirí a chur amú, **<u>go háirithe a mhéid a bhaineann le táirgí inchomparáide</u>**. **<u>Chun a chinneadh cibé atá na táirgí inchomparáide leis na táirgí atá cosanta le tásca geografacha nó nach bhfuil, ba cheart na tosca ábhartha uile a chur san áireamh. Ba cheart a chuimsiú sna tosca sin cibé atá saintréithe oibiachtúla comhchoiteanna ag na táirgí nó nach bhfuil, amhail modh táirgthe, cuma fhisiceach nó úsáid an amhábhair chéanna; na himthosca faoina n-úsáidtear na táirgí ó thaobh an phobail ábhartha de; cibé a dháiltear trí na bealaí céanna iad nó nach ndáiltear; agus cibé atá siad faoi réir rialacha comhchosúla margaíochta nó nach bhfuil.</u>** *(na codanna atá fágtha d'aithris (28) aistrithe go haithris (28a))*

**<u>(28a)</u>** *(aistrithe ó aithris (28))* Chun cosaint tásc geografach a neartú agus chun **<u>góchumadh</u>** a chomhrac [...] ar bhealach níos éifeachtaí [...], ba cheart feidhm a bheith ag cosaint sonraí geografacha maidir le hainmneacha fearainn ar an idirlíon freisin. [...] **<u>Tá</u>** sé tábhachtach aird chuí a thabhairt ar an gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ("Comhaontú TRIPS"), agus go háirithe Airteagal 22 agus Airteagal 23 de, agus ar an gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ("Comhaontú GATT") lena n-áirítear Airteagal V de maidir le saoirse idirthurais, [...] a formheasadh le Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle[10]. Laistigh den chreat dlí sin, [...] chun góchumadh a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, ba cheart feidhm a bheith ag an gcosaint sin maidir le hearraí a thagann isteach i gcríoch chustaim an Aontais gan iad a scaoileadh i saorchúrsaíocht, agus a chuirtear faoi nósanna imeachta speisialta custaim, amhail na cinn a bhaineann le hidirthuras, stóráil, úsáid shonrach nó próiseáil.

---

**10** Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994, i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála (1986–1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

(29) [...] **Ba cheart a áirithiú** maidir le tásc geografach in ainm [...] táirge monaraithe — **ina bhfuil, mar chuid nó mar chomhpháirt**, [...] an táirge a ainmníonn an tásc geografach [...]. [...] go n-úsáidfear an tásc sin i gcomhréir le cleachtais chóra tráchtála agus nach laghdaítear ná nach maolaítear an táirge a ainmníonn an tásc geografach ná nach mbíonn cáil an táirge thíos leis an úsáid sin. Ba cheart go mbeadh gá le toiliú an ghrúpa táirgeora [...] nó táirgeoir aonair an táisc gheografaigh lena mbaineann chun an úsáid sin a cheadú.

(30) Ba cheart go gcoinneodh téarmaí cineálacha atá cosúil le hainm nó téarma atá faoi chosaint ag tásc geografach, nó atá ina gcuid d'ainm nó de théarma den sórt sin, a stádas cineálach. **Níor cheart ainmneacha comhainmneacha ('comhainmneacha') a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht nó fíorthionscnamh geografach an táirge a chlárú mar thásc geografach.**

(31) *(an chéad abairt aistrithe ó aithris (34))* Ba cheart an gaol idir trádmharcanna agus tásca geografacha a shoiléiriú [...] i ndáil leis na critéir maidir le hiarratais ar thrádmharc a dhiúltú, trádmharcanna a neamhbhailíochtú agus cómhaireachtáil idir trádmharcanna agus tásca geografacha. Ní mór cothromaíocht a bheith idir cosaint tásc geografach agus cosaint [...] trádmharcanna **a bhfuil cáil acu agus trádmharcanna mór le rá** [...], go háirithe i bhfianaise an chirt bhunúsaigh ar mhaoin mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é chomh maith leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta. **Agus measúnú á dhéanamh ar an ngaol idir tásc geografach agus trádmharc, déanfar aon leanúnachas maidir le cosaint táisc gheografaigh arna bhunú ag clárú nó úsáid i mBallstát, i gcás inar aistríodh an tásc geografach chuig cosaint an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus aon tosaíocht a éilítear in iarratas ar thrádmharc, a chur san áireamh.**

(32) Bíonn ról fíor-riachtanach ag grúpaí táirgeoirí sa phróiseas iarratais um thásca geografacha a chlárú, agus maidir le [...] leasuithe [...] ar shonraíochtaí an **táirge** agus maidir le hiarrataí a chur ar ceal freisin. Ba cheart a chur ar a gcumas dóibh saintréithe sonracha a dtáirgí a shainaithint, agus a mhargú ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, ba cheart ról grúpaí táirgeoirí a [...] **shonrú**.

(33) [...] **Clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil cód tíre arna mbunú san Aontas agus lena dtairgtear nósanna imeachta malartacha um réiteach díospóidí chun díospóidí a bhaineann le clárú ainmneacha fearainn a réiteach, ba cheart iad a spreagadh chun a áirithiú go gcumhdaítear tásca geografacha leis na nósanna imeachta sin freisin. Tar éis nós imeachta malartach iomchuí um réiteach díospóidí nó nós imeachta breithiúnach, féadfaidh clárlanna ainmneacha fearainn cód tíre atá bunaithe san Aontas ainm fearainn atá cláraithe faoi fhearann barrleibhéil cód tíre a chúlghairm nó a aistriú, i gcás ina sáraíonn clárú ainm fearainn cosaint táisc gheografaigh, nó ina bhfuil an t-ainm fearainn á úsáid de mheon mímhacánta, nó i gcás inar chláraigh sealbhóir an ainm fearainn gan ceart ná leas dlisteanach a bheith aige sa tásc geografach.** *(páirtaistrithe ó Airteagal 41)*

(34) *(aistrithe chuig Aithris (31))*

(35) Chun nach gcruthófar coinníollacha éagóracha iomaíochta, ba cheart aon táirgeoir, lena n-áirítear táirgeoir tríú tír a bheith in ann tásc geografach cláraithe a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge lena mbaineann ceanglais na sonraíochta táirge ábhartha [...].

(36) Ós rud é [...] go bhfuil an córas cosanta tásca geografacha uile-Aontais le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha **dá bhforáiltear sa Rialachán seo nua** [...], is tábhachtach feasacht a ardú **faoin tionscnamh seo** i measc tomhaltóirí [...] - go háirithe **micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide** agus údaráis phoiblí ar an leibhéal **náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil**. Chuige sin, ba cheart don Oifig gníomhaíochtaí cur chun cinn a dhéanamh ar bhonn rialta chun feasacht a mhúscailt.

(37) Siombailí, tásca agus giorrúcháin **an Aontais** lena n-sainaithnítear tásca geografacha cláraithe, agus na cearta atá ann a bhaineann leis an Aontas, ba cheart iad a chosaint san Aontas agus i dtríú tíortha chun a áirithiú go n-úsáidtear ar fhíortháirgí iad agus nach gcuirtear tomhaltóirí amú maidir le cáilíochtaí na dtáirgí.

(38) Úsáid siombailí nó tásca Aontais ar phacáistiú táirgí arna n-ainmniú le tásc geografach, ba cheart an úsáid sin a bheith éigeantach chun go mbeidh tomhaltóirí níos eolaí ar an gcatagóir sin táirgí, agus ar na ráthaíochtaí a ghabhann leo, agus chun go mbeidh sé níos éasca na táirgí sin a shainaithint ar an margadh agus ar an gcaoi sin, seiceálacha a éascú. Ba cheart úsáid na siombailí nó na dtásc sin a bheith deonach i gcás tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh tríú tír.

(39) Ar mhaithe le soiléireacht do thomhaltóirí agus ar mhaithe le comhchuibheas le **rialacha an Aontais** a uasmhéadú [...] maidir le tásca geografacha a chosaint do tháirgí talmhaíochta, do bhia-ábhar, d'fhíon agus do bhiotáille, ba cheart siombail an Aontais a úsáidtear ar phacáistíocht árthaí agus táirgí tionsclaíocha atá ainmnithe le tásc geografach a bheith comhionann leis an gceann a úsáidtear ar phacáistíocht táirgí talmhaíochta agus bia-earraí, fíonta agus deochanna biotáilleacha arna n-ainmniú ag tásc geografach arna bhunú faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 664/2014 ón gCoimisiún[11].

(40) Is ar mhuinín na dtomhaltóirí a bhunaítear breisluach táisc gheografaigh. Ní féidir bunús maith a bheith leis an muinín sin ach amháin má tá sásraí éifeachtacha fíorúcháin agus rialaithe ag gabháil le clárú tásc geografach, lena n-áirítear [...] **freagrachtaí** dícheall chuí **le haghaidh táirgeoirí**.

(41) Chun [...] muinín na dtomhaltóirí **a áirithiú i** saintréithe sonracha táirgí ceirde agus táirgí tionsclaíocha atá faoi chosaint ag tásca geografacha a ráthú do thomhaltóirí, ba cheart do tháirgeoirí a bheith faoi réir córas **atá bunaithe ar fhéindearbhú tairgeora** lena bhfíorófar go gcomhlíontar an tsonraíocht táirge sula gcuirfear an táirge ar an margadh **agus ina dhiaidh**. [...] **Chun críocha rialaithe, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú chun comhlíonadh agus faireachán a fhíorú**. **(an abairt seo a leanas aistrithe ó aithris (17))** Féadfaidh an t-údarás inniúil [...] arna ainmniú don **chéim náisiúnta** [...] agus an t-údarás inniúil atá ainmnithe do na rialuithe [...] a bheith éagsúil ó chéile, i gcás ina gcinneann Ballstát amhlaidh. **Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit cúraimí rialaithe áirithe a tharmligean chuig comhlachtaí deimhniúcháin táirgí nó chuig daoine nádúrtha.** *(an abairt deiridh aistrithe go dtí tús aithris (44))*

---

11 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

(42) *(aistrithe chuig Aithris (46a))*

(43) *(aistrithe chuig Aithris (47a))*

(44) *(an chéad abairt aistrithe ó dheireadh aithris (41))* Ba cheart don **táirgeoir** an féindearbhú a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil [...] **atá freagrach as** an gcomhréireacht leis an tsonraíocht táirge [...] **a fhíorú**. [...][...] Chun chomhlíonadh leanúnach a léiriú**, ba cheart an féindearbhú sin a thíolacadh gach trí bliana.** Ba cheart a cheangal ar tháirgeoirí féindearbhú **uasdátaithe a thíolacadh** láithreach [...] **i gcás** ina ndéantar leasú ar an tsonraíocht táirge [...] **ar bhealach** a dhéanfaidh difear don táirge **lena mbaineann.** [...] **Le fíorú atá bunaithe ar fhéindearbhú, ní chuirtear cosc ar tháirgeoirí a gcomhréireacht a bheith deimhnithe [...] ag tríú páirtithe incháilithe. Le deimhniú sin an tríú páirtí, féadfar féindearbhú a fhorlíonadh, ach ní féidir leis an féindearbhú a ionadú.**

(45) Leis an bhféindearbhú, ba cheart an fhaisnéis go léir is gá a sholáthar don údarás inniúil [...] **maidir leis** an táirge agus maidir le comhlíonadh [...] an táirge [...] le sonraíocht an táirge. Chun a áirithiú gur faisnéis chuimsitheach í an fhaisnéis a sholáthraítear sa fhéindearbhú, ba cheart struchtúr comhchuibhithe maidir le dearbhuithe den sórt sin a leagan síos [...]. [...] Ba cheart don táirgeoir freagracht iomlán a ghlacadh **go bhfuil** an fhaisnéis a sholáthraítear san fhéindearbhú **ceart**, agus ba cheart dó a bheith in ann an fhianaise is gá a sholáthar chun gur féidir an fhaisnéis sin a fhíorú.

(46) [...] **Ar an bhféindearbhú a fháil, ba cheart do na húdaráis inniúla scrúdú a dhéanamh ar an bhféindearbhú lena n-áirítear ar a laghad seiceáil ar iomláine agus ar chomhsheasmhacht an fhéindearbhaithe. Ba cheart neamhréireachtaí follasacha a shoiléiriú agus ba cheart faisnéis atá in easnamh a iarraidh ar an táirgeoir. Más toradh dearfach é toradh na seiceála ar an bhféindearbhú, ba cheart don údarás deimhniú údaraithe oifigiúil a eisiúint, nó a athnuachan, chun an táirge arna ainmniú ag an tásc geografach a tháirgeadh.**

**(46a)** *(aistrithe ó aithris (42))* Chun an comhlíonadh leis an tsonraíocht táirge **a áirithiú** agus **chun a chirte atá an fhaisnéis a sholáthraítear san fhéindearbhú freisin**, ba cheart don údarás inniúil, **a mhinice is iomchuí**, **seiceálacha comhréireachta a dhéanamh bunaithe ar** anailís riosca agus **riosca** an neamhchomhlíonta **á chur san áireamh**, lena n-áirítear cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha.

(47) I gcás neamhchomhlíonadh na sonraíochta táirge, ba cheart don údarás inniúil [...] bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh na táirgeoirí lena mbaineann an cás ina leigheas agus chun neamhchomhlíonadh breise a chosc.[...]

**(47a) Mar mhalairt ar an nós imeachta fíorúcháin bunaithe ar fhéindearbhú, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta fíorúcháin bunaithe ar fhíorú ar chomhlíonadh údaráis inniúil nó tríú páirtí ainmnithe. Ba cheart áireamh, sa nós imeachta fíorúcháin sin rialuithe ar an gcomhlíonadh leis an tsonraíocht táirge sula gcuirtear an táirge ar an margadh agus ina dhiaidh sin.**

**(47b)** *(aistrithe ó aithris (43))* [...] Is tábhachtach **faireachán a dhéanamh ar úsáid** tásc geografach sa mhargadh [...] chun cleachtais chalaoiseacha agus mheabhlacha a chosc agus ar an gcaoi sin, chun a áirithiú go gcúitítear go cuí le táirgeoirí breisluach a dtáirgí lena ngabhann tásc geografach agus chun a áirithiú go gcuirtear cosc ar **dhaoine a sháraíonn** na tásca geografacha sin [...] na táirgí **sin** a dhíol. Dá bhrí sin, [...] ba cheart do na Ballstáit **faireachán a dhéanamh ar an margadh chun aon mhí-úsáid a bhaintear as tásca geografacha a bhrath, agus rialuithe a dhéanamh bunaithe ar anailís riosca. Más gá, ba cheart an tsaoirse a bheith ag na húdaráis inniúla cúraimí rialaithe áirithe a bhaineann le seiceáil a dhéanamh ar thionscnamh nó ar phróiseas táirgthe, an táirgthe lena mbaineann, a tharmligean chuig comhlachtaí deimhniúcháin nó chuig daoine nádúrtha.** [...] **I gcás ina ndéanfar mí-úsáid an táisc gheografaigh a bhrath, ba cheart don údarás inniúil** na céimeanna riaracháin agus breithiúnacha iomchuí a ghlacadh freisin chun úsáid ainmneacha ar tháirgí nó ar sheirbhísí a sháraíonn na tásca geografacha faoi chosaint a chosc nó a stopadh, i gcás ina dtáirgtear [...] **nó** ina margaítear táirgí den sórt sin nó ina margaítear seirbhísí den sórt sin, ina gcríoch. **Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a ainmniú chun faireachán a dhéanamh ar an margadh, agus is féidir gurb ionann iad agus na húdaráis arna n-ainmniú chun comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú. Féadfaidh údaráis a dhéanann rialuithe táirge nó rialuithe sa mhargadh i gcomhthéacs eile, mar shampla rialú custaim, faireachas margaidh nó forfheidhmiú an dlí, an faireachán sin a dhéanamh.** […]

**(47c)** [...] **Ar aon chaoi**, tá na bearta a leagtar amach i dTreoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] [...] infheidhme maidir le haon sárú ar chearta maoine intleachtúla, **lena n-áirítear tásca geografacha**. **Ag an am céanna, leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 608/2013[13] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le gníomhaíocht a bheith á déanamh ag na húdaráis chustaim i gcás ina bhfuil, nó inar cheart go mbeadh, earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraítear ceart maoine intleachtúla leo, lena n-áirítear tásca geografacha, faoi réir maoirseacht custaim nó rialú custaim laistigh de chríoch chustaim an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 386/2012[14] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúraimí agus gníomhaíochtaí na hOifige a bhaineann le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear comhar a chothú le húdaráis ábhartha de chuid na mBallstát agus idir na húdaráis sin**.

**(47d)** *(aistrithe ó aithris (54))* Ar mhaithe le feidhmiú barrmhaith an mhargaidh inmheánaigh, tá sé tábhachtach go **bhféadann** táirgeoirí a léiriú go tapa agus go héasca [...] go bhfuil siad údaraithe chun ainm **faoi chosaint a úsáid mar thásc geografach**, [...] **mar shampla i gcomhthéacs** rialuithe custaim [...], **nó** cigireachtaí margaidh, nó [...] **arna iarraidh sin do chomhpháirtithe gnó nó do thomhaltóirí**. Chuige sin, ba cheart deimhniú oifigiúil **a úsáid**, arna chur ar fáil don táirgeoir, [...] ar deimhniú maidir le húdarú é chun an táirge arna ainmniú ag an tásc geografach a tháirgeadh.

---

12 Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú. **(IO L 157, 30.4.2004, lch. 45)**.

13 **Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15).**

14 **Rialachán (AE) Uimh. 386/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 maidir le cúraimí a bhaineann le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear ionadaithe thar ceann na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí a thionól mar Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla, a chur ar iontaoibh na hOifige um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (Trádmharcanna agus Dearaí) (IO L 129, 16.5.2012, lch. 1).**

(48) *(aistrithe chuig Aithris (57c))*

(49) *(cumhdaithe le haithris (41))* [...] **Ós rud é go leanann an córas rialaithe a leagtar síos sa Rialachán seo cur chuige poiblí-príobháideach, ba cheart do na táirgeoirí féin rannchuidiú le tásca geografacha a chosaint trí fhreagrachtaí díchill chuí a chomhlíonadh. Ba cheart dóibh seiceálacha a dhéanamh maidir le comhlíonadh leis an tsonraíocht táirge, lena ngabhann, de réir mar is infheidhme, seiceálacha inmheánacha ar chomhlíonadh, arna mbainistiú agus arna n-eagrú ag na grúpaí táirgeoirí. Ina theannta sin, ba cheart táirgeoirí a spreagadh chun tacú le húdaráis phoiblí chun faireachán a dhéanamh ar úsáid tásc geografach sa mhargadh. Ba cheart a mholadh do na táirgeoirí freisin fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi aon neamhchomhlíonadh nó faoi aon sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann.**

(50) Ba cheart do na Ballstáit agus don Oifig faisnéis faoi [...] na húdaráis inniúla**,** agus faoi comhlachtaí deimhnithe táirgí **agus faoi dhaoine nádúrtha ar tarmligeadh cúraimí áirithe rialaithe chucu,** a chur ar fáil go poiblí chun an trédhearcacht a áirithiú agus chun gur féidir le páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leo.

(51) Ba cheart caighdeáin Eorpacha (caighdeáin EN) arna bhforbairt ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) a úsáid chun comhlachtaí rialaithe a chreidiúnú agus ba cheart do na comhlachtaí sin iad a úsáid le haghaidh a n-oibríochtaí. Ba cheart na comhlachtaí sin a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[15] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. [...] Ba cheart do chomhlachtaí um dheimhniú táirgí atá bunaithe lasmuigh den Aontas a léiriú go bhfuil siad ag luí le caighdeáin an Aontais nó le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta bunaithe ar dheimhniú arna eisiúint ag comhlacht ar sínitheoir **aitheanta** é de chomhaontú um aitheantas iltaobhach faoi choimirce an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin **(FIC) nó comhalta de Chomhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (CICS). Ba cheart an saineolas, an trealamh agus an bonneagar atá de dhíth, a bheith ag daoine nádúrtha, chun na cúraimí maidir le rialú arna dtarmligean chucu a dhéanamh; ba cheart na cáilíochtaí agus an taithí chuí a bheith acu, agus gníomhú go neamhchlaonta agus saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí i ndáil le rialú arna dtarmligean chucu.**

15 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

(52) Chun cosaint tásc geografach a neartú agus chun góchumadh a chomhrac [...] go héifeachtach, ba cheart feidhm a bheith ag cosaint tásc geografach maidir leis an timpeallacht as líne agus ar líne, lena n-áirítear ainmneacha fearainn ar an idirlíon araon. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí idirmheánacha, go háirithe ardáin ar líne, chun táirgí a dhíol, lena n-áirítear na cinn sin atá ainmnithe le tásca geografacha [...]. I ndáil leis sin, faisnéis a bhaineann le fógraíocht, cur chun cinn agus díol earraí a sháraíonn cosaint tásc geografach dá bhforáiltear sa [...] **Rialachán seo**, ba cheart a mheas gur ábhar neamhdhleathach í de réir bhrí Airteagal [...] **3(h)** de Rialachán (AE) [...] 2022/**2065**[16] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ba cheart go mbeadh sí faoi réir oibleagáidí agus beart faoin Rialachán sin.

**(52a) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha darb aidhm cosc a chur le hiompar calaoiseach ionchasach táirgeoirí táirgí a ainmníonn tásc geografach agus daoine a sháraíonn an tásc geografach.**

(53) Agus é á chur san áireamh **go bhféadfadh sé gurb i níos mó ná Ballstát amháin a thabharfaí na céimeanna táirgthe** táirge arna ainmniú le tásc geografach **agus é á chur san áireamh** go bhféadfadh sé go ndéanfaí **táirgí** arna dtáirgeadh i mBallstát amháin a dhíol i mBallstát eile, ba cheart cúnamh riaracháin **agus comhar** idir na Ballstáit a áirithiú chun go mbeidh rialuithe éifeachtacha ann [...].

(54) *(aistrithe chuig Aithris (47d))*

---

16 Rialachán **(AE) 2022/2065** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an **19 Deireadh Fómhair 2022** maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE **(IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1)**.

(55) Is le Rialachán (AE) 2019/1753[17] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a rialaítear gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hAcht na Ginéive. Ba cheart forálacha áirithe den Rialachán sin a leasú chun comhleanúnachas a áirithiú le cosaint tásc geografach a thabhairt isteach le haghaidh táirgí ceirde agus tionsclaíocha ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir leis an Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Oifig ról údarás inniúil an Aontais a imirt i ndáil le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha faoi Acht na Ginéive. Forálacha Rialachán (AE) 2019/1753 is infheidhme maidir le tásca geografacha nach dtagann faoi raon feidhme na rialachán maidir le scéimeanna cosanta an [...] **Aontais** do thásca geografacha talmhaíochta, ba cheart iad a ailíniú leis an Rialachán seo.

(56) **Ar an dóigh chéanna, chun comhleanúnachas leis an Rialachán seo a áirithiú,** ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001[18] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú. [...] Ba cheart **na** cúraimí a thugtar don Oifig faoin Rialachán seo **maidir le riarachán agus cur chun cinn tásc geografach** a chur le **liosta chúraimí na hOifige a leagtar amach in** Airteagal 151 den Rialachán sin. […]

[17] Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1).

[18] Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (IO L 154, 16.6.2017, lch. 1).

(57) Maidir leis na cúraimí a thugtar don Oifig faoin Rialachán seo, ba cheart gur teangacha oifigiúla uile an Aontais iad teangacha oifigiúla uile na hOifige. **Maidir le hiarratais ar chlárú, leasuithe ar shonraíochtaí táirge agus nósanna imeachta um chealú arna dtíolacadh ag tríú tíortha**, [...] **ba cheart** don Oifig glacadh le haistriúcháin fíoraithe i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais de dhoiciméid agus d'fhaisnéis [...]. Féadfaidh an Oifig, más cuí, úsáid a bhaint as meaisínaistriúcháin fíoraithe.

**(57a)** *(aistrithe ó aithris (13))* Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit táille [...] a ghearradh chun na costais a bhaineann le bainistiú an chórais tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chumhdach. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit táillí níos ísle a ghearradh ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga nó ar fhiontair mheánmhéide [...]. Níor cheart don Oifig táille a ghearradh ar [...] iarratais [...] **arna dtíolacadh ag údaráis inniúla na mBallstát tar éis thabhairt chun críche chéim náisiúnta an nós imeachta**. *(an abairt seo a leanas aistrithe go go páirteach ó aithris 17)* Mar sin féin, ba cheart don [...] Oifig táille a ghearradh [...] **le haghaidh nósanna imeachta a bhaineann le** clárú díreach, **ós rud é go gcruthaíonn an nós imeachta sin níos mó oibre don Oifig ná próiseáil na n-iarratas a scrúdaíodh cheana sa chéim náisiúnta. Ba cheart don Oifig táillí a ghearradh freisin as iarratais agus achomhairc ó thríú tíortha.** [...] Ba cheart na táillí a ghearrann an Oifig a leagan síos trí ghníomh cur chun feidhme [...] ón g**Coimisiún**.

**<u>(57b)</u>** **<u>Ba cheart costais bhunaithe riachtanacha an chórais TF a bheartaítear faoin Rialachán seo, – eadhon an córas digiteach le haghaidh feidhmchlár, clár an Aontais, agus an tairseach dhigiteach – a mhaoiniú ó bharrachas carntha buiséadach na hOifige. Ba cheart na costais oibriúcháin a eascraíonn as na cúraimí a chuirtear ar an Oifig leis an Rialachán seo a chumhdach le buiséad oibríochtúil na hOifige.</u>**

**<u>(57c)</u>** (aistrithe ó aithris 48) Ba cheart do na táillí nó na muirir i ndáil le rialú […] na costais, lena n-áirítear na forchostais, arna dtabhú ag na húdaráis inniúla a dhéanann rialuithe, a chumhdach ach níor cheart dóibh dul thar na costais sin. Féadfar a áireamh le forchostais, costais na tacaíochta agus an eagrúcháin is gá chun na rialuithe […] a phleanáil agus a chur i gcrích, **<u>agus, i gcás inarb infheidhme, an costas a thagann as úsáid comhlachtaí deimhniúcháin nó daoine nádúrtha.</u>** […]Níor cheart aon táille a ghearradh as an bhféindearbhú agus a phróiseáil a chur isteach.

(58) Ba cheart don chóras digiteach oifig thosaigh agus cúloifig a áireamh agus ba cheart dó nasc, comhéadan agus comhtháthú rianúil a cheadú le córais TF na n-údarás náisiúnta, le clár […] an Aontais agus le córas TF na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil chun Ionstraim na Ginéive a **riaradh […]**. Ba cheart Clár an Aontais […] a bheith ar aon chuma leis agus ba cheart na feidhmiúlachtaí **céanna** a bheith aige, ar a laghad, le Clár an […] **Aontais** de thásca geografacha le haghaidh fíonta, earraí bia agus táirgí talmhaíochta.

**(58a)** *(aistrithe ó aithris (60))* Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú nó a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an méid a leanas: (i) **na ceanglais a shonrú i ndáil le doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar chlárú;** […] (ii) ítimí breise na doiciméadachta tionlacain a liostú **le haghaidh an iarratais ar chlárú; (iii) na critéir don nós imeachta cláraithe dhírigh a shonrú;** (iv) na nósanna imeachta agus na coinníollacha is infheidhme a shainiú maidir le hullmhú agus tíolacadh iarratas ar chlárú **ag céim an Aontais**; […] **(v)** inneachar foirmiúil an fhógra achomhairc agus an nós imeachta i ndáil leis an achomharc a chomhdú agus a scrúdú; **(vi)** inneachar […] agus foirm chinntí an Bhoird Achomhairc; agus (vii) **modhnuithe** ar an bhfaisnéis agus ar na ceanglais i ndáil leis an bhféindearbhú **san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I […].** Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[19]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[19] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

(59) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) rialacha a leagan síos a chuirfidh teorainn leis an bhfaisnéis atá sa tsonraíocht táirge, i gcás inar gá teorainn den sórt sin chun iarratais ar chlárú a sheachaint a bheidh róthoirtiúil; (ii) rialacha a leagan síos maidir le foirm na sonraíochta táirge; (iii) (*scriosta*); (iv) formáid agus cur i láthair ar líne na doiciméadachta tionlacain a shonrú; (v) méideanna na dtáillí agus na slite ina n-íocfar iad a chinneadh; (vi) **rialacha mionsonraithe a leagan síos** […] maidir leis na nósanna imeachta chun na hiarratais dhíreacha a ullmhú agus a chur isteach; (vii) na nósanna imeachta, agus na critéir chun na […] hiarratais a**r chlárú ag céim an Aontais** a ullmhú agus a chur isteach, mar aon lena bhfoirm agus lena gcur i láthair, a shonrú, d'fhonn an próiseas iarratais a éascú, lena n-áirítear d'iarratais a bhaineann le níos mó ná críoch náisiúnta amháin; (viii) na rialacha […] a leagan síos maidir le húdaráis náisiúnta agus daoine a bhfuil leas dlisteanach acu tuairimí […] a chur isteach **agus formáid agus cur i láthair ar líne na bhfógraí maidir leis na tuairimí sin a shonrú;** (ix) […] **na nósanna imeachta is infheidhme a leagan amach maidir le cásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún iarratas ar chlárú ón Oifig a ghabháil ar láimh;** (x) rialacha a shonrú maidir leis an tásc geografach a chosaint; (xi) tásca geografacha a chlárú, ar thásca iad a bhaineann le táirgí tríú tíortha atá faoi chosaint san Aontas faoi chomhaontú idirnáisiúnta **– cé is moite d'Acht na Ginéive –** ina bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach; (xii) […] **ollstruchtúr TF a leagan amach** chomh maith le cur i láthair Chlár an Aontais; (xiii) formáid agus cur i láthair ar líne sleachta as Clár an Aontais […]; (xiv) rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le nósanna imeachta, foirm agus cur i láthair iarratais ar leasú **substaintiúil** […] agus maidir le nósanna imeachta, foirm agus cur in iúl leasuithe **neamhshubstaintiúla […]** chuig an Oifig; (xv) lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta agus foirm an phróisis cealaithe, chomh maith le cur i láthair na n-iarrataí;

(xvi) siombailí an Aontais le haghaidh tásca geografacha a leagan síos, sainmhíniú a dhéanamh ar shaintréithe teicniúla shiombailí an Aontais agus ar na rialacha maidir lena n-úsáid ar tháirgí arna margú faoi thásc geografach cláraithe, lena n-áirítear rialacha a bhaineann leis na leaganacha teanga iomchuí atá le húsáid; **agus** (xvii) cineál agus cineál na faisnéise a bheidh le malartú agus na modhanna chun faisnéis a mhalartú faoi chúnamh frithpháirteach a shonrú […] **chun críoch** rialuithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20].

(60) *(aistrithe go dtí Aithris (8a))*

(61) Tá cosaint reatha na dtásc geografach ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar chineálacha éagsúla cur chuige rialála. Agus dhá chóras chomhthreomhara ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, **bíonn** an baol ann go gcuirfear mearbhall ar thomhaltóirí agus ar tháirgeoirí. Trí chreat rialála ar fud an Aontais a chur in ionad córas cosanta sonraí geografacha náisiúnta, **chruthófaí […]** deimhneacht dhlíthiúil, **laghdófaí** an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta, d'**áiritheofaí** iomaíocht chóir idir táirgeoirí na dtáirgí a mbaineann tásca den sórt sin leo chomh maith le costais intuartha agus réasúnta íseal agus **chuirfí** le creidiúnacht na dtáirgí i súile […] na dtomhaltóirí. Chuige sin, **ba cheart** deireadh […] teacht leis an gcosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha **dhá mhí dhéag** tar éis […] **dáta cur i bhfeidhm** an Rialacháin seo. Féadfar síneadh ama a chur leis an gcosaint go dtí go dtabharfar an próiseas clárúcháin chun críche i gcás […] n**a dtásc geografach** náisiúnta sin arna sainaithint ag na Ballstáit leasmhara. Tá tásca geografacha cláraithe ag roinnt Ballstát, **eadhon […]** na Ballstáit ar páirtithe iad i gComhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus a gClárú Idirnáisiúnta, […] **faoin gComhaontú sin**, le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus tásca geografacha faoi chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de thionscnamh tríú tíortha […]. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú ionas go mbeifear in ann leanúint de na tásca geografacha sin a chosaint le haghaidh ceardaíochta agus táirgí tionsclaíocha.

---

[20] **Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).**

(62) […] **<u>Ós rud é go bhfuil</u>** gá le tréimhse ama chun a áirithiú go bhfuil an creat d'fheidhmiú cuí an Rialacháin seo i bhfeidhm chun córas clárúcháin de chuid an Aontais agus córas idirnáisiúnta clárúcháin a chruthú, lena n-áirítear córas TF lena gcuirfear ar bun agus lena mbainisteofar clár an Aontais […], ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo […] tosú ar ***<u>[IO: an chéad lá den chúigiú mí is fiche tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].</u>***

**<u>(62a)</u>** *(aistrithe go dtí Aithris (10))* Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i **<u>gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.</u>** Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine, lena n-áirítear maoin intleachtúil.

**(62b)** (aistrithe ó aithris (11)) Maidir leis na cúraimí a shanntar leis an Rialachán seo d'údaráis na mBallstát […], don Choimisiún agus don […]Oifig, féadfar a cheangal go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe i gcás inar gá sin chun iarratasóirí i nós imeachta clárúcháin nó i nós imeachta cealaithe a shainaithint, lucht freasúra i nós imeachta freasúra nó tairbhithe na hidirthréimhse a dheonaítear chun maolú ar chosaint ainm chláraithe. […] Dá bhrí sin, is gá sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail. Le haon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo, ba cheart cearta bunúsacha a urramú, lena n-áirítear an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt. **Sa chomhthéacs sin […],** le Rialachán (AE) 2016/679[21] **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a**gus Treoir 2002/58/CE[22] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, **cuirtear oibleagáidí áirithe ar Bhallstáit […], agus ag an am céanna**, le Rialachán (AE) 2018/1725[23] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirtear oibleagáidí áirithe ar an gCoimisiún agus ar an Oifig. **I gcás inarb iad an Coimisiún agus an Oifig a chinneann go comhpháirteach críocha agus modhanna na próiseála sonraí, ba cheart iad a mheas mar rialaitheoirí comhpháirteacha.**

21 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

22 Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7. 2002, lch. 37).

23 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

**(62c)** **Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin cosaint aonfhoirmeach ar thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.**

(63) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh […] **an 2 Meitheamh 2022.**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) clárú, cosaint **agus** […] rialú na n-ainmneacha lena n-aithnítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a mbaineann cáilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile leo atá bainteach lena dtionscnamh geografach agus, […]

(b) tásca geografacha a iontráladh sa chlár idirnáisiúnta arna bhunú faoin gcóras idirnáisiúnta clárúcháin agus cosanta atá bunaithe ar Acht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le Sonrúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha **('Acht na Ginéive')** arna riaradh ag an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha […].

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le deochanna biotáilleacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/787[24] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, fíonta dá […] **dtagraítear** i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013[25] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ná maidir le táirgí talmhaíochta agus earraí bia dá […] **dtagraítear** i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012[26] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. Tá clárú […] agus cosaint tásc geografach gan dochar don oibleagáid atá ar tháirgeoirí rialacha eile de chuid an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe maidir le táirgí a chur ar an margadh, maidir le ceanglais maidir le lipéadú táirgí, sábháilteacht táirgí, cosaint tomhaltóirí agus faireachas margaidh.

---

24 Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1).

25 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

26 Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

4. […] **<u>Ní bheidh feidhm</u>** ag Treoir (AE) 2015/1535[27] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **<u>maidir leis na tásca geografacha a chosnaítear sa Rialachán seo.</u>**

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'táirgí ceardaíochta **<u>agus tionsclaíocha'</u>** táirgí**<u>:</u>**

**<u>(i)</u>** a tháirgtear go hiomlán de láimh nó le cabhair ó uirlisí láimhe nó digiteacha nó trí mhodhanna meicniúla, i gcás inarb é an rannchuidiú díreach de láimh an chomhpháirt is tábhachtaí den táirge críochnaithe; **<u>nó</u>**

**<u>(ii)</u>** […] a tháirgtear ar bhealach caighdeánaithe, ar ollscála de ghnáth agus trí mheaisíní a úsáid;

**<u>(aa)</u>** (aistrithe ó phointe (g)) ciallaíonn 'táirgeoir' oibreoir atá i mbun aon chéime i dtáirgeadh táirge **<u>ceardaíochta agus thionsclaíoch […]</u>**;

(b) *(aistrithe chuig fleasc (ii) de phointe (a))*

(c) *(scriosta)*

(d) ciallaíonn 'grúpa táirgeoirí' aon chomhlachas, is cuma cén fhoirm dhlíthiúil atá aige […], ina bhfuil táirgeoirí […] nó próiseálaithe a bhíonn ag obair leis an táirge céanna;

---

[27] Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

(e) ciallaíonn 'céim tháirgthe' aon chéim den táirgeadh, lena **n-áirítear** próiseáil, **fáil, eastóscadh, gearradh** nó ullmhú, go dtí an pointe […] ag a mbíonn an táirge i bhfoirm a fhéadtar a chur ar an […] margadh inmheánach;

(f) ciallaíonn 'traidisiúnta' agus 'traidisiún', i dtaca le táirge de thionscnamh limistéir gheografaigh, go bhfuil cruthúnas ann gur úsáid táirgeoirí an táirge i bpobal ar feadh tréimhse a bhféadtar an úsáid sin a tharchur ó ghlúin go glúin lena linn;

(g) *(aistrithe chuig pointe (aa))*

(h) ciallaíonn 'téarma cineálach':

(i) ainmneacha táirgí, agus bíodh is go mbaineann siad leis an ionad, leis an réigiún nó leis an tír inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge i dtosach, arb iad an t-ainm coitianta ar an táirge san Aontas anois iad; […]

(ii) téarma […] at**á coitianta san Aontas** a chuireann síos ar chineál an táirge **nó ar shaintréithe** […] an táirge; nó

**(iii)** téarmaí eile nach dtagraíonn do tháirge ar leith;

(i) ciallaíonn 'comhlacht deimhniúcháin táirgí' comhlacht […], **gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil,** dá dtugtar an **cúram […]** a dheimhniú go gcomhlíonann táirgí a ngabhann tásca geografacha leo an tsonraíocht táirge […];

(j) ciallaíonn 'féindearbhú' doiciméad ina léiríonn táirgeoir […] ar a fhreagracht nó ar a freagracht aonair go bhfuil an táirge i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach agus go ndearnadh na rialuithe agus na seiceálacha uile is gá chun comhréireacht a chinneadh mar is ceart chun úsáid dhleathach an táisc gheografaigh a léiriú d'údaráis inniúla na mBallstát;

**(ja) ciallaíonn 'an Oifig' Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) 2017/1001;**

(k) ciallaíonn ‘fógra barúlacha’ breathnóireacht i scríbhinn arna taisceadh leis an Oifig lena léirítear míchruinnis san iarratas gan an nós imeachta cur i gcoinne a thionscnamh;

**(l) ciallaíonn ‘cosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha’ teideal maoine intleachtúla faoin dlí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil lena gcosnaítear go sonrach na hainmneacha lena n-aithnítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a mbaineann cáilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile leo atá bainteach lena dtionscnamh geografach, cé is moite de thrádmharcanna.**

*Airteagal 4*

*[...]*

*(aistrithe chuig Airteagal 62b)*

*Airteagal 5*

***Ceanglais maidir le tásc geografach***

**1.** Chun ainm árthaigh agus táirge thionsclaíoch a cháiliú do chosaint […] 'tásc geografach', comhlíonfaidh an táirge na ceanglais seo a leanas:

(a) […] gur de thionscnamh ionaid, réigiúin nó tíre ar leith é an táirge;

(b) […] a bhfuil a cháilíocht, a chlú nó saintréith eile dá chuid inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh; agus

(c) a dtarlaíonn ceann amháin de na céimeanna táirgthe ar a laghad sa limistéar geografach sainithe.

**2.** **Táirgí atá contrártha leis an mbeartas poiblí, eisiatar iad ó bheith faoi réir cosaint mar gheall ar a dtásc geografach.**

# TEIDEAL II
# TÁSCA GEOGRAFACHA A CHLÁRÚ

## Caibidil 1
## Forálacha Ginearálta

*Airteagal 6*

***Iarratasóir***

1. Is grúpa táirgeoirí a dhéanfaidh […] iarratas ar chlárú táisc gheografaigh […] […].

2. *(aistrithe go mír 3a agus mír 3b)*

3. **De mhaolú ar mhír** 1, […] féadfar táirgeoir aonair a mheas mar iarratasóir […] chun críocha an Teidil seo i gcás ina léirítear go gcomhlíontar gach ceann den dá choinníoll seo a leanas:

   (a) is é an duine lena mbaineann an t-aon táirgeoir atá toilteanach iarratas a chur isteach ar chlárú táisc gheografaigh;

   (b) is le tréithe nádúrtha a shainítear an limistéar lena mbaineann gan tagairt do theorainneacha maoine agus tá airíonna aige atá éagsúil go suntasach le tréithe na limistéar comharsanachta sin nó tá tréithe an táirge éagsúil le **tréithe na dtáirgí** […] a tháirgtear i limistéir chomharsanachta.

3a. **Arna iarraidh sin don ghrúpa táirgeoirí nó don táirgeoir aonair, féadfaidh eintiteas poiblí nó príobháideach cuidiú le hullmhú an iarratais agus leis an nós imeachta gaolmhar.**

3b. **Féadfar údarás áitiúil nó réigiúnach nach ceann de na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 11(1) agus Airteagal 45(1) é, arna ainmniú ag Ballstát, nó eintiteas príobháideach arna ainmniú ag Ballstát, a mheas mar iarratasóir de réir bhrí mhír 1. Luafar san iarratas dá dtagraítear in Airteagal 6a na cúiseanna atá leis an ainmniú sin.**

4. I gcás tásc geografach ina sonraítear limistéar geografach trasteorann, féadfaidh roinnt […] **iarratasóirí as Ballstáit éagsúla, as Ballstáit agus tríú tíortha, nó as tríú tíortha**, iarratas comhpháirteach ar chlárú táisc gheografaigh a thíolacadh […].

***(nua) Airteagal 6a***

***Iarratas***

(aistrithe ó Airteagal 11(3)) Beidh an méid a leanas san iarratas ar **thásc geografach** a chlárú:

(a) an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7;

(b) an doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8; **agus**

(c) an doiciméadacht a ghabhann leis dá dtagraítear in Airteagal 9.

*Airteagal 7*

*Sonraíocht táirge*

1. **<u>Chun go gcosnófar ainm […] táirge ceardaíochta</u>** agus thionsclaíoch mar thásc geografach, […]comhlíonfaidh an **<u>táirge</u>** lena mbaineann an tsonraíocht táirge, lena n-áireofar an méid seo a leanas […]:

   (a) an t-ainm atá le cosaint mar thásc geografach a fhéadfaidh a bheith ina ainm geografach a thugtar ar an láthair táirgthe i gcás táirge sonrach, nó ainm a úsáidtear i réimse na trádála nó sa ghnáthchaint chun tuairisc a thabhairt ar an táirge sonrach sa limistéar geografach sainithe;

   (b) tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear […], **<u>i gcás inarb</u>** iomchuí, na hamhábhair;

   (c) sonraíocht an limistéir gheografaigh shainithe lena gcruthaítear an nasc dá dtagraítear i bpointe (g);

   (d) fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe, agus go dtarlaíonn ceann amháin ar a laghad de na céimeanna táirgthe sa limistéar sin, mar a shonraítear in Airteagal 5(1), pointí (a) agus (c) an táirge;

   (e) tuairisc ar an modh ina dtáirgtear an táirge agus, i gcás inarb iomchuí, ar na modhanna traidisiúnta agus na cleachtais shonracha arna n-úsáid;

   (f) faisnéis maidir le pacáistiú, i gcás ina gcinnfidh an t-iarratasóir […] amhlaidh agus i gcás nach **<u>mór don phacáistiú tarlú sa limistéar geografach sainithe, agus sa chás sin tabharfaidh an t-iarratasóir</u>** bonn cirt leordhóthanach atá sonrach […] don táirge maidir leis an bhfáth nach mór don phacáistiú tarlú sa limistéar geografach **<u>sin […]</u>**;

(g) i gcás inarb iomchuí, an nasc idir cáilíocht, clú nó saintréith eile an táirge agus an tásc geografach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b);

(h) aon riail shonrach a bhaineann le lipéadú an táirge i gceist;

**(ha) tásc agus forálacha sonracha maidir le comhlíonadh aon chéime táirgthe aonair a fhíorú, ar céim í a dhéanann táirgeoir amháin nó níos mó i mBallstát nó i dtríú tír nach é an Ballstát nó an tríú tír dar tionscnamh an tásc geografach;**

(i) ceanglais eile […] a ndéanann […] na Ballstáit nó grúpa táirgeoirí foráil maidir leo, […] de réir mar is infheidhme, ag féachaint don fhíoras nach mór na ceanglais sin a bheith oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhoiriúnach leis an dlí **náisiúnta** agus le dlí an Aontais.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha lena dteorannófar an fhaisnéis atá sa tsonraíocht táirge dá dtagraítear i mír 1, i gcás inar gá an teorainn sin chun iarratais ar chlárú a sheachaint a bheidh rómhór agus chun rialacha maidir le foirm na sonraíochta táirge a sheachaint. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 8*

***Doiciméad aonair***

1. **<u>Cuirfeam an doiciméad aonair i dtoll a chéile agus an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I</u>**I […] á húsáid agus beidh an méid a leanas sa doiciméad sin:

(a) na príomhshonraí atá sa tsonraíocht táirge:

(i) an t-ainm **<u>a iarrtar a chosaint mar thásc geografach;</u>**

(ii) tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, […] **<u>na hamhábhair agus faisnéis maidir le pacáistiú agus lipéadú […];</u>**

(iii) Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach;

(b) tuairisc ar an nasc idir an táirge agus an timpeallacht gheografach nó an tionscnamh geografach dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (g), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na heilimintí sonracha den tuairisc ar an táirge nó den mhodh táirgthe atá ina n-údar leis an nasc sin.

2. […] *(scriosta — toisc go gcuirfear bailchríoch ar fhoirm an doiciméid aonair in Iarscríbhinn II)*

*Article 9*

***Doiciméid a ghabhann leis an iarratas ar chlárú***

1. Beidh na nithe seo a leanas sa doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar chlárú ("doiciméid tionlacain"):

   (a) *(aistrithe chuig pointe (ca))*

   (b) ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra […];

   (c) ainm agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil **dá dtagraítear in Airteagal 5(1)** agus […], **más infheidhme,** comhlacht deimhniúcháin an táirge **nó an duine nádúrtha** atá ag fíorú an chloí le […] sonraíocht an táirge **dá dtagraítear in Airteagail 46(6)(b), 46a(1)(b) agus 46b(b)**;

   **(ca)** faisnéis faoi aon srian atá beartaithe ar úsáid nó ar chosaint an táisc gheografaigh agus, chomh maith le haon bhearta idirthréimhseacha arna moladh ag an iarratasóir […] nó ag an **údarás inniúil** […] náisiúnta, tar éis an nós imeachta scrúdúcháin agus freasúra go háirithe;

   (d) (*scriosta*)

   (e) aon fhaisnéis eile a mheasann an Ballstát […] nó […] an t-iarratasóir a bheith iomchuí.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo […] **ina sonraítear** na ceanglais **a leagtar amach i mír 1** […] *(focail scriosta aistrithe go mír 2a)*.

**2a.** **Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Rialachán seo** lena liostaítear ítimí breise na doiciméadachta tionlacain atá le soláthar.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sainítear formáid agus cur i láthair ar líne na doiciméadachta tionlacain. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 10*

*[…]*

*(scriosta – aistrithe chuig Airteagal 62a)*

## Caibidil 2

## **<u>Céim</u> […] náisiúnta an […] chlárúcháin**

*Airteagal 11*

***Údarás inniúil agus nós imeachta a ainmniú le haghaidh <u>chéim</u>** […] náisiúnta **<u>an chlárúcháin</u>***

1. Gan dochar do mhír 4 den Airteagal seo agus **<u>d'</u>**Airteagal 15, déanfaidh gach Ballstát […] údarás inniúil a ainmniú do […] chéim náisiúnta chlárú […] na dtásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. **<u>Beidh an t-údarás inniúil sin freagrach freisin as céim náisiúnta na nósanna imeachta maidir le haon leasú ar shonraíocht an táirge nó maidir le cealú an chlárúcháin.</u>**

2. Gan dochar do mhír 4 den Airteagal seo agus **<u>d'</u>**Airteagal 15**<u>a(1)</u>**, díreofar iarratas ar thásc geografach **<u>táirge</u>** de thionscnamh an Aontais a chlárú chuig **<u>údarás</u>** […] inniúil an Bhallstáit ina dtionscnaíonn an táirge i dtrácht.

3. *aistrithe chuig Airteagal 6a)*

4. Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó comhaontú go bhfuil an t-údarás inniúil i mBallstát amháin i gceannas ar chéim náisiúnta an chlárúcháin agus ar nósanna imeachta eile **<u>dá dtagraítear i mír 1</u>**, lena n-áirítear iarratas an […] a chur faoi bhráid na hOifige, thar ceann an Bhallstáit eile […] nó thar ceann na mBallstát freisin.

**5.** *(aistrithe ó Airteagal 68(3))* Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Coimisiún **agus don Oifig** faoi *[*[…] dháta […] ***chur i bhfeidhm*** *an Rialacháin seo]* **ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil ainmnithe, agus an t-eolas sin a choimeád cothrom le dáta. Cuirfidh siad an Coimisiún agus an Oifig ar an eolas, faoin dáta céanna,** má chinneann siad dul i gcomhar le chéile **ar bhonn buan** […] **maidir le próiseáil iarratas,** mar […] **a fhoráiltear dó** i […] **mír (4)**.

*Airteagal 12*

***Scrúdú ag na húdaráis*** *[…]* ***inniúla***

**1.** Scrúdóidh an t-údarás inniúil an t-iarratas **lena fhíorú go** gcomhlíonann sé na ceanglais […] dá dtagraítear in Airteagal 5 agus **6** agus **go** soláthraítear **san iarratas** an fhaisnéis is gá le haghaidh clárú, **dá** dtagraítear in Airteagail 7, 8 agus 9.

**2.** **I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán, tabharfaidh sé an deis don iarratasóir an t-iarratas a cheartú nó a chomhlánú laistigh de theorainn ama shocraithe.**

**3.** **I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar an iarratas, nach gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais agus nach soláthraítear ann an fhaisnéis is gá le haghaidh clárú, diúltóidh sé don iarratas. Mura ndéanfar amhlaidh, rachaidh sé ar aghaidh leis an nós imeachta náisiúnta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 13.**

*Airteagal 13*

***Nós imeachta freasúra náisiúnta***

1. […] **Tar éis an scrúdú dá dtagraítear in Airteagal 12(1) a thabhairt chun críche**, seolfaidh an t-údarás inniúil nós imeachta freasúra náisiúnta. Leis an nós imeachta sin […], **déanfar foráil** chun go bhfoilseofar an t-iarratas agus […] forálfar leis do thréimhse **2 mhí** […] ar a laghad ó dháta foilsithe an iarratais ar lena linn a fhéadfaidh aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí […] **sa** […] Bhallstáit atá i gceannas ar chéim náisiúnta an chláraithe nó […] **sna** Ballstáit inar thionscain an táirge lena mbaineann ('freasúra náisiúnta') freasúra i gcoinne an iarratais a chur faoi bhráid an údaráis inniúil […].

2. Bunóidh an t-údarás inniúil na socruithe mionsonraithe […] **don** nós imeachta freasúra […]. Féadfar a áireamh ar na socruithe […] sin […] tréimhse chomhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus gach freasúra náisiúnta, **d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil**. **Toradh comhairliúchán den sórt sin, lena n-áirítear aon athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an iarratas a comhaontaíodh, cuirfidh an t-iarratasóir in iúl iad do na húdaráis inniúla** […].

**3. Beidh aon fhreasúra a thaiscfear bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais freasúra seo a leanas chun go nglacfar leis:**

**(a) nach gcomhlíonann an tásc geografach atá beartaithe na ceanglais maidir le cosaint a leagtar síos sa Rialachán seo;**

**(b) go mbeadh sé contrártha d'Airteagal 37, 38 nó 39(1) an tásc geografach atá molta a chlárú; nó**

**(c)** **go ndéanfadh clárú an táisc gheografaigh atá molta dochar do bheithsine ainm atá comhionann ina iomláine nó i bpáirt a úsáidtear i dtrádáil nó mar chuid de thrádmharc, nó dochar do bheithsine táirgí atá tar éis a bheith ar an margadh go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh an dáta foilsithe dá bhforáiltear i mír 1 .**

*Airteagal 14*

***Cinneadh […] ag an gcéim […] náisiúnta***

1. […] **I gcás** ina gcinnfidh an t-údarás inniúil, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí […] **an nós imeachta** […] freasúra […], **lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme,** aon athruithe ar an iarratas a comhaontaíodh leis an iarratasóir, go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh, déanfaidh sé cinneadh fabhrach agus […]**cuirfidh sé** […] an t-iarratas […], i gcomhréir le hAirteagal **18(1), faoi bhráid na hOifige**. **Mura ndéantar amhlaidh, diúltóidh sé don iarratas.**

2. Cuirfidh an t-údarás inniúil […] a chinneadh ar fáil **go poiblí**. […] **Foilseoidh sé go leictreonacha** an tsonraíocht táirge ar a bhfuil an cinneadh fabhrach uaidh bunaithe […]

**3.** **Beidh sé de cheart ag an iarratasóir agus ag aon pháirtí eile sa nós imeachta freasúra achomharc a thaisceadh i gcoinne an chinnidh a rinneadh faoi mhír 1.**

***<u>(nua) Airteagal 14a</u>***

***Cosaint idirthréimhseach náisiúnta***

*(sean-Airteagal 16)*

1. Féadfaidh Ballstát, ar bhonn sealadach, cosaint idirthréimhseach a bhronnadh ar […]thásc geografach […] ar an leibhéal náisiúnta, le héifeacht ón dáta **<u>a sheoltar</u>** an t-iarratas ar chlárú <u>[…] **chuig**</u> an Oifig.

2. Tiocfaidh deireadh leis an gcosaint náisiúnta shealadach ar an dáta a nglacfar cinneadh maidir leis an iarratas ar chlárú nó an dáta a dtarraingeofar siar an t-iarratas.

3. I gcás nach bhfuil tásc geografach cláraithe faoin Rialachán seo, is ar an mBallstát lena mbaineann amháin a bheidh an fhreagracht as iarmhairtí cosanta idirthréimhsí náisiúnta den sórt sin.

4. Is ar an leibhéal náisiúnta amháin a bheidh éifeachtaí ag na bearta a dhéanfaidh na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus ní bheidh aon éifeacht acu ar mhargadh inmheánach an Aontais ná ar an trádáil idirnáisiúnta.

# <u>Caibidil 2a</u>

# <u>Maolú ar chéim náisiúnta an chlárúcháin</u>

*Airteagal 15*

*[…]* ***<u>Maolú ar an gcéim náisiúnta</u>***

1. De mhaolú ar Airteagal 11, tabharfar de chumhacht don Choimisiún Ballstát a dhíolmhú ón oibleagáid údarás inniúil a ainmniú […] i gcomhréir le hAirteagal 11(1) agus iarratais **<u>ar</u>** thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha **<u>a phróiseáil</u>** ar an leibhéal náisiúnta, más rud é go ndéanann an Ballstát, faoi [**<u>dhá mhí dhéag</u>** roimh dháta **<u>theacht i bhfeidhm</u>** *an Rialacháin seo*], fianaise a sholáthar don Choimisiún […] a léiríonn go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) níl **<u>cosaint shonrach</u>** […] náisiúnta […] ag an mBallstát lena mbaineann do **<u>thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha</u>**; agus

   (b) cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh ar […] **<u>mhaolú</u>**, a mbeidh measúnú ag gabháil léi, faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar nach bhfuil an leas áitiúil a bhaineann le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint le tásc geografach íseal.

2. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát sula nglacfaidh sé […] **<u>c</u>**inneadh maidir leis an maolú dá dtagraítear i mír 1.

3. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(1))*

4. Féadfaidh Ballstát a bhfuil an maolú […] **deonaithe dóibh** i gcomhréir le mír 1 a chinneadh […] a rogha diúltaithe a tharraingt siar agus údarás inniúil a ainmniú le haghaidh […] **na céime náisiúnta den chlárú** le haghaidh tásca geografacha i gcás táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Ní dhéanfaidh **tarraingt siar** […] den sórt sin difear d'aon nósanna imeachta clárúcháin atá ar siúl. Cuirfidh an Ballstát […] an Coimisiún ar an eolas **i scríbhinn** maidir lena chinneadh rogha an diúltaithe a tharraingt siar.

5. Má théann líon na n-iarratas díreach arna gcur isteach ag iarratasóirí ó Bhallstát a roghnaigh é a dhéanamh go substaintiúil thar an meastachán a tugadh sa mheasúnú a chuir an Ballstát isteach de bhun mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh […] **an maolú arna dheonú i gcomhréir le mír 1 dá dtagraítear i mír 1** a tharraingt siar.

6. […].**Aon** Bhallstát a bheidh **maolú deonaithe dó de bhua mhír 1**, **ceapfaidh sé pointe teagmhála aonair**, **atá** neamhspleách ar an iarratasóir agus **atá neamhchlaonta**, le haghaidh saincheisteanna teicniúla ar bith a bhaineann leis an táirge agus leis an gcur i bhfeidhm, **agus cuirfidh sé na sonraí teagmhála ábhartha ar fáil don Choimisiún agus don Oifig.**

7. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(4))*

8. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(5))*

9. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(6))*

10. *(aistrithe chuig míreanna (4)(a) agus (5) d'Airteagal 62a)*

11. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(2))*

12. *(scriosta)*

13. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(3))*

14. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(7))*

15. Na Ballstáit a mbeidh an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo á chur i bhfeidhm acu, ní bheidh siad díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail […] **44a** go 58 […].

16. *(aistrithe chuig Airteagal 15a(9))*

***(nua) Article 15a***

***Clárú díreach***

**1.** *(aistrithe ó Airteagal 15(3))* **I gcás** ina mbeidh an maolú **deonaithe** do Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 15(1), i gcás aon iarratas ón **iarratasóir** ón mBallstát sin ar chlárú, cur ar ceal nó leasú ar an tsonraíocht táirge a bhaineann le tásc geografach **táirge** de thionscnamh an Aontais, seolfaidh **an t-iarratasóir** an t-iarratas chuig an Oifig go díreach.

**2.** *(aistrithe ó Airteagal15(11))* […] […] Beidh feidhm ag **Airteagal 12, Airteagal 14(2) agus Airteagail 19 agus 21 go dtí 30, *mutatis mutandis*,** ar nós imeachta an chlárúcháin dhírigh dá dtagraítear san Airteagal seo, […] ach amháin i gcás tréimhsí scrúdúcháin ar bith dá dtagraítear in Airteagal 19([…]**3**) […].

**3.** (*aistrithe ó Airteagal 15(13*)) Sa nós imeachta clárúcháin dhírigh, féadfaidh aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige, **lena n-áirítear freasúra náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 13(1)**, agóid a chur faoi bhráid na hOifige i gcomhréir le hAirteagal 21.

**4.** *(aistrithe ó Airteagal 15(7))* Déanfaidh an Oifig cumarsáid leis an iarratasóir agus leis an bpointe teagmhála **aonair** dá dtagraítear in […] **Airteagal 15(**6**)** maidir le haon saincheisteanna teicniúla a bhaineann leis an iarratas.

**5.** *(aistrithe ó Airteagal 15(8))* Arna iarraidh sin don Oifig, laistigh […] de **2 mhí** ón iarraidh sin a fháil, tabharfaidh an Ballstát, tríd an **bpointe teagmhála aonair** […], cúnamh do phróiseas an scrúdaithe go háirithe. Arna iarraidh sin don Bhallstát, féadfar síneadh […] **dhá mhí** a chur leis an teorainn ama. Áireofar ar an gcúnamh sin scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha áirithe de na hiarratais arna dtaisceadh ag an iarratasóir leis an Oifig, faisnéis áirithe sna hiarratais a fhíorú, dearbhuithe a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a eisiúint agus freagra a thabhairt ar iarrataí eile ar shoiléirithe arna ndéanamh ag an Oifig i ndáil leis na hiarratais**.**

**6.** *(aistrithe ó Airteagal 15(9)* Mura gcuirfidh an Ballstát cúnamh ar fáil, tríd an **bpointe teagmhála aonair** […], laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír […] **5**, **cuirfear an nós imeachta clárúcháin ar fionraí go ceann suas le sé mhí. Mura gcuirfear an cúnamh thuasluaite ar fáil laistigh den tréimhse sé mhí sin, rachaidh an Rannán Tásc Geografach dá dtagraítear in Airteagal 32 i gcomhairle leis an mBord Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 33 sula ndéanfaidh siad cinneadh deiridh** ar an iarratas.

**7.** *(aistrithe ó Airteagal 15(4))* Ní bheidh feidhm ag an Airteagal […].sin maidir le hiarratais ar **thásc geografach a chlárú i dtaca le táirge de thionscnamh** tríú tír.

**8.** **Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear na critéir don nós imeachta clárúcháin dhírigh.**

**9.** *(aistrithe ó Airteagal 15(16))* Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme […].a ghlacadh **ina leagtar síos rialacha** maidir leis na nósanna imeachta agus tíolacadh […].iarratas díreach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 16*

*[…]*

*(scriosta – aistrithe chuig Airteagal 14a)*

# Caibidil 3

## Céim […] an Aontais den […] chlárú

### ROINN 1

### NÓSANNA IMEACHTA AR […] LEIBHÉAL […] AN AONTAIS

*Airteagal 17*

***Céim an Aontais den chur i bhfeidhm***

**Le nósanna imeachta ar leibhéal an Aontais, cumhdaítear an méid seo a leanas:**

**(a) céim an Aontais d'iarratas arna chur isteach ag údarás inniúil Ballstáit tar éis do chinneadh fabhrach a bheith déanta maidir leis an iarratas ag an gcéim náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14(1);**

**(b) próiseáil iarratais dhírigh arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 15a; nó**

**(c) próiseáil iarratas ar thásc geografach a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír, seachas tásca geografacha atá faoi chosaint san Aontas faoi Acht na Ginéive, nó faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann.**

1. *(curtha isteach in Airteagal 18(1))*

2. *(aistrithe chuig Airteagal 18(3))*

3. *(aistrithe chuig Airteagal 18(2a))*

4. *(aistrithe chuig Airteagal 18(2b))*

5. *(aistrithe chuig Airteagal 18(2c))*

6. *(aistrithe chuig Airteagal 18(3a))*

*Article 18*

***<u>Céim</u> […] sheoladh an <u>iarratais</u> chuig an Aontas***

1. […]**<u>I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 7(a)</u>** seolfaidh údarás inniúil an Bhallstáit […] lena mbaineann iarratas ar chlárú tásc geografach a bhaineann le **<u>táirge de thionscnamh an Aontais</u>**[…], chuig an Oifig. *(clárú díreach aistrithe chuig mír 1a; ríomhthíolacadh aistrithe chuig mír 2d; abairt maidir leis an gcóras digiteach aistrithe go hAirteagal 64(2))*

*(Aistrithe ó Airteagal 17(1))* […] Beidh an méid a leanas **<u>san iarratas</u>**:

(a) an doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8;

(b) an doiciméadacht tionlacain dá dtagraítear in Airteagal 9;

(c) dearbhú ón mBallstát ar cuireadh an t-iarratas chuige ar dtús, ina ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-iarratas na coinníollacha maidir le clárú faoin Rialacháns seo;

(d) an […] tagairt **<u>d'fhoilsiú leictreonach</u>** na sonraíochta táirge […] **<u>a fhoilseofar i gcomhréir le</u>** Airteagal […] **<u>14(2)</u>**.

**<u>1a. Déanfaidh an t-iarratasóir iarratas ar chlárú díreach de bhun Airteagal 15a, dá dtagraítear in Airteagal 17(b), a chur faoi bhráid na hOifige, agus beidh na doiciméid a liostaítear in Airteagal 6a san áireamh ann.</u>**

2. **<u>I gcásanna dá dtagraítear in Airteagl 17(c)</u>** […].seolfar iarratas ar thásc geografach **<u>a bhaineann le táirge de thionscnamh</u>** tríú […].tír […]., chuig an Oifig […].go díreach ón iarratasóir […].nó ó údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann,**<u>cibé acu a cheadaíonn an tríú tír féin.</u>** *(an dara habairt d'Airteagal 18(2) scriosta – cumhdaithe le hAirteagal 64(2), i gcomhar le hAirteagal 17(c))* Measfar an t-iarratasóir […] agus **<u>údarás</u>** […] inniúil an tríú tír lena mbaineann **<u>a bheith</u>** […] ina bpáirtithe […] sa nós imeachta.

**<u>2a.</u>** *(aistrithe ó Airteagal 17(3))* […] Beidh an méid seo a leanas in iarratas ar chlárú […] a sheolfar chuig an Oifig **<u>de bhun mhír 2</u>** […]:

(a) an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal (7) […];

(b) an doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8;

(c) an doiciméadacht tionlacain dá dtagraítear in Airteagal 9;

(d) cruthúnas dlíthiúil ar chosaint an táisc gheografaigh i dtír a thionscnaimh;

(e) cumhacht aturnae i gcás ina ndéanann gníomhaire ionadaíocht ar an iarratasóir.

**<u>2b.</u>** *(aistrithe ó Airteagal 17(4))* Déanfaidh **<u>údarás inniúil</u>** ceann amháin de na Ballstáit lena mbaineann nó,**<u> i gcás nach mbaineann an limistéar trasteorann ach le tríú tíortha</u>**, an t-iarratasóir […] i dtríú tír iarratas comhpháirteach ar chlárú **<u>dá</u>** dtagraítear in Airteagal 6(4) a chur isteach, go díreach nó trí údarás inniúil an tríú tír sin. Má bhaineann an limistéar trasteorann le haon […] Bhallstát agus tríú tír, is é **<u>údarás inniúil an</u>** Ballstát lena mbaineann a thíolacfaidh an t-iarratas comhpháirteach.

**2c.** *(aistrithe ó Airteagal 17(5))* […] Áireofar san iarratas comhpháirteach **dá** dtagraítear in Airteagal 6(4), […] **i gcás inarb infheidhme**, na doiciméid a liostaítear i mír 1, **1a** agus mír 2**a** den Airteagal seo, ó na Ballstáit nó ó na tríú tíortha lena mbaineann. Cuirfear **céim** ghaolmhar náisiúnta an nós imeachta […] dá dtagraítear in Airteagail 11, 12 agus 13 […] **i gcrích** sna Ballstáit go léir […] lena mbaineann, **ach amháin sa chás a bheidh Airteagal 11(4) i bhfeidhm**.

**2d.** *(aistrithe ó Airteagal 18(1)* Cuirfear **an** t-iarratas isteach go leictreonach, **trí úsáid a bhaint as** córas digiteach **na hOifige dá dtagraítear in Airteagal 64**.

3. Agus an t-iarratas faighte aici, **taispeánfaidh** an Oifig […] **go poiblí é** i gClár an Aontais um thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha **('Clár an Aontais') dá dtagraítear in Airteagal 34a**. Coimeádfar an […] **tsonraíocht táirge** dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 […] **cothrom le dáta**. *(an abairt dheireanach aistrithe ó Airteagal 17(2))*

**3a.** *(aistrithe ó Airteagal 17(6))* Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainítear nósanna imeachta agus coinníollacha is infheidhme maidir le […] hiarratais ar chlárú **ag céim an Aontais** a ullmhú agus a chur isteach.

**3b.** *(aistrithe ó Airteagal 17(7)* Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta, le foirm agus le cur i láthair na n-iarratas […] ar chlárú **ag céim an Aontais**, lena n-áirítear le haghaidh na n-iarratas a bhaineann le níos mó ná críoch náisiúnta amháin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 19*

***Scrúdú agus foilsiú le haghaidh freasúra***

1. […] **Sa scrúdú a dhéanfaidh sí ar** iarratas ar chlárú a gheofar faoi Airteagal […] **18** […], déanfaidh **an Oifig** na nithe seo a leanas […] a sheiceáil:

   (a) nach bhfuil aon earráidí follasacha ann;

   (b) go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar […] […] **de bhun** Airteagal […] **18(1), (1a) agus (2a), de réir mar is infheidhme,** iomlán; agus

   (c) go mbeidh an doiciméad aonair beacht agus teicniúil agus i gcomhréir le hAirteagal 8.

2. **Déanfaidh an Rannán Tasc Geografach dá dtagraítear in Airteagal 32** an scrúdú **de bhun mhír 1 agus** cuirfear san áireamh ann toradh an […] nós imeacht náisiúnta arna gcur i gcrích ag na Ballstáit lena mbaineann, ach amháin má tá Airteagal 15**a** […] **i bhfeidhm.**

3. **Déanfar** […] an scrúdú […] de bhun mhír 1 **laistigh de thréimhse** 6 mhí. […] **I gcás inar faide** an tréimhse sin ná 6 mhí nó inar dóchúil gur faide ná […] **6** mhí í, cuirfidh an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoi chúiseanna na moille […].

4. Féadfaidh an Oifig faisnéis bhreise a lorg ó **údarás inniúil an** Bhallstáit lena mbaineann. Más […] **iarratasóir** ó thríú tír nó údarás inniúil tríú tír atá ag taisceadh an iarratais, **beidh ar** an […] **iarratasóir** nó ar an údarás inniúil sin faisnéis fhorlíontach a chur ar fáil i gcás ina n-iarrfaidh […] an Oifig air déanamh amhlaidh.

5. Nuair a rachaidh an […] **<u>Rannán Tasc Geografach</u>** i gcomhairle leis an mBord Comhairleach […] dá dtagraítear in Airteagal 33, tabharfar fógra faoin méid sin don iarratasóir agus cuirfear an tréimhse dá dtagraítear i mír […] **3** den Airteagal seo ar fionraí.

6. I gcás go measann an Oifig, i bhfianaise an scrúdaithe arna dhéanamh de bhur mhír 1, go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó mícheart, cuirfidh an Oifig a barúlacha ar aghaidh chuig údarás **<u>inniúil</u>** an Bhallstáit nó, i gcás iarratais ó thríú […] tír, chuig an[…] **<u>iarratasóir</u>** nó chuig an údarás inniúil a sheol an […] t-iarratas **<u>chuig an Oifig</u>**[…], agus iarrfaidh sí go gcomhlánófar nó […].go gceartófar an t-iarratas laistigh de […].**<u>dhá mhí</u>**. Mura gcomhlánóidh nó **<u>mura gceartóidh</u>** an Ballstát, nó i gcás iarratais ó thríú tír, an t-iarratasóir nó an t-údarás inniúil lena mbaineann, an t-iarratas roimh an sprioc-am, diúltófar don iarratas, de bhun Airteagal 24(2). **<u>Arna iarraidh sin, féadfar síneadh dhá mhí a chur leis an teorainn ama.</u>**

7. I gcás ina measfaidh an Oifig, mar gheall ar an scrúdú arna dhéanamh de bhun mír 1, go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo comhlíonta, foilseoidh sé, chun críocha freasúra, i gclár an Aontais,[…].an doiciméad aonair agus an tagairt d'fhoilsiú leictreonach shonraíocht an táirge **<u>a fhoilseofar i gcomhréir le hAirteagal 14(2)</u>** […] […]. Foilseofar an doiciméad aonair i dteangacha oifigiúla an Aontais.

*Airteagal 20*

*[…] **Agóid** […]* ***<u>in aghaidh an chinnidh ag an gcéim náisiúnta</u>***

1. Coinneoidh **<u>údarás inniúil an</u>** Bhallstáit […] an Oifig ar an eolas maidir le haon nós imeachta náisiúnta riaracháin nó breithiúnach **<u>i gcoinne chinneadh an údaráis inniúil sin</u>** a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chlárú táisc gheografaigh.

2. Díolmhófar an Oifig ón oibleagáid cloí leis an spriocdháta […] chun an scrúdú a **<u>chur i gcrích</u>** a leagtar síos in Airteagal 19 ([…] **<u>3),</u>** agus […] **<u>cuirfidh</u>** sí an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis na cúiseanna don mhoill, i gcás […] ina ndéanann **<u>údarás inniúil</u>** Ballstáit an méid seo a leanas […]:

   (a) cuireann sé in iúl don Choimisiún go ndearnadh an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 14(1) a neamhbhailíochtú ar an leibhéal náisiúnta trí chinneadh **<u>riaracháin nó</u>** breithiúnach is infheidhme láithreach ach nach cinneadh riaracháin nó breithiúnach críochnaitheach é; nó

   (b) iarrann sé ar an Oifig an scrúdú a chur ar fionraí toisc gur tionscnaíodh imeachtaí náisiúnta riaracháin nó breithiúnacha chun agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht an iarratais […].

3. *(aistrithe go mír 4a)*

4. […] **<u>Nuair</u>** a bheidh an cinneadh **<u>riaracháin nó</u>** breithiúnach dá dtagraítear i mír 2 […] **<u>críochnaitheach</u>**, **<u>cuirfidh</u>** […] **<u>údarás inniúil</u>** an Bhallstáit **<u>an Oifig ar an eolas dá réir sin.</u>**

**<u>4a.</u>** *(aistrithe ó mhí 3)* Beidh feidhm ag an díolúine a leagtar amach i mír 2 go dtí go gcuirfidh **<u>údarás inniúil an</u>** Bhallstáit in iúl don Oifig […] **<u>nach ann</u>** don **<u>chúis</u>** leis **<u>an</u>** bhfionraí **<u>a thuilleadh</u>**.

*Airteagal 21*

***Nós imeachta freasúra agus tráchtaí***

1. Laistigh de […] **3** mhí ó dháta foilsithe an doiciméid aonair agus na […] sonraíochta táirge i gclár an Aontais […]**,** féadfaidh freasúrach cur i gcoinne nó fógra tráchtaireachta a thaisceadh leis an Oifig. Measfar gurb iad an t-iarratasóir agus an freasúróir **na** páirt[…]**ithe** sa nós imeachta.

2. Féadfaidh **údarás** […]inniúla Ballstáit, nó i dtríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír nó i mBallstát eile a bheith ina bhfreasúróir […]**, cé is moite** d'fhreasúróir náisiúnta […] **dá dtagraítear in** Airteagal 13(1).

3. Is é an Oifig a dhéanfaidh inghlacthacht an fhreasúra a sheiceáil**, i gcomhréir le hAirteagal 22**. *(an chuid eile den mhír seo aistrithe go mír 3a)*

**3a.** […] **I gcás ina** measann […] an Oifig go bhfuil an freasúra […] **le bheith** inghlactha, tabharfaidh sí cuireadh don fhreasúróir agus don iarratasóir, […] laistigh de **2 mhí** tar éis […] an freasúra sin a fháil, dul i mbun comhairliúcháin ar feadh tréimhse réasúnach nach faide ná […] **3** mhí. Tráth ar bith le linn na tréimhse sin, féadfaidh an Oifig, ar iarratas ó cheachtar páirtí, síneadh nach faide ná […] **3** mhí a chur leis an teorainn ama le haghaidh na gcomhairliúchán. Féadfaidh an Oifig idirghabháil a thairiscint do na comhairliúcháin idir an t-iarratasóir agus an freasúróir de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017 […]/1001 […].

4. **Le linn an chomhairliúcháin,** cuirfidh an t-iarratasóir agus an freasúróir […] an fhaisnéis ábhartha ar fáil dá chéile chun measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

5. Féadfaidh an […] **Rannán Tásca Geografacha**, ag céim ar bith den nós imeachta freasúra, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach […] dá dtagraítear in Airteagal 33, agus sa chás sin cuirfear an tréimhse dá dtagraítear i mír […] **3a** ar fionraí.

6. Laistigh de […] mhí **amháin** ó dheireadh na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír […] **3a**, **cuirfidh** an t-iarratasóir **toradh** na gcomhairliúchán in iúl **don Oifig** […].

7. I gcás, tar éis dheireadh na gcomhairliúchán, gur modhnaíodh na sonraí a foilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 19([…]7), déanfaidh an Oifig scrúdú nua ar an iarratas modhnaithe. I gcás ina modhnaítear an t-iarratas ar chlárú ar bhealach substaintiúil, agus más é breith na hOifige go gcomhlíonann an t-iarratas modhnaithe na coinníollacha maidir le clárú, foilseoidh sé an t-iarratas athuair i gcomhréir le […] h**Airteagal 19(7)**.

8. Na húdaráis agus na daoine […] **atá cáilithe gníomhú** mar fhreasúróir, féadfaidh siad fógra tráchtaireachta a thaisceadh **leis an Oifig** **dá dtagraítear in Airteagal 3(k)** […]. **Ní bheidh fógra tráchta den sórt sin bunaithe ar na forais cur i gcoinne dá dtagraítear in Airteagal 22.** Ní mheasfar gur páirtí sa nós imeachta é an t-údarás inniúil nó an duine a thaisc fógra tráchta.

9. **Roinnfidh** an Oifig an fógra tráchta […] leis an iarratasóir […].

10. Chun bainistiú […] an nós imeachta freasúra a éascú, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos […] rialacha […] **maidir le** fógra tráchta den sórt sin […] a chur isteach agus lena sonraítear formáid agus cur i láthair ar líne […] **an fhógra** tráchta […]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 22*

***Inghlacthacht […] le cur i gcoinne***

1. Ní bheidh freasúra arna thaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 21 inghlactha ach amháin má tá […] **an fhaisnéis uile ann a shonraítear san** fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn […] **III, agus má tá sé bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas le cur i gcoinne:** […]

[…] (a) nach gcomhlíonann an tásc geografach […] **arna iarraidh** na ceanglais maidir le cosaint a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) go mbeadh sé contrártha d'Airteagal 37 […] **agus** 38 nó **Airteagal** 39**(1)** an tásc geografach […] **arna iarraidh** a chlárú; **nó**

(c) go ndéanfadh clárú an táisc gheografaigh […] **arna iarraidh** dochar do bheithsine ainm […] a […] **úsáidtear i réimse na trádála** nó trádmhairc atá comhionann […] nó **comhchosúil** nó dochar do bheithsine táirgí […] **atá** tar éis a bheith ar an margadh go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilsithe **an iarratais** dá bhforáiltear in Airteagal 18(3).

2. *(aistrithe go mír 1)*

3. […] *(an chéad abairt aistrithe go páirteach go hAirteagal 24(5))* **Diúltófar do chur i gcoinne nach bhfuil inghlactha i gcomhréir le mír 1.**

*Airteagal 23*

***Idirthréimhse maidir le tásc […] geografach a úsáid***

1. Gan dochar d'Airteagal […] **39(3) go (7)**, tráth cláraithe **an táisc gheografaigh**, féadfaidh an Oifig a chinneadh idirthréimhse suas le […] **5** bliana a dheonú do tháirgí ar lena linn is féidir leanúint d'ainmniúchán faoina ndearnadh táirge a mhargú a úsáid […] i gcás táirgí de thionscnamh Ballstáit nó tríú tír, **ar** ainmniúchán é a chuimsíonn ainm atá contrártha d'Airteagal 35, nó ina bhfuil ainm den sórt sin, ar choinníoll […] **gur léiríodh** an méid seo a leanas le hagóid inghlactha, faoi Airteagal 13 nó Airteagal 21, i gcoinne an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh a ndéantar a chosaint a shárú:

(a) le clárú an táisc gheografaigh lena mbaineann, go gcuirfí i mbaol beithsine ainm atá comhionann […] nó ainm **comhchosúla a úsáidtear i réimse na trádála** in ainmniú an táirge; **nó**

(b) go ndearnadh na táirgí sin a mhargú go dleathach faoin ainm atá in ainmniú an táirge sa chríoch lena mbaineann ar feadh 5 bliana ar a laghad roimh fhoilsiú **an iarratais** dá bhforáiltear in Airteagal 18(3).

2. Féadfaidh an Oifig a chinneadh síneadh suas le 15 bliana **san iomlán** a chur leis an idirthréimhse a deonaíodh faoi mhír 1, nó […] úsáid leanúnach ar feadh suas le 15 bliana a cheadú, ar choinníoll go léireofar, anuas air sin, an méid seo a leanas:

(a) go raibh an t-ainm san ainmniú dá dtagraítear i mír 1 in úsáid go dleathach, go leanúnach agus go cóir ar feadh 25 bliana ar a laghad sular cuireadh an t-iarratas ar chlárú an táisc gheografaigh lena mbaineann, faoi bhráid na hOifige;

(b) níorbh é ba chuspóir, ag am ar bith, d'úsáid an ainm san ainmniú dá dtagraítear i mír 1 tairbhe a bhaint as cáil ainm an táirge arna chlárú mar thásc geografach; agus

(c) níor cuireadh an tomhaltóir ar míthreoir ná ní fhéadfaí é a chur ar míthreoir maidir le fíorthionscnamh an táirge.

3. […] **<u>D</u>**éanfar cinntí lena ndeonaítear **<u>nó lena gcuirtear síneadh le</u>** hidirthréimhse, dá dtagraítear i míreanna 1 **<u>agus 2</u>**, a fhoilsiú i gclár an Aontais […].

4. Agus ainmniúchán dá dtagraítear i mír 1 á úsáid, beidh sonraíocht na tíre tionscnaimh le feiceáil go soiléir agus go sofheicthe ar an lipéad.

5. […] **<u>I bhfianaise</u>** an chuspóra fhadtéarmaigh a áirithiú go gcomhlíonfaidh na táirgeoirí táirge uile […] **<u>arna chosaint ag</u>** thásc geografach sa limistéar lena mbaineann sonraíocht ghaolmhar an táirge, féadfaidh Ballstát idirthréimhse suas le […] **<u>10</u>** mbliana le haghaidh comhlíonadh a dheonú, […] **<u>le</u>** héifeacht ón dáta a taisceadh an t-iarratas leis an gCoimisiún, ar choinníoll go raibh na táirgí i dtrácht á margú go dleathach ag na hoibreoirí lena mbaineann, agus na hainmneacha sin in úsáid acu, go leanúnach, ar feadh […] **<u>5</u>** bliana roimhe sin ar a laghad sular taisceadh an t-iarratas le **<u>húdarás</u>** […] **<u>inniúil</u>** an Bhallstáit sin agus gur dúradh sin sa nós imeachta náisiúnta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 13.

6. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 5, **<u>cé is moite den ghá go n-ardófaí úsáid an ainm sa nós imeachta freasúra náisiúnta</u>**, maidir le tásc geografach a thagraíonn do limistéar geografach atá suite i dtríú tír […].

*Airteagal 24*

***Cinntí [...] ón Oifig maidir leis an iarratas ar chlárú***

1. *(scriosta)*

2. Más rud é, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil don Oifig ón ngrinnscrúdú arna dhéanamh de bhun Airteagal 19, go measann an Oifig nach gcomhlíontar aon cheann de na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal sin, diúltóidh sé […] don […] iarratas ar chlárú.

3. Más rud é**,** [...] **ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil don Oifig ón scrúdú arna dhéanamh de bhun Airteagal 19**, go measann an Oifig **gur comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo** […] agus nach **bhfaighfear** aon [...] chur i gcoinne inghlactha, cláróidh […] an Oifig [...] **an tásc geografach**.

4. I gcás ina bhfaighidh an Oifig cur i gcoinne atá inghlactha […], agus tar éis na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 21(3**a**), tar éis teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Oifig […], tar éis di a sheiceáil go bhfuil an comhaontú i gcomhréir le dlí an Aontais, an […] **tásc geografach** […] a chlárú. Más gá, […] **i gcás** leasuithe neamhshubstaintiúla dá dtagraítear in Airteagal 28(2), pointe (b), déanfaidh […] an Oifig an fhaisnéis a foilsíodh de bhun Airteagal 19([…]**7**) a leasú […].

5. I gcás ina bhfuarthas […] cur i gcoinne inghlactha**,** ach nár thángthas ar chomhaontú tar éis na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 21(3**a**), déanfaidh an Oifig **scrúdú maidir le cibé an bhfuil foras leis an gcur i gcoinne nó nach bhfuil**. **Déanfaidh an Oifig measúnú ar na forais le cur i gcoinne i ndáil le críoch an Aontais. Bunaithe ar an measúnú sin,** […] **diúltóidh an Oifig don fhreasúra agus cláróidh sí an t-ainm atá faoi chosaint mar thásc geografach** [...]**, nó diúltóidh sí don iarratas.**

6. **Sonrófar** [...] i gcinntí **ón Oifig** maidir le clárú a dhéanfar de bhun mhíreanna 3 go 5 […] i gcás inarb iomchuí, […] aon choinníollacha is infheidhme maidir leis an gclárú agus**, i gcás aon leasuithe riachtanacha atá neamhshubstaintiúil,** [...] **athfhoilseofar**, chun críocha faisnéise, […] an fhaisnéis a foilsíodh **cheana féin** [...] **i gclár an Aontais** de bhun Airteagal 19(7) […].

7. Foilseofar cinntí arna nglacadh ag an Oifig i gclár an Aontais […] i dteangacha oifigiúla […] an Aontais. Déanfar […] an tagairt don chinneadh arna fhoilsiú i gclár an Aontais […] a fhoilsiú **i dteangacha oifigiúla an Aontais** in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 25*

***Cinneadh [...] ón gCoimisiún***

1. Maidir le hiarratais ar chlárú dá dtagraítear in Airteagal 17, féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith roimh dheireadh an nós imeachta, ar a thionscnamh féin, [...] **nó arna iarraidh sin d'údarás inniúil** Ballstáit nó **don** Oifig, an chumhacht a ghlacadh chuici féin cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar [...] **thásc geografach a chlárú i gcás ina bhféadfadh** [...] **clárú an táisc gheografaigh iarrtha a bheith contrártha** don **bheartas** poiblí [...], nó **ina bhféadfadh a chlárú nó a dhiúltú dochar a dhéanamh** do chaidreamh trádála nó seachtrach an Aontais. *(an dá habairt dheireanacha den mhír seo aistrithe go mír 1a agus 1b)*

**1a.** **I gcás, de bhun mhír 1, go bhfuil an nós imeachta glactha ag an gCoimisiún,** [...] cuirfidh **an** Oifig **dréacht** [...] **ar fáil** don Choimisiún maidir leis **an** gcinneadh [...] **dá dtagraítear i míreanna 2 go 6** d'Airteagal 24 [...].

**1b.** Glacfaidh an Coimisiún **aon chinneadh chun seilbh a ghlacadh ar an nós imeachta, dá dtagraítear i mír 1, agus** [...] **aon chinntí** maidir leis an iarratas ar chlárú**, dá dtagraítear i mír 1a, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2) agus foilseofar iad i gclár an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 34a.**

**1c.** [...] **B**eidh feidhm ag míreanna **1, 1a agus 1b** [...], *mutatis mutandis*, maidir le **tásc geografach** a chealú agus [...] maidir le **haon** leasú [...] **ar** an tsonraíocht táirge.

**1d.** *(aistrithe ó mhír 3)* **Chun críocha mhíreanna 1, 1a agus 1b,** áiritheoidh an Oifig go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún**, tríd an gcóras digiteach dá dtagraítear in Airteagal 64**, ar [...] dhoiciméid [...] a bhaineann le hiarratais ar chlárú, le haon leasuithe [...] **ar** an tsonraíocht táirge agus le cealuithe [...].

2. […] **G**lacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme […] **lena leagfar amach** na **nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cásanna dá dtagraítear i mír 1** […]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2) […].

3. *(aistrithe go mír 1d)*

*Airteagal 26*

*[…]*

*(scriosta – aistrithe go hAirteagal 34a)*

*Airteagal 27*

*[…]*

*(scriosta – aistrithe go hAirteagal 14a)*

*Airteagal 28*

***Leasuithe ar shonraíocht táirge***

1. **Féadfaidh an t-iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm, nó** grúpa táirgeoirí **nó táirgeoir** a bhfuil leas dlisteanach aige, [...] a **iarraidh** go bhformheasfaí leasú ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh chláraithe.

2. Déanfar leasuithe ar shonraíocht táirge a aicmiú in dhá chatagóir:

   (a) […] leasuithe **substaintiúla dá dtagraítear i mír 3**, lena gceanglaítear nós imeachta freasúra ar leibhéal an Aontais**;** agus

   (b) […] leasuithe neamhshubstaintiúla**,** a gcaithfear déileáil leo ar leibhéal an Bhallstáit nó ar leibhéal tríú […] tír.

3. Measfar gur leasú […] **substaintiúil** de chuid an Aontais é leasú má bhaineann sé le hathbhreithniú ar an doiciméad aonair agus má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go bhfolaíonn an leasú athrú ar ainm **an táisc gheografaigh**, nó úsáid an ainm […]**;**

   (b) go bhfuil an baol ann […] go mbainfeadh an leasú **an bonn** den nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair […]**; nó**

   (c) má ghabhann tuilleadh srianta leis i dtaca le margaíocht a dhéanamh ar an táirge.

4. **Agus leasuithe substaintiúla á scrúdú, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag céimeanna na céime náisiúnta agus céimeanna chéim an Aontais mar a leagtar amach in Airteagail 6, 12 go 15, agus Airteagail 19 go 25.** Is í […] an Oifig nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 25, an Coimisiún, a […] **dhéanfaidh** **cinntí maidir le** […] leasuithe **substaintiúla**. […].

5. Aon […] leasú ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh chláraithe […]**, seachas na leasuithe sin dá dtagraítear i** mír 3, measfar gur […] **leasú neamhshubstaintiúil** é, **a thiocfaidh faoi inniúlacht na mBallstát nó na dtríú tíortha ar ar a gcríoch a thionscnaítear an táirge. Cuirfear leasuithe neamhshubstaintiúla, a luaithe a fhormheasfar iad, in iúl don Oifig. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 15a, formheasfaidh an Oifig leasuithe neamhshubstaintiúla.**

6. Maidir le **hiarrataí […]** ar leasuithe dá dtagraítear i mír 2, arna gcur isteach **ag údarás inniúil** tríú tír nó ag táirgeoirí atá bunaithe i dtríú tír, beidh cruthúnas iontu go gcomhlíontar, leis an leasú atá á iarraidh, na dlíthe maidir le cosaint tásc geografach atá i bhfeidhm sa tríú tír sin.

7. […] **I gcás ina mbaineann** iarraidh ar leasú **substaintiúil** a bhaineann le tásc geografach Ballstáit le […] leasuithe **neamhshubstaintiúla** freisin, [...] ní **scrúdófar ach** na [...] leasuithe **substaintiúla** [...] **i gcomhréir le mír 4**. […] *(an abairt dheireanach a scriosadh aistrithe go mír 7a)*

**7a.** *(aistrithe ó mhír 7)* I gcás inarb iomchuí, féadfaidh **údarás inniúil an** Bhallstáit lena mbaineann nó an Oifig cuireadh a thabhairt don iarratasóir **ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm** chun gnéithe eile den tsonraíocht táirge a mhodhnú […].

8. […] **A luaithe a fhormheasfar iad,** cuirfidh **an Oifig** leasuithe **substaintiúla agus neamhshubstaintiúla** ar fáil go poiblí i gclár an Aontais […].

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta, foirm agus cur i láthair iarratais ar leasú […] **substaintiúil** agus maidir le nósanna imeachta agus foirm na leasuithe […] **neamhshubstaintiúla** agus na leasuithe sin a chur in iúl don Oifig. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 29*

***An clárúchán a chur ar ceal***

1. […] **Féadfar tásc geografach cláraithe a chealú** [...]**, sna cásanna seo a leanas:**

(a) […] i gcás nach féidir a áirithiú a thuilleadh go bhfuil ceanglais na sonraíochta táirge á gcomhlíonadh;

(b) i gcás nár cuireadh táirge ar an margadh faoin tásc geografach ar feadh tréimhse comhleanúnaí […] **7** mbliana as a chéile **ar a laghad; nó**

**(c) i gcás inar cláraíodh é de shárú ar Airteagal 37(1), Airteagal 38(1) nó (2), nó Airteagal 39(1).**

2. […] **Féadfar tásc geografach a chealú freisin arna iarraidh sin don iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm.**

**2a. Féadfaidh údarás inniúil Ballstáit, tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige iarraidh ar chealú de bhun mhír 1 a thíolacadh.**

**2b.** **Féadfaidh an Coimisiún nó an Oifig nós imeachta um chealú a thionscnamh ar a thionscnamh féin, ar bhonn na bhforas a leagtar amach i bpointe (a) agus (b) de mhír 1.**

3. **Beidh feidhm** *mutatis mutandis* **ag céimeanna na céime náisiúnta agus ag céim an Aontais a leagtar amach** in Airteagail 6, **12 go 14, 15a**, agus [...] 19 go 25, **maidir leis an nós imeachta um chealú.**

4. Sula gcinnfidh an Oifig clárú táisc gheografaigh a chur ar ceal, déanfaidh sí [...], **sna cásanna dá dtagraítear i mír 2a agus 2b, an t-iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm a chur ar an eolas. Sula gcinnfidh an Oifig clárú táisc gheografaigh tríú tír a chur ar ceal, rachaidh sí i gcomhairle le** húdaráis inniúla an tríú tír **lena mbaineann** […]. Más de bhun Airteagal 15**a** a cláraíodh an tásc geografach, **féadfaidh** […] **Rannán na dTásc Geografach** [...] dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 33 **agus leis an bpointe teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 15(6) sa Bhallstát lena mbaineann**.

**4a.** **Déanfar clár an Aontais a nuashonrú dá réir sin nuair a chuirfear tásc geografach ar ceal.**

**4b.** **Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le tásca geografacha tríú tír atá faoi chosaint san Aontas faoi Ionstraim na Ginéive nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann.**

5. **Déanfaidh** […]an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta agus foirm an phróisis cealaithe, agus maidir le cur i láthair na n-iarrataí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*Airteagal 30*

***Achomharc***

1. Féadfaidh aon pháirtí i nós imeachta a rialaítear leis an Rialachán seo a ndéanann […] cinneadh a rinne an Oifig sa nós imeachta sin dochar dó achomharc a thaisceadh leis na Boird Achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 34 i gcoinne an chinnidh. *(an dara agus an tríú habairt aistrithe go mír 1a)* Beidh sé […] de cheart ag na Ballstáit a bheith páirteach sa nós imeachta **achomhairc**.

**1a.** *(aistrithe ó mhír 1)* Beidh éifeacht fionraíochta ag comhdú an achomhairc. […] Beidh éifeacht ag cinneadh [...] ón Oifig **nár cuireadh i gcoinne** [...] **an lá tar éis** dháta […] **dhul in éag** na tréimhse achomhairc dá dtagraítear i mír 3.

2. Ní dhéanfar achomharc in aghaidh […] cinnidh nach gcuireann deireadh le himeachtaí maidir le ceann de na páirtithe ach amháin in éineacht leis an gcinneadh críochnaitheach.

3. […] Déanfar **an fógra** achomhairc a chomhdú i scríbhinn **leis an** Oifig laistigh de […] **2** mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcinneadh. Measfar nach mbeidh an fógra […] comhdaithe go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I […] gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc a chomhdú laistigh de […] **4** mhí ó dháta foilsithe an chinnidh.

4. […] *(cumhdaithe ag mír 5)*

5. Tar éis inghlacthacht an achomhairc a scrúdú, déanfaidh an Bord Achomhairc cinneadh maidir le **tuillteanais an** achomharc. Feidhmeoidh na Boird Achomhairc aon chumhacht laistigh d'inniúlacht **R**annán na d**T**ásc **G**eografach **dá dtagraítear in Airteagal 32**, a bhí freagrach as an gcinneadh a **chonspóideadh** [...], nó tarchuirfidh siad an cás chuig **R**annán na d**T**ásc **G**eografach sin […]. Féadfaidh na Boird Achomhairc, ar […] **a** dtionscnamh féin nó ar iarraidh i scríbhinn, ó pháirtí, dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 33. Féadfaidh an Oifig seirbhísí idirghabhála a thairiscint de bhun Airteagal 170 de Rialachán (AE) 2017/1001, d'fhonn cabhrú leis na páirtithe teacht ar shocrú cairdiúil.

6. Féadfar caingne a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta **an Aontais Eorpaigh** i gcoinne chinntí na mBord Achomhairc maidir le hachomhairc, laistigh de dhá mhí ón dáta a **thugtar fógra faoi** chinneadh na mBord Achomhairc, mar gheall ar shárú ar cheanglas riachtanach nós imeachta, sárú ar an g**Conradh ar Feidhmiú an Aontais Eorpaigh**, sárú ar an Rialachán seo nó aon riail dlí a bhaineann lena gcur i bhfeidhm nó le mí-úsáid cumhachta. Beidh an caingean oscailte d'aon pháirtí **sna** himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc a n-imríonn cinneadh an Bhoird drochthionchar air. Beidh dlínse ag an gCúirt Ghinearálta chun an cinneadh a chonspóidtear a chur ar neamhní nó a athrú.

7. Gabhfaidh éifeacht le cinntí na mBord Achomhairc [...] **an lá tar éis** dháta éagtha na […] tréimhse **dá dtagraítear i mír 6** nó, má tugadh caingean os comhair na Cúirte Ginearálta laistigh den tréimhse sin, ón dáta **i ndiaidh an dáta** a dhífear caingean den sórt sin nó **a dhífhostófar** aon achomharc a comhdaíodh le Cúirt Bhreithiúnais **an Aontais Eorpaigh** i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta. **Glacfaidh an Oifig gach beart is gá chun breithiúnas na Cúirte Ginearálta nó, i gcás achomhairc i gcoinne an bhreithiúnais sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais, a chomhlíonadh.**

8. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh […] **lena ndéantar** an Rialachán seo a fhorlíonadh, tríd an méid seo a leanas a shonrú:

(a) inneachar foirmiúil an fhógra achomhairc dá dtagraítear i mír 3 agus an nós imeachta i ndáil leis an achomharc a chomhdú agus a scrúdú**;** agus

(b) inneachar agus foirm chinntí na mBord Achomhairc amhail dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 31*

*[...]*

*(scriosta)*

## Roinn 2

## Eagrú na hOifige agus na cúraimí lena mbaineann […]

*Airteagal 32*

***An Rannóg um Thásca Geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha***

1. Bunófar Rannán Tásca Geografacha **le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ('an Rannán Tásca Geografacha')** [...] [...] **laistigh** den Oifig**.** Beidh **an Rannán** freagrach as cinntí a dhéanamh [...] maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) iarratas ar thásc geografach a chlárú;

   (b) iarratas ar thásc geografach a leasú;

   (c) cur in aghaidh iarratas ar thásc geografach a chlárú nó a leasú;

   (d) iontrálacha i gclár an Aontais [...];

   (e) iarrataí ar thásc geografach a chealú.

2. *(scriosta)*

*Airteagal 33*

***[...] An Bord Comhairleach***

1. **<u>Bunófar</u>** Bord Comhairleach [...] chun tuairim a thabhairt i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo.

2. Féadfaidh an Rannán Tásca Geografacha agus na Boird Achomhairc dá dtagraítear in Airteagil 32 agus 34, agus, arna iarraidh sin don Choimisiún, rachaidh siad i gcomhairle leis an mBord Comhairleach **<u>maidir le ceisteanna</u>** a bhaineann le [...] hiarratas [...] ag céim ar bith den nós imeachta scrúdúcháin, freasúra nó [...] achomhairc dá dtagraítear in Airteagail 19, 21**<u>, 22, 24, 28, 29</u>** agus Airteagal 30**<u>. Féadfar dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach</u>** [...] **<u>maidir le</u>** hábhair **<u>chothrománacha, amhail</u>**:

   (a) measúnú ar na critéir cháilíochta;

   (b) clú [...] **<u>an táisc gheografaigh</u>** a bhunú;

   (c) cineál cineálach ainm **<u>an táisc gheografaigh</u>** a chinneadh;

   (d) [...] an baol go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí i gcásanna coinbhleachta idir tásca geografacha agus trádmharcanna, comhainmneacha nó táirgí atá ann cheana [...] a mhargaítear go dlíthiúil.

3. **<u>Féadfaidh</u>** an Rannán Tásca Geografacha, **<u>dá dtagraítear in Airteagal 32</u>** agus**<u>, de réir mar is infheidhme,</u>** agus na Boird Achomhairc **<u>dá dtagraítear in Airteagal 34,</u>** [...] dul i gcomhairle leis an mBord Comhairleach maidir le clárú féideartha [...] iarratas arna dtíolacadh tríd an nós imeachta clárúcháin dhírigh dá dtagraítear in Airteagal 15**<u>a</u>**.

4. Ní bheidh tuairimí an Bhoird Chomhairligh ina gceangal ar an Rannán Tásca Geografacha ná ar na Boird Achomhairc.

5. Ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ionadaí amháin [...] ón gCoimisiún agus a gcomhaltaí malartacha faoi seach a bheidh ar an mBord Comhairleach.

6. Tabharfar tuairim an Bhoird Chomhairligh ar phainéal triúr comhaltaí.

7. Poibleoidh an Oifig liosta de chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh ar a láithreán gréasáin agus coimeádfaidh sí an liosta sin cothrom le dáta.

8. Sonrófar na nósanna imeachta maidir le comhaltaí an Bhoird Chomhairligh a cheapadh agus oibriú an Bhoird sin ina rialacha nós imeachta arna bhformheas ag an mBord Bainistíochta **arna dtionscnamh ag Airteagal 153 de Rialachán (AE) 2017/1001,** agus poibleofar iad.

9. Mairfidh sainorduithe chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh suas le [...] **5** bliana. Féadfar na sainorduithe sin a athnuachan.

10. Soláthróidh an Ghníomhaireacht an tacaíocht lóistíochta is gá don Bhord Comhairleach agus soláthróidh siad rúnaíocht dá chruinnithe.

*Airteagal 34*

***Boird Achomhairc***

[…] **B**eidh na Boird Achomhairc arna dtionscnamh ag [...] **Airteagal 165 de** Rialachán **(AE) 2017/1001** sin freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc [...] **in aghaidh** cinntí [...] **arna nglacadh ag an Oifig faoin** Rialachán seo.

***(nua) Airteagal 34a***

***[…] clár an Aontais de thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha***

*(ex Article 26)*

1. Déanfaidh an Oifig clár leictreonach de chuid an Aontais [...], a mbeidh rochtain ag an bpobal air, a fhorbairt, a choinneáil agus a choimeád do thásca geografacha le haghaidh árthaí agus táirgí tionsclaíocha.

2. […] **Beidh na hiontrálacha dá dtagraítear sa Rialachán seo i gclár an Aontais.**

3. Ar theacht i bhfeidhm do chinneadh lena gcláraítear [...] tásc geografach, déanfaidh an Oifig, **i gcomhréir le hAirteagail 24 nó 25**, na sonraí seo a leanas [...] **a chur isteach** i gclár an Aontais [...]:

(a) [...] ainm an [...] **táisc gheografaigh arna chlárú mar 'tásc geografach faoi chosaint'**;

(b) an [...] **cineál** táirge;

**(ba) ainm an iarratasóra a bhfuil a ainm cláraithe mar thásc geografach;**

(c) an tagairt don **ghníomh** [...] **dlíthiúil** lena gcláraítear ainm **an táisc gheografaigh**;

(d) [...] tír tionscnaimh nó tíortha tionscnaimh **an táisc gheografaigh**.

4. Féadfar tásca geografacha a bhaineann le táirgí **ceardaíochta agus tionsclaíocha** ó thríú tíortha agus atá faoi chosaint san Aontas faoi [...] **Ionstraim na Ginéive tar éis cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1753** a chur isteach i gclár an Aontais [...]. *(An dara habairt aistrithe go mír 4a)*

**4a.** *(Aistrithe ó mhír 4)* Tásca geografacha [...] **a bhaineann le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ó thríú tíortha** atá faoi chosaint san Aontas **faoi chomhaontú idirnáisiúnta – seachas – Ionstraim na Ginéive – ina bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach** [...], **cuirfear isteach** iad [...] **i gclár an Aontais ar bhonn** gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

5. Déanfar gach tásc geografach a chur isteach i gclár an Aontais [...] ina script bhunaidh. I gcás nach i litreacha Laidineacha a bheidh an script bhunaidh, déanfar an tásc geografach a thras-scríobh i litreacha Laidineacha agus cuirfear an dá leagan den tásc geografach isteach i gclár an Aontais [...] agus beidh stádas comhionann acu.

6. *(aistrithe chuig Airteagal 34c(2))*

7. I dtaca le doiciméadacht a bhaineann le clárú táisc gheografaigh, coinneoidh an Coimisiún an doiciméadacht sin i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm pháipéir ar feadh thréimhse bhailíochta an táisc gheografaigh, agus **i gcás ina** gcealófar é, go ceann [...] **10** mbliana eile dá éis sin.

**7a.** **Cumhdófar costais reatha an chláir le buiséad oibríochtúil na hOifige.**

8. [...] **Glacfaidh** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh [...] **lena leagfar amach an ollstruchtúr TF** agus cur i láthair chlár an Aontais [...]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

***(nua) Airteagal 34b***

***Sleachta as clár an Aontais** […] (aistrithe ó Airteagal 27)*

1. Áiritheoidh an Oifig go mbeidh [...] **an fhéidearthacht ag** aon duine [...] **sliocht oifigiúil** a íoslódáil ó chlár an Aontais [...] lena soláthraítear cruthúnas gur cláraíodh an tásc geografach, agus na sonraí ábhartha lena n-áirítear dáta an iarratais ar chlárú an táisc gheografaigh nó dáta tosaíochta eile. Féadfar an sliocht oifigiúil a úsáid mar dheimhniú barántúil [...].

2. *(scriosta)*

3. **Déanfaidh** [...] an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sainítear formáid agus cur i láthair ar líne sleachta ó chlár an Aontais [...]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

***Airteagal (nua) 34c***

***Tacaíocht** [...] **theicniúil***

*(aistrithe ó Airteagal 62)*

1. **Arna iarraidh sin don** […] Choimisiún**, déanfaidh an Oifig** […] scrúdú **ar** [...] thásca geografacha tríú [...] tír le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, mar aon le cúraimí riaracháin **gaolmhara** **a bhaineann leo**: […]

   (a) ar táirgí iad atá **faoi chosaint nó** a bhfuil sé molta iad a chur faoi chosaint [...] **faoi** chomhaontú idirnáisiúnta [...] **a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, seachas Ionstraim na Ginéive; nó**

   (b) **ar táirgí iad a bhfuil sé molta iad a chur faoi chosaint faoi chomhaontú idirnáisiúnta atá faoi chaibidil ag an Aontas**.

2. (*aistrithe ó Airteagal 26(6)*) **Ar bhonn na faisnéise a fuarthas ón** gCoimisiún, déanfaidh **an Oifig** liosta na gcomhaontuithe idirnáisiúnta [...] **lena gcosnaítear tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach iontu,** [...] **chomh maith le** liosta na dtásc geografach atá faoi chosaint faoi na comhaontuithe sin, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

# TEIDEAL III
# TÁSCA GEOGRAFACHA A CHOSAINT

*Airteagal 35*

***<u>Tásca geografacha a chosaint</u>***

1. Déanfar tásca geografacha a chuirtear isteach i gclár an Aontais [...] a chosaint ar an méid seo a leanas:

   (a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú, i gcás ina bhfuil na táirgí sin [...] **<u>inchomparáide</u>** leis na táirgí [...] **<u>atá faoi chosaint</u>** [...] **<u>leis an</u>** tásc geografach sin**<u>,</u>** nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm sin i dtír ar chlú an táisc gheografaigh atá faoi chosaint nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear clú an táisc gheografaigh atá faoi chosaint nó ina ndéantar dochar dá chlú;

   (b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear frása leis amhail 'ar nós', 'cineál', 'modh', 'mar a tháirgtear i', 'aithris', 'blas', 'cosúil le' nó a leithéidí.

   (c) aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí bunúsacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, **<u>ar</u>** ábhar fógraíochta nó **<u>i</u>** ndoiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar [...] **<u>chomhéadain ar líne</u>** a bhaineann leis an táirge [...], [...] **<u>chomh maith le</u>** pacáistiú an táirge [...] i gcoimeádán ar dócha go mbainfí míthuairim as maidir le tionscnamh an táirge;

   (d) aon chleachtas eile a d’fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh an táirge [...].

2. Chun críocha mhír (1), pointe (b), measfar go dtabharfar tásc geografach chun cuimhne, go háirithe i gcás ina ndéantar le téarma, comhartha, nó suaitheantas lipéadaithe nó pacáistithe nasc atá **sách** díreach agus soiléir leis an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach cláraithe in intinn an **ghnáththomhaltóra san Eoraip atá** réasúnta **eolach agus réasúnta géarchúiseach agus** cáiréiseach [...].

3. [...] **Beidh feidhm ag cosaint na dtásc geografach freisin maidir le haon úsáid a bhaintear as ainm fearainn lena sáraítear mír 1.**

4. Tá feidhm ag an gcosaint dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas freisin:

   (a) earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais ach a bheidh gan scaoileadh i saorchúrsaíocht laistigh den chríoch sin; agus

   (b) earraí a dhíoltar trí bhíthin modhanna ciandíola amhail an ríomhthráchtáil.

5. An grúpa táirgeoirí nó aon táirgeoir atá i dteideal úsáid a bhaint as an tásc geografach faoi chosaint, beidh sé i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí earraí a thabhairt isteach san Aontas, le linn trádála, gan scaoileadh leo le haghaidh saorchúrsaíochta ansin, i gcás ina dtiocfaidh na hearraí sin, lena n-áirítear an phacáistíocht, ó thríú tíortha agus ina mbeidh siad contrártha le mír 1.

6. Ní thiocfaidh tásca geografacha atá faoi chosaint faoin Rialachán seo chun bheith cineálach san Aontas.

7. I gcás inarb é atá i dtásc geografach ainm comhshuite ina bhfuil téarma a meastar a bheith cineálach, ní hé a bheidh in úsáid an téarma sin an t-iompar dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b).

*Airteagal 36*

***Páirteanna nó comhpháirteanna i dtáirgí monaraithe***

1. Tá Airteagal 35 gan dochar d'úsáid táisc gheografaigh ag táirgeoirí**,** i gcomhréir le hAirteagal 43**,** lena chur in iúl go bhfuil, i dtáirge próiseáilte, mar pháirt nó mar chomhábhar, táirge arna ainmniú leis an tásc geografach sin**,** ar choinníoll go mbainfear leas as an úsáid sin i gcomhréir le cleachtais mhacánta tráchtála agus nach **dtagann** an úsáid sin **i dtír** ar chlú an táisc gheoghrafaigh, nach lagaítear ná nach gcaolaítear clú an táisc gheoghrafaigh sin ná nach ndéantar dochar dó.

2. Ní úsáidfear an tásc geografach lena n-ainmnítear páirt nó comhpháirt táirge i sonrúchán díolacháin an táirge monaraithe, ach amháin [...] **i gcás inar thoiligh an t-iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm leis an úsáid sin.**

*Airteagal 37*

***Téarmaí cineálacha***

1. Ní chlárófar téarma [...] cineálach mar thásca geografacha.

2. Le cruthú go bhfuil ainm tagtha chun bheith cineálach nó nach bhfuil, ní mór na tosca ábhartha go léir a chur san áireamh, go háirithe:

   (a) an staid mar atá i limistéir tomhaltais;

   (b) na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais nó gníomhartha ábhartha náisiúnta dlí.

*Airteagal 38*

*[...] **Comhainmneacha***

1. Maidir le tasc geografach a ndearnadh iarratas ina leith tar éis iarratas[...] **a bheith déanta ar ainm** atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach nó atá faoi chosaint **mar thásc geografach** san Aontas, ní dhéanfar an tásc geografach sin a chlárú**,** mura bhfuil idirdhealú leordhóthanach i gcleachtas idir na coinníollacha úsáide áitiúla agus traidisiúnta agus cur i láthair an dá [...] **ainm** chomhainmneacha, ag cur san áireamh gur gá a áirithiú go gcaithfear go cothrom leis na táirgeoirí lena mbaineann agus **gur gá a áirithiú** nach gcuirfear na tomhaltóirí ar míthreoir i dtaca le fíorchéannacht nó tásc geografach na dtáirgí.

2. Ní chlárófar ainm atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach [...] **ar dócha go** gcuirfeadh sé an tomhaltóir [...] ar míthreoir sa chaoi go gcreidfeadh sé gur tháinig na táirgí ó chríoch eile fiú má tá an t-ainm do chríoch, do réigiún nó d'áit tionscnaimh iarbhír na dtáirgí cruinn.

3. Chun críocha an Airteagail seo, is don mhéid seo a leanas a dhéantar tagairt le tasc geografach comhainmneach a iarradh nó atá faoi chosaint san Aontas:

(a) tásca geografacha a chuirtear isteach i gclár an Aontais [...];

(b) tásca geografacha a ndearnadh iarratas ina leith**,** ar choinníoll go gcuirfear isteach iad i gclár an Aontais ina dhiaidh sin [...];

(c) sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha atá faoi chosaint san Aontas de bhun [...] Rialachán (AE) 2019/1753[28]; agus

(d) tásca geografacha, ainmneacha tionscnaimh agus téarmaí coibhéiseacha atá faoi chosaint de bhun comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus tríú tír amháin nó níos mó ná sin.

---

[28] Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1 [...]).

4. Cealóidh an Oifig**, de bhun Airteagal 29(1)(c), aon** tásc geografach [...] **a cláraíodh** de shárú ar mhíreanna 1 agus 2**, tar éis di an t-iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm a chur ar an eolas.**

*Airteagal 39*

***An gaol idir tásca geografacha agus trádmharcanna***

*(lena gcomhtháitear an chuid is mó d'iar-Airteagal 42)*

**1.** [...] **Diúltófar d'iarratas** ar thásc geografach **a chlárú** más rud é, i bhfianaise trádmharc [...] **a bhfuil** clú air [...] **nó** a bhfuil [...] **marc aitheanta aige**, [...] **ar dócha go ndéanfaí** leis an ainm atá beartaithe mar thásc geografach an tomhaltóir a chur ar míthreoir maidir le fíorchéannacht an táirge.

**2. Cealóidh an Oifig, de bhun Airteagal 29(1)(c), aon tásc geografach a cláraíodh de shárú ar mhír 1, tar éis di an t-iarratasóir ar cláraíodh an tásc geografach ina ainm a chur ar an eolas.**

**3.** *(aistrithe ó Airteagal 42(1))* **Maidir le hiarratas ar** thrádmharc a chlárú, a sáródh a úsáid Airteagal 35**,** diúltófar an clárú sin [...] má chuirtear an t-iarratas sin isteach tar éis an dáta **a cuireadh** an t-iarratas ar chlárú an táisc gheografaigh **faoi bhráid na hOifige**.

**4.** *(aistrithe ó Airteagal 42(2))* Déanfaidh an Oifig agus, **de réir mar** is infheidhme, na húdaráis inniúla náisiúnta [...] trádmharcanna atá cláraithe de shárú ar mhír [...] 3 a chur ó bhail, **arna iarraidh sin**.

**5.** *(aistrithe ó Airteagal 42(4))* Gan dochar do mhír [...] **4** den Airteagal seo, maidir le trádmharc**,** a sáraíonn a úsáid ar Airteagal 35, ar cuireadh iarratas isteach ina leith, ar cláraíodh é nó ar bunaíodh é trína úsáid de mheon macánta laistigh de chríoch an Aontais, má fhoráiltear don fhéidearthacht sin leis an reachtaíocht lena mbaineann, roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar chlárú an táisc gheografaigh faoi bhráid na hOifige, féadfar leanúint dá úsáid agus é a nuashonrú d'ainneoin chlárú [...] an táisc gheografaigh, ar choinníoll ar choinníoll nach bhfuil aon fhoras ann go mbeadh an trádmharc neamhbhailí nó go gcúlghairfí é faoi Threoir (AE) 2015/2436[29] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ná Rialachán (AE) 2017/1001. Sna cásanna sin, ceadófar úsáid an táisc gheografaigh, má chláraítear ansin é, agus úsáid an trádmhairc ábhartha.

**6.** *(aistrithe ó Airteagal 42(5))* Féadfar marcanna ráthaíochta nó deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(4) de Threoir (AE) 2015/2436 agus marcanna comhchoiteanna dá dtagraítear in Airteagal 29(3) den Treoir sin a úsáid ar lipéid agus ar ghléasanna **pacáistithe**, in éineacht leis an tásc geografach.

---

[29] Treoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna (IO L 336, 23.12.2015, lch. 1).

*Airteagal 40*

***Grúpaí táirgeoirí***

1. [...] Feidhm**eoidh** grúpaí **táirgeoirí** [...] ar bhealach trédhearcach**, oscailte** agus [...] **neamh-idirdhealaitheach,** [...] **lena gceadófar** do tháirgeoirí uile an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach [...] **dul** isteach sa ghrúpa **tráth ar bith**. **Féadfaidh** na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go **bhféadfaidh** **comhlachtaí** [...] poiblí agus páirtithe leasmhara eile amhail grúpaí tomhaltóirí, miondíoltóirí agus soláthraithe a bheith rannpháirteach in obair an ghrúpa táirgeoirí.

2. Féadfaidh grúpa táirgeoirí, go háirithe, na cumhachtaí agus na [...] **cúraimí** seo a leanas a fheidhmiú:

   (a) an tsonraíocht táirge a fhorbairt agus **a leasú** agus [...] **seiceálacha comhlíontachta** inmheánacha [...] **a chur ar bun** lena n-áirithítear go gcomhlíonfaidh na céimeanna táirgthe **sonraíocht táirge** **an** táirge arna ainmniú leis an tásc geografach [...];

   (b) caingean dlí a thabhairt chun cosaint an táisc gheografaigh a áirithiú mar aon le [...] **haon** cheart maoine intleachtúla **eile** [...] **atá** nasctha go díreach leis [...] **an táirge**;

   (c) teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais inbhuanaitheachta, bíodh siad san áireamh sa tsonraíocht táirge nó bíod siad mar thionscnamh ar leith [...];

(d) beart a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an táisc gheografaigh, lena n-áirítear:

(i) feachtais mhargaíochta agus fógraíochta chomhchoiteanna a fhorbairt, a eagrú agus a reáchtáil;

(ii) faisnéis a scaipeadh agus gníomhaíochtaí cur chun cinn lena ndíreofaí ar airíonna an táirge arna ainmniú le tásc geografach a chur in iúl **do thomhaltóirí**;

(iii) anailísí a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht táirgthe, saintréithe teicniúla an táirge atá ainmnithe ag an tásc geografach;

(iv) faisnéis a scaipeadh faoin tásc geografach agus an tsiombail Aontais ábhartha; agus

(v) comhairle a chur ar fáil do na táirgeoirí atá ann cheana agus do na táirgeoirí a bheidh ann amach anseo agus oiliúint a chur orthu [...];[…]

(e) góchumadh agus úsáidí calaoiseacha amhrasta táisc gheografaigh [...] **sa** mhargadh inmheánach a chomhrac nach bhfuil i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge, trí fhaireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tasc geografach ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus [...] **i** margaí tríú [...] tí**r** [...] ina bhfuil na tásca geografacha faoi chosaint, lena n-áirítear ar **chomhéadain ar líne**, agus de réir mar is gá, **trí** na húdaráis forfheidhmithe a chur ar eolas [...].

*Airteagal 41*

*[...]*

*(scriosta – aistrithe go páirteach chuig aithris (33))*

*Article 42*

*[...]*

*(aistrithe chuig Airteagal 39, seachas Airteagal 42(3), a comhtháthaíodh in Airteagal 67(2a) agus in aithris (31))*

*Airteagal 43*

*[...]*

*1.* *(aistrithe chuig Airteagal 46(1))*

2. *(scriosta)*

*Article 44*

***Siombail an Aontais, tásc, giorrúchán***

1. Beidh siombail an Aontais a bunaíodh le haghaidh 'tásca geografacha faoi chosaint' faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 664/2014 ón gCoimisiún[30] infheidhme maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

2. [...] **Maidir le** táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de thionscnamh an Aontais a mhargaítear faoi thásc geografach, féadfaidh siombail an Aontais dá dtagraítear i mír 1 a bheith ar an lipéadú agus ar an ábhar fógraíochta. Beidh an tásc geografach le feiceáil sa réimse radhairc céanna ina bhfuil an tsiombail Aontais.

3. Féadfar an giorrúchán 'TGFC' a fhreagraíonn don tásc 'tásc geografach faoi chosaint' a thaispeáint ar an lipéadú ar tháirgí arna n-ainmniú ag tásc geografach táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

4. Is féidir úsáid a bhaint as tásca, giorrúcháin agus siombailí Aontais in ábhar lipéadaithe agus fógraíochta táirgí monaraithe nuair a dhéantar tagairt leis an tásc geografach do pháirt nó do chomhábhar de chuid na dtáirgí sin. Sa chás sin, cuirfear an tásc, giorrúchán nó siombail Aontais in aice le hainm an chomhábhair a shainaithnítear go soiléir mar chomhábhar. Ní chuirfear siombail an Aontais ar dhóigh a thugann le tuiscint don tomhaltóir **gurb é** an táirge monaraithe**,** seachas an pháirt nó an chomhpháirt **a** [...] **chosnaítear mar thásc geografach**.

---

[30] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus maidir le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

5. Tar éis iarratas [...] ar thásc geografach a chlárú a bheith curtha isteach **<u>ar leibhéal an Aontais</u>**, féadfaidh táirgeoirí a léiriú ar an lipéadú agus le cur i láthair an táirge go ndearnadh iarratas ar chlárú a chomhdú [...] **<u>i gcomhréir</u>** le dlí an Aontais.

6. Ní fhéadfar siombail an Aontais lena sonraítear an tásc geografach faoi chosaint agus tásc an Aontais 'tásc geografach faoi chosaint' agus an giorrúchán 'TGFC' de réir mar is ábhartha, a thaispeáint ar an lipéadú go dtí go mbeidh an cinneadh maidir le clárú foilsithe i gcomhréir le hAirteagal 24(7) [...] **<u>nó</u>** 25**<u>(2), de réir mar is infheidhme</u>**.

7. I gcás ina ndiúltófar d'iarratas, aon táirge ar bith a lipéadaítear i gcomhréir le mír [...] **<u>5</u>**, féadfar iad a mhargú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

8. Chomh maith leis sin, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith ar an lipéadú freisin:

   (a) léirithe ar an limistéar geografach tionscnaimh dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge; agus

   (b) téacs, grafaicí nó siombailí a thagraíonn don Bhallstát nó don réigiún ina bhfuil an limistéar geografach tionscnaimh suite.

9. An tsiombail de chuid an Aontais a bhaineann le tásc geografach a iontráladh i g**<u>c</u>**lár an Aontais [...] lena n-ainmnítear táirge ceardaíochta agus tionsclaíoch de thionscnamh tríú [...]**<u>tír</u>**, féadfar í a thaispeáint ar [...] ar ábhar lipéadaithe agus fógraíochta **<u>an táirge</u>**, agus sa chás sin úsáidfear an tsiombail i gcomhréir le mír 2.

10. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena saineofar saintréithe teicniúla shiombail an Aontais agus tásc an Aontais mar aon leis na rialacha a bhaineann lena n-úsáid ar [...] tháirgí a mhargaítear faoi thásc geografach cláraithe, lena n-áirítear na rialacha a bhaineann leis na leaganacha teanga iomchuí atá le húsáid. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

# TEIDEAL IV

# RIALUITHE […]

***<u>(nua) Article 44a</u>***

***<u>Raon feidhme</u>***

**<u>1.</u>** **<u>Cumhdaítear leis an Teideal seo rialuithe ar thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.</u>**

**<u>2.</u>** *(tógtha go páirteach ó Airteagal 45(1))* [...] Áireofar ar na **<u>rialuithe</u>** an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú go bhfuil [...] táirge arna ainmniú le tásc geografach **<u>i gcomhréir</u>** leis an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach;

(b) faireachán a dhéanamh ar úsáid tásc geografach sa mhargadh [...].

*Airteagal 45*

***Údaráis inniúla a ainmniú***

1. Ainmneoidh na Ballstáit [...] **<u>ceann amháin nó níos mó</u>** de na húdaráis inniúla [...] a bheidh freagrach as **<u>na</u>** rialuithe **<u>dá bhforáiltear sa Teideal seo</u>** [...].

2. [...] Beidh **<u>na</u>** húdaráis **<u>inniúla</u>** dá dtagraítear i mír 1 oibiachtúil agus neamhchlaonta, agus beidh foireann cháilithe agus na hacmhainní is gá ar fáil dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

*Airteagal 46*

***Fíorú ar chomhlíonadh** […] **trí fhéindearbhú***

*(cuirtear an téacs thíos in ionad Airteagal 46 roimhe seo;*

*áirítear ann eilimintí ó Airteagal 43(1), sean-Airteagail 49 agus 58(1))*

1. *(aistrithe ó Airteagal 43(1))* Féadfaidh aon táirgeoir […] táirge úsáid a bhaint as tásca geografacha […] **atá i gcomhréir leis** an tsonraíocht táirge […].

2. **I gcás táirge a ainmnítear le tásc geografach agus ar de thionscnamh an Aontais é, déanfar comhlíonadh na sonraíochta táirge comhfhreagraí a fhíorú trí bhíthin féindearbhúcháin. Déanfar an féindearbhú ag baint úsáid as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus beidh ann an fhaisnéis agus na ceanglais a shonraítear san Iarscríbhinn sin.**

3. **Sula gcuirfear táire ar an margadh, cuirfidh na táirgeoirí féindearbhú faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 45(1). A luaithe a bheidh an táirge ar an margadh, tíolacfaidh na táirgeoirí féindearbhú athnuaite uair amháin gach trí bliana chun a léiriú go bhfuil an tsonraíocht táirge á comhlíonadh i gcónaí. I gcás ina leasaítear nó an tsonraíocht táirge ar bhealach a dhéanfaidh difear don táirge lena mbaineann, déanfar an féindearbhú a athnuachan gan mhoill.**

4. *(corpraítear ann eilimintí d'iar-Airteagal 58(1))* **Seiceálfaidh an t-údarás inniúil, ar a laghad, go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear i bhféindearbhú iomlán agus comhsheasmhach. Má bhíonn toradh dearfach ar an tseiceáil, eiseoidh an t-údarás inniúil deimhniú údaraithe chun an tásc geografach a úsáid don táirge lena mbaineann, nó déanfaidh sé é a athnuachan. I gcás earráidí agus neamhréireachtaí follasacha san fhéindearbhú, tabharfar an deis don táirgeoir an féindearbhú a chomhlánú nó a cheartú.**

**5.** **Le fíorú bunaithe ar fhéindearbhú, ní chuirfear cosc ar tháirgeoirí comhréireacht an táirge a bheith fíoraithe ag comhlachtaí deimhnithe táirgí nó ag daoine nádúrtha.**

**6.** **Chun comhréireacht an táirge a chumhdaítear leis an bhféindearbhú a sheiceáil, déanfar rialuithe, a fhéadfar a dhéanamh sula gcuirfear an táirge ar an margadh agus tar éis don táirge a bheith curtha ar an margadh, bunaithe ar anailís riosca agus, más ann dóibh, ar fhógraí ó tháirgeoirí leasmhara táirgí a ainmnítear le tásca geografacha, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:**

**(a) déanann an t-údarás inniúil; nó**

(b) comhlacht deimhnithe táirgí […] amháin nó níos mó […] nó daoine nádúrtha ar tarmligeadh freagrachtaí chucu i gcomhréir le hAirteagal 50.

**7.** **I gcás neamhchomhlíonadh arna bhrath, déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun an cor a leigheas.**

**8.** *(tógtha ó Airteagal 49(5))* Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh […] chun modhnaithe ar an bhfaisnéis agus ar na ceanglais a sonraítear san fhoirm mar a leagtar amach in Iarscríbhinn […] **I** **a leasú agus a thabhairt isteach,** i gcás inarb ábhartha.

*(nua) Airteagal 46ú*

***Comhlíonadh údaráis inniúil nó comhlachtaí deimhnithe táirgí tarmligthe nó daoine nádúrtha a fhíorú***

**1.** **De rogha ar an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 46, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le fíorú na sonraíochta táirge a chomhlíonadh trí bhíthin rialuithe, a dhéanfar sula gcuirfear an táirge ar an margadh agus ina dhiaidh sin. Is iad na daoine seo a leanas a dhéanfaidh na rialuithe sin:**

**(a) údarás inniúil amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 45(1); nó**

**(b) comhlacht deimhnithe táirgí amháin nó níos mó nó daoine nádúrtha ar tarmligeadh freagrachtaí chucu i gcomhréir le hAirteagal 50.**

**2.** **I gcás ina léiríonn toradh an rialaithe a rinneadh sular cuireadh an táirge ar an margadh go gcomhlíonann an táirge an tsonraíocht táirge, eiseoidh an t-údarás inniúil deimhniú údaraithe chun an tásc geografach a úsáid le haghaidh táirge lena mbaineann.**

**3.** **Na rialuithe a dhéanfar tar éis an táirge a chur ar an margadh, is ar anailís riosca a bhunófar iad agus, má tá siad ar fáil, ar fhógraí ó tháirgeoirí leasmhara de tháirgí atá ainmnithe ag tásca geografacha. I gcás ina dhearbhaítear le toradh na rialuithe sin go gcomhlíonann an táirge an tsonraíocht táirge, déanfaidh an t-údarás inniúil an deimhniú údaraithe a athnuachan.**

**4.** **I gcás ina mbraitear neamhchomhlíonadh, glacfaidh an t-údarás inniúil na bearta uile is gá chun an cás a leigheas.**

***<u>(nua) Airteagal 46b</u>***

***<u>Comhlíonadh táirgí de thionscnamh tríú tír a fhíorú</u>***

*(aistrithe ó Airteagal 46(4))*

Maidir le tásca geografacha lena n-ainmnítear táirgí de thionscnamh tríú tír, sula gcuirfear an táirge ar an margadh, déanfaidh ceann amháin díobh seo a leanas comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú::

(a) údarás inniúil […] arna ainmniú ag an tríú tír; nó

(b) comhlacht nó comhlachtaí deimhnithe táirgí.

***<u>(nua) Airteagal 46c</u>***

***Faireachán ar úsáid tásc geografach sa mhargadh***

*(eilimintí arna n-ionchorprú ó shean-Airteagal 48)*

**<u>1.</u>** **<u>Déanfaidh na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 45(1) faireachán ar úsáid na dtásc geografach ar an margadh, gan beann ar na táirgí atá i gceist a bheith á stóráil,</u>** á n-iompar, á ndáileadh, nó á dtairiscint lena ndíol ar an leibhéal mórdhíola nó miondíola, lena n-áirítear sa tráchtáil leictreonach.

**<u>2.</u>** **<u>Chuige sin,</u>** déanfaidh **<u>na húdaráis siúd</u>** rialuithe, bunaithe ar anailís riosca agus, **<u>má tá siad ar fáil</u>**, fógraí ó tháirgeoirí leasmhara táirgí arna n-ainmniú ag tásca geografacha. Más gá, glacfaidh na húdaráis siúd na céimeanna iomchuí riaracháin agus breithiúnacha chun úsáid ainmneacha táirgí nó seirbhísí a tháirgtear, a oibrítear nó a mhargaítear ina gcríoch a chosc nó a stopadh más rud é go sáraítear cosaint na dtásc geografach dá bhforáiltear in Airteagail 35 agus 36 leis an úsáid sin.

*Airteagal 47*

***Dícheall cuí […] <u>freagrachtaí</u> na […] dtairgeoirí***

<u>**1.**</u> Áiritheoidh […] na tairgeoirí […] go gcomhlíonfaidh […] <u>**a dtáirgí**</u> […] an tsonraíocht táirge. *(an dara habairt agus a fophointí ar athraíodh iad go mír nua 2)*

<u>**2.**</u> <u>**D'fhonn mí-úsáid tásca geografacha a chosc sa mhargadh,**</u> féadfaidh <u>**táirgeoirí**</u> […] an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faireachán a dhéanamh ar úsáid tráchtála an táisc gheografaigh sa mhargadh […]; agus

(b) *(scriosta)*

(c) gníomhaíocht a dhéanamh chun cosaint dhlíthiúil leordhóthanach an táisc gheografaigh a áirithiú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla […]<u>**,**</u> <u>**i gcomhréir le hAirteagail 46(6), 46a(3) agus 46c(2) a chur ar an eolas**</u>.

*Airteagal 48*

*[…]*

*(scriosta–an chuid is mó de na heilimintí i míreanna 1, 2 agus 3 aistrithe chuig hAirteagal 46c; mír 4 aistrithe chuig Airteagal 57(3))*

*Airteagal 49*

*[…]*

*(scriosta– roinnt eilimintí aistrithe chuig Airteagal 46)*

*Airteagal 50*

***Cúraimí áirithe i ndáil le rialú […] a tharmligean***

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cúraimí […] **áirithe** i ndáil le rialú **a bhaineann le táirgí atá faoi réir na rialuithe dá dtagraítear in Airteagail 46(6), 46a(2), 46a(3) agus 46c(2)** a tharmligean chuig comhlacht deimhnithe táirgí amháin nó níos mó, lena n-áirítear daoine nádúrtha.

**1a.** Áiritheoidh an t-údarás inniúil go mbeidh na cumhachtaí is gá ag an gcomhlacht […], nó ag an duine nádúrtha a dtarmligtear cúraimí i ndáil le rialú […] **dá dtagraítear i mír 1** chuige, chun na cúraimí sin a dhéanamh go héifeachtach.

2. Is i scríbhinn a bheidh tarmligean cúraimí áirithe i ndáil le rialú beidh siad i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh cur síos beacht sa tarmligean ar na cúraimí sin i ndáil le rialú […] is féidir leis an gcomhlacht tarmligthe a dhéanamh, agus na coinníollacha faoinar féidir leis na cúraimí sin a dhéanamh;

(b) maidir leis an gcomhlacht tarmligthe deimhnithe táirgí:

(i) beidh an saineolas, an trealamh agus an bonneagar acu atá de dhíth chun na cúraimí maidir le rialú […] arna dtarmligean chucu a dhéanamh;

(ii) go bhfuil líon leordhóthanach foirne a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí aige nó aici; **agus**

(iii) neamhchlaonta agus saor ó aon choinbhleacht leasa agus go háirithe, ní bheidh sé i gcás ina bhféadfar, go díreach nó go hindíreach, dochar a dhéanamh do neamhchlaontacht a iompair ghairmiúil i ndáil le feidhmiú na gcúraimí sin maidir le rialú […] arna dtarmligean chuige; […]

(iv) *(scriosta — clúdaithe ag mír 1)*

(c) i gcás ina ndéantar an cúraimí i ndáil le rialú […] a tharmligean chuig daoine nádúrtha:

(i) beidh an saineolas, an trealamh agus an bonneagar acu atá de dhíth chun na cúraimí i ndáil le rialú […] arna dtarmligean chucu a dhéanamh;

(ii) atá le bheith cáilithe agus taithí go hoiriúnach; **agus**

(iii) gníomhóidh siad go neamhchlaonta agus beidh siad saor ó aon choinbhleacht leasa maidir le feidhmiú na gcúraimí sin i ndáil le rialú […] arna dtarmligean chucu; […]

(d) beidh socruithe i bhfeidhm lena n-áiritheofar comhordú éifeachtúil agus éifeachtach idir na húdaráis inniúla atá ag tarmligean agus na comhlachtaí […] deimhnithe táirgí […] **nó** daoine nádúrtha.

*Airteagal 51*

***Oibleagáidí na gcomhlachtaí tarmligthe deimhnithe táirgí agus na ndaoine nádúrtha***

Maidir leis na comhlachtaí deimhniúcháin táirgí nó na daoine nádúrtha ar tarmligeadh cúraimí áirithe i ndáil le rialú […] chucu i gcomhréir le hAirteagal 50, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) torthaí na rialuithe […] agus na ngníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinne siad a chur in iúl do na húdaráis inniúla atá ag tarmligean, ar bhonn rialta, agus tráth ar bith a n-iarrann na húdaráis inniúla amhlaidh;

(b) na húdaráis inniúla atá ag tarmligean a chur ar an eolas láithreach i gcás ina léiríonn torthaí na rialuithe […] neamhchomhlíonadh nó ina léiríonn siad go bhfuil seans mór neamhchomhlíonta ann, mura bhforáiltear a mhalairt le socruithe sonracha arna leagan síos idir an t-údarás inniúil agus an comhlacht […] nó an duine nádúrtha lena mbaineann; agus

(c) […] **comhoibriú leis** na húdaráis inniúla **agus cúnamh a thabhairt** dóibh**, agus** rochtain **a thabhairt do na húdaráis siúd** ar a n-áitribh agus […] **ar dhoiciméadacht a bhaineann lena gcúraimí tarmligthe.**

*Airteagal 52*

***Oibleagáidí na n-údarás inniúil atá ag tarmligean***

1. Déanfaidh údaráis inniúla a tharmligean cúraimí sonracha i ndáil le rialú […] chuig comhlachtaí nó chuig daoine nádúrtha i gcomhréir le hAirteagal 50

[…][…] an tarmligean a tharraingt siar ina iomláine nó i bpáirt gan mhoill:

[…] **(a)** go bhfuil fianaise ann go bhfuil ag mainneachtain comhlacht […] deimhnithe táirgí nó duine nádúrtha den sórt sin na cúraimí a tarmligeadh chuige a dhéanamh i gceart;

[…] **(b)** go mainníonn an comhlacht deimhnithe táirge nó an duine nádúrtha […] beart cuí agus tráthúil a dhéanamh chun na heasnaimh a sainaithníodh a leigheas; nó

[…] **(c)** gur cuireadh i mbaol neamhspleáchas nó neamhchlaontacht an chomhlachta deimhnithe táirgí […] nó an duine nádúrtha.

**1a.** *(aistrithe ó dheireadh mhír 1)* Féadfaidh na húdaráis inniúla an tarmligean a tharraingt siar freisin ar chúiseanna eile seachas na cúiseanna dá dtagraítear […] i **mír 1.**

2. (an chéad abairt scriosta aistrithe chuig mír 1) […] **Féadfaidh na húdaráis inniúla** iniúchtaí nó imscrúduithe na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí nó na ndaoine nádúrtha a eagrú **tráth ar bith,** de réir mar is gá. *(tiocfaidh an dara habairt i áit mhír 1(a), mar a bhí air i dtosach)*

*Airteagal 53*

***Faisnéis phoiblí faoi údaráis inniúla agus comhlachtaí deimhnithe táirgí***

1. Poibleoidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, dá dtagraítear in Airteagal 45(1), […] na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí […] **agus** na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 46[…]**6)(b) agus 46a(1)(b)**, agus coimeádfaidh siad an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

2. **Maidir leis na tríú tíortha,** poibleoidh an oifig ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí dá dtagraítear in Airteagal […] **46b, más ann dóibh,** agus tabharfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta go tráthrialta.

3. Déanfaidh an oifig […] tairseach dhigiteach a bhunú ina bpoibleofar ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhnithe táirgí […] **agus** daoine nádúrtha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

*Airteagal 54*

***Creidiúnú comhlachtaí deimhnithe táirgí***

1. Comhlíonfaidh na comhlachtaí deimhnithe táirgí dá dtagraítear in Airteagal […] **50** an méid seo a leanas agus déanfar iad a chreidiúnú**, ag brath ar a ngníomhaíochtaí**, i gcomhréir leis **na caighdeáin seo a leanas**:

   (a) Caighdeán Eorpach **EN** ISO/IEC 17065 […] 'Measúnú comhréireachta – Ceanglais ar chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí', […] caighdeán Eorpach ISO/IEC 17020 […] 'Measúnú comhréireachta – 'Ceanglais maidir le hoibriú cineálacha éagsúla comhlachtaí a dhéanann cigireacht' […] **agus EN ISO/IEC 17025 maidir le saotharlanna tástála agus calabrúcháin lena n-áirítear aon leaganacha athbhreithnithe nó leasuithe de na caighdeáin siúd**; nó

   (b) caighdeáin oiriúnacha eile a dtugtar aitheantas dóibh go hidirnáisiúnta […].

2. Maidir leis an gcreidiúnú dá dtagraítear i mír 1, is comhlacht creidiúnúcháin dá dtugtar aitheantas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[31], ar ball den **Chomhar** Eorpach **don** Chreidiúnú é, a dhéanfaidh an creidiúnú, nó, maidir le comhlacht deimhnithe táirgí **tríú tír**, is comhlacht creidiúnúcháin **aitheanta** lasmuigh den Aontas ar ball den Fhóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin **nó Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne** é **a dhéanfaidh an creidiúnú**.

[31] **Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).**

*Airteagal 55*

***Orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach***

**1.** **Aon fhaisnéis a bhaineann le fógraíocht, cur chun cinn agus díol na n-earraí a bhfuil rochtain ag daoine atá bunaithe san Aontas orthu agus a sháraíonn cosaint tásc geografach dá bhforáiltear in Airteagail 35 agus 36 den Rialachán sin, measfar gur ábhar neamhdhleathach í de réir bhrí Airteagal 3, pointe (h) de Rialachán (AE) 2022/2065[32] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

**2.** […] Féadfaidh **údaráis náisiúnta, bhreithiúnacha nó riaracháin** de chuid na mBallstát, […] **i gcomhréir le** hAirteagal […] **9** de Rialachán (AE) 2022/**2065, ordú a eisiúint chun gníomhú** in aghaidh mír shonrach amháin nó níos mó d'ábhar neamhdhleathach […]**, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin.**

*Airteagal 56*

***Pionóis***

Déanfaidh na Ballstáit […]rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le neamh-chomhlíonadh an Rialacháin seo agus sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus na bearta siúd faoi[…] **dháta chur i bhfeidhm** an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

[32] Rialachán (AE) 2022/**2065** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **an 19 Deireadh Fómhair 2022** maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (IO L ***277***, **27**.**10**.2022, lgh. **1**).

*Airteagal 57*

***Cúnamh frithpháirteach agus acmhainní frithpháirteacha***

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile chun na rialuithe […] dá bhforáiltear sa Teideal seo a dhéanamh.

2. *(mír 4 a thabharfar ar mhír 2, mar a tugadh air i dtosach, anois); mír 2 a thabharfar ar mhír 3, mar a tugadh air i dtosach, anois)* Féadfar a áireamh sa chúnamh riaracháin, más iomchuí, agus, trí chomhaontú idir na húdaráis inniúla lena mbaineann, rannpháirtíocht údarás inniúil Ballstáit i seiceálacha ar an láthair arna ndéanamh ag údaráis inniúla Ballstáit eile.

3. *(mír 2 a thabharfar ar mhír 3, mar a tugadh air i dtosach, anois; mír 4, mar a bhí ann i dtosach, is é an chéad abairt thíos anois é; Airteagal 48(4), mar a bhí ann i dtosach, is é an 2ú abairt thíos anois é)* I gcás sárú féideartha ar […] thásc geografach, déanfaidh […] Ballstá[…]t bearta chun go n-éascófaí tarchur na faisnéise maidir le sárú féideartha den sórt sin ó údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha, chuig na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 45(1). I gcomhréir le mír 1, […]**c**omhoibreoidh na húdará**is** **<u>atá i gceannas ar an bhfaireachán sna Ballstáit</u>** […], **<u>de réir mar is iomchuí</u>, leis** na ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear póilíní, gníomhaireachtaí frith-ghóchumtha, custaim, oifigí maoine intleachtúla, údaráis um fhaireachas margaidh agus um chosaint tomhaltóirí agus cigirí miondíola.

4. *(mír 4 mar a tugadh air i dtosach ionchorpraithe i mír 3;* (*mír 4 a thabharfar ar mhír 2, mar a tugadh air i dtosach, anois)* Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina dtugtar mionsonrú ar nádúr agus cineál na faisnéise atá le malartú agus na modhanna chun faisnéis a mhalartú, chun críoch rialuithe […] faoin Teideal sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

*[…]*

*Airteagal 58*

*(scriosta; mír 1 ionchorpraithe in Airteagal 46(4)); eilimintí de mhír 2 ionchorpraithe in aithris (47b))*

## TEIDEAL V
## TÁSCA GEOGRAFACHA ARNA nIONTRÁIL SA CHLÁR IDIRNÁISIÚNTA AGUS LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA EILE

*[…]*

*Airteagal 59*

*(scriosta – An Coimisiún le togra ar leith a thíolacadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasófar Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle)*

*Airteagal 60*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1753***

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1753 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Chun críocha an Rialacháin sin, cumhdaítear leis an téarma ‘tásca geografacha’ sonrúcháin tionscnaimh de réir bhrí Acht na Ginéive, lena n-áirítear sonrúcháin tionscnaimh de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, chomh maith le tásca geografacha de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, […], Rialachán (AE) 2019/787 agus Rialachán (AE) […] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an… maidir le tásc geografach a chosaint do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ***[an Rialachán sin*]**. Maidir le sonrúcháin tionscnaimh a bhaineann le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha atá faoi réir clárú idirnáisiúnta, déanfar cosaint san AE a fhorléiriú mar a shonraítear in Airteagal 5 agus 35 den Rialachán sin**.**’;

(b) cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. Chun críocha an Rialacháin sin, ciallaíonn ‘an Oifig’ Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, **mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/1001 é**’**;**

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘Ar aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive agus ina dhiaidh sin, ar bhonn rialta, déanfaidh an Coimisiún, ina cháil mar Údarás Inniúil de réir bhrí Airteagal 3 d’Ionstraim na Ginéive mar a shonraítear in Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, iarratais a chomhdú maidir le tásca geografacha a chlárú go hidirnáisiúnta, ar tásca iad atá faoi chosaint ag dlí an Aontais agus cláraithe faoin dlí sin, agus a bhaineann le táirgí ar de thionscnamh an Aontais iad de bhun Airteagal 5(1) agus (2) d’Ionstraim na Ginéive chuig Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (‘an Biúró Idirnáisiúnta’)’.;

(b) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Chun críocha mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha lena gcosnaítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (‘tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha’), an Oifig, sonraí geografacha ar de thionscnamh chríoch na mBallstát iad agus atá faoi chosaint agus cláraithe faoi dhlí an Aontais a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta;’**;**

(c) cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

‘4. Maidir le hiarrataí ar thásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta, leanfaidh an Oifig ar aghaidh, ina cáil mar Údarás Inniúil […] **de réir bhrí** Airteagal 3 d’Acht na Ginéive mar a shonraítear in Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, ar bhonn a**n** chinnidh […] maidir le cosaint a dheonú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17 go hAirteagal 34**b** de Rialachán (AE) […]**…**/…’ ***[an Rialachán sin]***;

(3) In Airteagal 3, cuirtear an mhír 4 seo a leanas leis:

‘4. Maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, iarrfaidh an Oifig ar an mBiúró Idirnáisiúnta clárú táisc gheografaigh de thionscnamh Ballstáit sa Chlár Idirnáisiúnta a chealú má chomhlíontar dálaí mhír 1.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

**Foilsiú tásc geografach tríú tír arna gclárú sa Chlár Idirnáisiúnta**

1. Foilseoidh an Coimisiún nó, maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, aon chlárú idirnáisiúnta ar thug an Biúró Idirnáisiúnta fógra ina leith de bhun Airteagal 6(4) d’Acht na Ginéive, a bhaineann le tásca geografacha atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta nach Ballstát é an Páirtí Conarthach Tionscnaimh ina leith, mar a shainmhínítear i bpointe (xv) d’Airteagal 1 d’Acht na Ginéive é.

2. Déanfar an clárú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a fhoilsiú i Sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*<u>**;**</u> […] i dtaca le cláruithe idirnáisiúnta […] a bhaineann le tásc geografach ceardaíochta agus tionsclaíoch, is é an Oifig <u>**a fhoilseoidh an clárúchán**</u>. Áireofar san fhoilsiú tagairt do chineál agus do thír thionscnaimh an táirge.’;

(5) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Coimisiún, nó i ndáil le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, measúnú ar aon chlárú idirnáisiúnta ar thug an Biúró Idirnáisiúnta fógra ina leith de bhun Airteagal 6(4) d’Acht na Ginéive maidir leis na tásca geografacha atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta agus nach Ballstát é an Páirtí Conarthach Tionscnaimh, mar a shainmhínítear i bpointe (xv) d’Airteagal 1 d’Acht na Ginéive, de bhun Airteagal 6(4) d’Acht na Ginéive, d’fhonn a chinneadh an bhfuil an t-ábhar sainordaitheach a leagtar síos i Riail 5(2) de na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Acht na Ginéive (na 'saintréithe coiteanna') san áireamh ann, chun a chinneadh an bhfuil an t-ábhar sainordaitheach a leagtar síos i Riail 5(3) de na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Acht na Ginéive (na 'saintréithe Comhchoiteanna') san áireamh ann.’;

(6) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Laistigh de 4 mhí ón dáta a bhfoilseofar an clárú idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú Páirtí Conarthach nach é an Páirtí Conarthach Tionscnaimh é mar a shainítear faoi phointe (xv) d'Airteagal 1 d’Ionstraim na Ginéive, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe san Aontas nó i dtríú Páirtí Conarthach nach é an Páirtí Conarthach Tionscnaimh é, féadfaidh siad freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, nó, an Oifig, i dtaca le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha. Beidh an freasúra i gceann de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.’;

(b) i mír 2, scriostar pointe (e)**;**

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh an Coimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, an Oifig, maidir le críoch an Aontais nó cuid di, measúnú ar na forais le cur i gcoinne a leagtar amach i mír 2.’**;**

(7) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an abairt seo a leanas léi:

‘Maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, diúltóidh an Oifig aon chur i gcoinne neamh-inghlactha agus cinnfidh sí cosaint an táisc gheografaigh a dheonú.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh:

‘Maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, is í an Oifig nó, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]***, an Coimisiún, a ghlacfaidh an cinneadh maidir le cosaint a dheonú, **ar ina leith a dh**éanfar na gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).’**;**

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcomhréir le hAirteagal 15(1) d'Ionstraim na Ginéive, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhiúró Idirnáisiúnta faoi dhiúltú éifeachtaí an chlárúcháin idirnáisiúnta lena mbaineann i gcríoch an Aontais, laistigh de […] **12 mhí** ón dáta a bhfaighfear an fógra maidir le clárú idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(4) d'Ionstraim na Ginéive […].’;

(d) […] **cuirtear an méid seo a leanas in ionad** mhír 5 […]**:**

**‘Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, diúltú ar tugadh fógra ina leith cheana don Bhiúró Idirnáisiúnta a tharraingt siar, go hiomlán nó go páirteach, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).**

[…]

[…] Maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha a bhaineann lena gcosaint ar thug an Oifig fógra faoi dhiúltú roimhe sin, féadfaidh an Oifig, ar a tionscnamh féin nó tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, diúltú a tharraingt siar, go hiomlán nó go páirteach, ar diúltú é ar tugadh fógra ina leith don Bhiúró Idirnáisiúnta roimhe sin.

[…] Tabharfaidh an Coimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, an Oifig, fógra don Bhiúró Idirnáisiúnta faoi tharraingt siar den sórt sin gan mhoill.';

(8) In Airteagal 8(1), cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, beidh feidhm ag an gcéanna maidir le cinneadh na hOifige.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*

**Na héifeachtaí atá ag tásc geografach tríú tír arna chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta a neamhbhailíochtú san Aontas**

1. Féadfaidh an Coimisiún nó, maidir le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha, féadfaidh an Oifig, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó Bhallstát, ó thríú tír nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, na héifeachtaí atá ag cosaint táisc gheografaigh san Aontas a neamhbhailíochtú, ina iomláine nó i bpáirt, i gceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

(a) i gcás nach bhfuil an tásc geografach faoi chosaint a thuilleadh ag an bPáirtí Conarthach Tionscnaimh;

(b) i gcás nach bhfuil an tásc geografach cláraithe a thuilleadh sa Chlár Idirnáisiúnta;

(c) i gcás nach bhfuil comhlíonadh an inneachair éigeantaigh a leagtar síos i Riail 5(2) de na Comhrialacháin nó na mionsonraí a bhaineann le cáilíocht, clú nó tréithe a leagtar síos i Riail 5(3) de na Comhrialacháin a áirithiú a thuilleadh.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun críche mhír 1. Ní ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2), ach amháin i gcás inar tugadh deis do dhaoine nádúrtha nó d'eintitis dhlítheanacha amhail faoi mar a thagraítear dóibh i bpointe (ii) d'Airteagal 5(2) d'Ionstraim na Ginéive nó do na tairbhithe, mar a shainmhínítear iad i bpointe (xvii) d'Airteagal 1 d'Ionstraim na Ginéive, a gcearta a chosaint.;

3. I gcás nach bhfuil an neamhbhailíochtú faoi réir achomhairc a thuilleadh, tabharfaidh an Coimisiún fógra gan mhoill don Bhiúró Idirnáisiúnta faoi neamhbhailíochtú éifeachtaí chlárú idirnáisiúnta an táisc gheografaigh i gcríoch an Aontais i gcomhréir le pointe (a) nó (c) de mhír 1.';

(10) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I ndáil le gach ainmniúchán tionscnaimh ar de thionscnamh Ballstáit é, ar páirtí conarthach é i gComhaontú Liospóin, le haghaidh táirge a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]***, ach nach bhfuil faoi chosaint an Rialacháin sin go fóill, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn iarrata ag duine nádúrtha nó ag eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (ii) d'Airteagal 5(2) d'Ionstraim na Ginéive nó ag tairbhí mar a shainmhínítear é i bpointe (xvii) d'Airteagal 1 d'Ionstraim na Ginéive, nó ar a thiosncnamh féin, cinneadh a dhéanamh ceann de na nithe seo a leanas a iarraidh:

(a) clárú an tsonrúcháin tionscnaimh sin faoi Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]***; nó

(b) cealú chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh sin sa Chlár Idirnáisiúnta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Oifig ar an eolas faoin rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus taiscfidh sé an iarraidh faoi seach […] **faoin … *[nóta chuig IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 12 mhí ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) …/… (an Rialachán seo)].*** Tá feidhm ag an nós imeachta clárúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 67(3) de Rialachán (AE) […]**…**/… *mutatis mutandis*.

Sna himthosca dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann clárú idirnáisiúnta an ainmniúcháin tionscnaimh sin faoi Ionstraim na Ginéive, i gcás gur dhaingnigh an Ballstát sin Ionstraim na Ginéive nó gur aontaigh sé di de bhun an údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, laistigh de […] **12 mhí** ó dháta clárúcháin an táisc gheografaigh faoi Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]***.

Fíoróidh an Ballstát lena mbaineann, i gcomhar leis an Oifig, leis an mBiúró Idirnáisiúnta, an bhfuil aon mhodhnuithe le déanamh faoi Riail 7(4) de na Comhrialacháin chun críche clárú faoi Acht na Ginéive. Údaróidh an Oifig don Bhallstát lena mbaineann foráil a dhéanamh do na modhnuithe is gá agus fógra a thabhairt don Bhiúró Idirnáisiúnta.

I gcás go ndiúltófar don iarraidh ar chlárú faoi Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]*** agus go mbeidh na leighis riaracháin agus bhreithiúnacha bainteacha ídithe, nó mura mbeidh an iarraidh ar chlárú faoi Ionstraim na Ginéive déanta de bhun an tríú fomhír den mhír seo, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann, gan mhoill, cealú chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh sin sa Chlár Idirnáisiúnta.’**;**

(11) Cuirtear an pointe (e) seo a leanas le hAirteagal 15(1):

‘(e) do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) […]**…**/… ***[an Rialachán seo]***, ón gCoiste um Thásca Geografacha Ceardaíochta agus Tionsclaíocha a bunaíodh le hAirteagal 65 den Rialachán sin.’**.**

*Airteagal 61*

***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1001***

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 mar a leanas:

(1) In Airteagal 151(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (b):

'(ba) tásca geografacha a riar agus a chur chun cinn **le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha**, go háirithe na cúraimí a thugtar dó faoi […] Rialachán (AE) […]**…**/**…** *[an Rialachán seo]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus córas na dtásc geografach a chur chun cinn.'**;**

**(1a) cuirtear an pointe (n) seo a leanas le hAirteagal 153(1):**

**'(n) rialacha nós imeachta an Bhoird Chomhairligh dá dtagraítear in Airteagal 33(8) de Rialachán …/… *[an Rialachán seo]* a ghlacadh';**

**(1b) in Airteagal 170, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:**

**'2. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach úsáid a bhaint as seirbhísí an Lárionaid ar bhonn deonach agus é mar aidhm aige nó aici teacht ar réiteach cairdiúil trí chomhaontú frithpháirteach maidir le díospóidí, bunaithe ar an Rialachán seo, ar Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 nó ar Rialachán …./… [*an Rialachán seo*].';**

(2) (*scriosta*)

# TEIDEAL VI

# […] <u>TÁILLÍ</u>

*Airteagal 62*

*[…]*

*(aistrithe go hAirteagal 34c)*

***<u>Airteagal (nua) 62a</u>***

*[…]* ***<u>T</u>áillí***

*(aistrithe ó Airteagal 10)*

1. Féadfaidh na Ballstáit […] táill**<u>í</u>** a ghearradh chun na costais a bhaineann […] **<u>leis an gcéim náisiúnta de</u>** chóras na dtásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chumhdach, […] **<u>eadhon</u>** na costais a thabhaítear le linn iarratais, […] **<u>fógraí um ch</u>**ur i gcoinne, iarratais ar leasuithe, iarrataí ar chealú […]**<u> agus achomhairc</u>** a phróiseáil.

**<u>1a.</u>** *(aistrithe ó Airteagal 48(5) agus ón dara habairt d'Airteagal 43(2))* Féadfaidh na Ballstáit táillí nó muirir a bhailiú chun costais na rialuithe […] […] **<u>a dhéantar de bhun Theideal IV den Rialachán seo</u>** a chumhdach.

2. *(aistrithe go mír 5a)*

3. […] *(scriosta)*

4. […] **G**earrfaidh an Oifig táille **as na nithe seo a leanas:**

**(a)** […] nós imeachta an chlárúcháin dhírigh, **dá** dtagraítear in Airteagal 15**a;**

**(b)** […] an nós imeachta **maidir le táirgí de thionscnamh tríú tír nó tríú tíortha, dá** dtagraítear in Airteagal 17([…]**c**) **;** agus

**(c)** […] achomhairc os comhair na mBoird Achomhairc**, dá** dtagraítear in Airteagal 30.

**4a.** […] **Féadfaidh an Oifig táille a ghearradh** as […] **iarrataí ar** […] an tsonraíocht táirge a leasú agus as **iarrataí ar an tásc geografach** a chealú, […] **i gcás ina** […] ndearnadh an t-ainm a chlárú […] **de bhun cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear** […] **i bpointe (a) nó (b) de mhír 4.**

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun méideanna na dtáillí a ghearrann an Oifig agus na bealaí ina n-íocfar iad nó, i gcás táille as achomhairc os comhair na mBord Achomhairc, a aisíoc. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

**5a.** *(aistrithe ó mhír 2)* […] Táillí **ar bith a ghearrfar de bhun an Teidil seo,** beidh **siad** réasúnta, cothóidh **siad** iomaíochas tháirgeoirí na dtásc geografach agus […] **féadfar** staid **shonrach** na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide a chur san áireamh **iontu**.

# Teideal VII
# FORÁLACHA FORLÍONTACHA

***Airteagal (nua) 62b***

***Cosaint sonraí***

*(aistrithe ó Airteagal 4)*

1. Measfar gur rialaitheoirí de réir bhrí phointe ([…]**8**) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725[33] […] iad an Coimisiún agus an Oifig i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa nós imeachta a bhfuil sé nó sí inniúil ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Measfar údaráis inniúla na mBallstát a bheith ina rialaitheoirí de réir bhrí phointe (7) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679[34] […] i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sna nósanna imeachta a bhfuil siad inniúil ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo.

---

[33] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[34] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE, IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 […].

*Airteagal 63*

***Teangacha nós imeachta***

1. Na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chuirfear chuig an Oifig i ndáil leis na nósanna imeachta faoin Rialachán seo, beidh siad i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais.

2. Maidir leis na cúraimí a thugtar don Oifig faoin Rialachán seo, is iad teangacha oifigiúla uile an Aontais a bheidh i dteangacha na hOifige i gcomhréir le Rialachán 1[35].

*Airteagal 64*

***Córais TF***

**1.** Déanfaidh an Oifig an córas digiteach dá dtagraítear in Airteagal 18([…] **2d),** agus clár an Aontais […] dá dtagraítear in Airteagal **34a, agus an tairseach digiteach dá dtagraítear in Airteagal 53(3),** a fhorbairt […] agus a chothabháil.

**2.** *(aistrithe ó Airteagal 18(1))* **Bainfear leas as** an gcóras digiteach **le haghaidh iarratas de bhun Airteagal 17, ach beidh aige freisin** an acmhainn lena bhféadfaidh an Ballstát […] leas a bhaint as **ag céim** náisiúnta **an chláraithe**[…].

*Airteagal 65*

***Nós imeachta coiste***

1. Beidh an **Coiste um** Thásca Geografacha Ceardaíochta agus Tionsclaíocha […] **('an Coiste')** de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[35] Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

*Airteagal 66*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail **9, 15a, 18,** […]30**,** […] 49 **agus 62** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 7 mbliana amhail ón [*IO: dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail **9, 15a, 18,** […] 30**,** […] 49 **agus 62** a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis **an** lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun […] Airteagail **9, 15a, 18,** […] 30 […]**,** 49 **nó 62** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

# CAIBIDIL VIII
# FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 67*

***Cosaint idirthréimhseach […]tásca […]geografacha***

1. **Faoin *[12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, s**coirfidh cosaint shonrach náisiúnta do thásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de bheith ann**, agus maidir le hiarratais a bheidh ar feitheamh, measfar nach ndearnadh iad a chomhdú** […]**, murar rud é go ndéanfar iarratas de bhun mhír 2.**

2. Faoin *[*[…] ***12 mhí*** *tar éis dháta* […] **chur** *i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, cuirfidh na Ballstáit leasmhara in iúl don Choimisiún agus don Oifig cé acu ainmneacha atá faoi chosaint dlí nó**,** sna Ballstáit nach bhfuil aon chóras cosanta iontu, cé acu ainmneacha arna mbunú de réir úsáide**,** is mian leo a chlárú agus a chosaint de bhun an Rialacháin seo.

**2a. Ar bhonn iarrata de bhun mhír 2, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann síneadh ama a chur le cosaint náisiúnta go dtí go mbeidh bailchríoch curtha ar an nós imeachta clárúcháin de bhun mhír 3 agus gur cinneadh críochnaitheach é. I gcás ina ndeonófar cosaint an Aontais, measfar gurb é an chéad lá cosanta faoin Rialachán seo an lá a gcuirfidh na Ballstáit an Oifig agus an Coimisiún ar an eolas, i gcomhréir le mír 2.**

3. […] Cláróidh an Oifig**,** nó, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 25, **an** Coimisiún, […] **na hainmneacha dá dtagraítear i mír 2 agus a chomhlíonann Airteagail 2, 5, 7 agus 8, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 17 go 25** […]. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 21 agus 22. Ní chlárófar téarmaí cineálacha, áfach.

4. *(cumaiscthe le mír 1)*

*Airteagal 68*

***Oibleagáid tuairiscithe ar na Ballstáit***

1. Tuairisceoidh na Ballstáit […] don Choimisiún […] **faoin *[4 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin,** maidir le**is na nithe seo a leanas:** straitéis agus torthaí na rialuithe uile ar thásca geografacha a dhéantar chun comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil a bhaineann leis an scéim cosanta a bhunaítear leis an Rialachán seo […] dá dtagraítear in Airteagal 45 […] a fhíorú**;** […] maidir le comhlíonadh a fhíorú […], **trí bhíthin an fhéindearbhaithe dá dtagraítear in Airteagal 46; maidir le comhlíonadh údaráis inniúil nó tríú páirtí ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 46a a fhíorú, más infheidhme; maidir le faireachán a dhéanamh ar úsáid tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha sa mhargadh dá dtagraítear in Airteagal 46c;** […] maidir le dícheall cuí **dá dtagraítear in Airteagal 47;** […] agus […] maidir le […] **hábhar neamhdhleathach ar chomhéadain ar líne dá dtagraítear in Airteagal 55.**

2. Cuirfidh na Ballstáit incháilithe an fhaisnéis a […] **cheanglaítear faoi** Airteagal 15 ar fáil don Choimisiún faoin *[*[…]**12** mhí […] **roimh** dháta […] **chur** i bhfeidhm an Rialacháin seo*]* d’fhonn nós imeachta an […]chlárúcháin dhírigh[…] a roghnú. Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, glacfaidh an Coimisiún **c**inneadh maidir le […] **hiarraidh** an Bhallstáit lena mbaineann nós imeachta an […]chlárúcháin dhírigh[…] **dá dtagraítear in Airteagal 15a** a roghnú agus dá bhrí sin, gan údarás náisiúnta a ainmniú le haghaidh […] **próiseáil a dhéanamh ar** iarrata**i**s, ar leas**uithe** ar an tsonraíocht táirge agus ar chealú […] **mar a cheanglaítear le hAirteagal 11(1).**

3. *(aistrithe go mír 5 d'Airteagal 11)*

*Airteagal 69*

***Clásal athbhreithnithe***

Faoin *[cúig bliana tar éis dháta* […] ***chur*** *i bhfeidhm an Rialacháin seo],* **agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin,** déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, mar aon le haon tograí le haghaidh athbhreithnithe a mheasfaidh sé a bheith iomchuí.

*Airteagal 70*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.* Beidh feidhm aige ón ***[***[…] ***an chéad lá den chúigiú mí is fiche tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*****, cé is moite d'Airteagal 15(1) agus (2), Airteagal 33(1), Airteagal 34a(8), agus Airteagail 64 go 66, a mbeidh feidhm acu ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa […] **…**,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* — *Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán* — *An tUachtarán*

## ***IARSCRÍBHINN* […] *I***

**Féindearbhú dá dtagraítear in Airteagal […] 46 de Rialachán …/… *[an Rialachán seo]***

**1. Ainm agus seoladh an** […]**táirgeora: …**

[[…] **C**uir isteach ainm agus seoladh an oibreora eacnamaíoch (cuideachta nó táirgeoir aonair) agus**, más infheidhme,** ainm agus seoladh […] ionadaí údaraithe na cuideachta nó an táirgeora**, a shíníonn an féindearbhú thar ceann an táirgeora**]

**1a.** *(aistrithe ó phointe 5)* **Grúpa táirgeoirí: …**

[[…] **Más infheidhme,** cuir isteach ainm agus seoladh an ghrúpa táirgeoirí […] **a** bhfuil an táirgeoir ina bhall ann]

**2. Ainm an táirge agus an cineál táirge** […]**: …**

[[…] **C**uir isteach an t-ainm […] agus gach […] **saintréith** faoina margaítear an táirge atá ainmnithe leis an tásc geografach nó faoina mbeartaítear é a mhargú agus na cineálacha earraí lena mbaineann an táirge]

**3. Stádas an táirge: …**

[[…] […] **Sonraigh** cé acu atá […] an táirge lena mbaineann ar an margadh cheana]

**4. Láithreáin táirgthe: …**

[[…] […] **Liostaigh** gach suíomh táirgthe (**luaigh** seoladh **agus** sonra**í** teagmh[…]**ála** agus an ghníomhaíocht […] a dhéantar […] **ag gach suíomh acu**]

**5.** *(aistrithe go pointe 1a.)*

**6. Ainm, uimhir** […] **agus dáta cláraithe an táisc gheografaigh**[…]: **…**

[[…]Is féidir an ceanglas a chomhlíonadh ach an […] sliocht leictreonach comhfhreagrach ón gclár **a chur i gceangal leis an bhféindearbhú**[…]]

7. […] **Doiciméad aonair: …**

[[…] **Cuir isteach an fhaisnéis ón** doiciméad aonair: ainm an táirge **agus** tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, […] **na hamhábhair agus faisnéis** maidir **leis an b**pacáistiú agus **an** lipéadú, **lena n-áirítear go bhféadfaí lógó TGFC a úsáid,** agus sainiú achomair ar an limistéar geografach]

**8. Tuairisc ar na bearta a rinne an táirgeoir chun a áirithiú go gcomhlíonann […] an táirge an tsonraíocht táirge: …**

[[…] **C**uir isteach gach beart (rialuithe agus seiceálacha) […] arna déanamh ag an táirgeoir **féin**, ag an […] **ngrúpa** táirgeoirí nó ag tríú páirt**í**[…] ó cuireadh isteach an **féin**dearbhú deireanach, **agus tuairisc achomair ar gach beart sa tábla thíos ag gabháil leis**]

| Pointe rialaithe[1] | […]<br>**L**uach **tagartha**[2]<br>(Tástálacha) | Uathrialú (AC)<br>Rialú Inmheánach (IC) nó Rialú **S**eachtrach (EC)[3] | Minicíocht[4] | **An té atá f**reagrach as an rialú | […] Modh **an rialaithe** | Doiciméad tagartha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

---

[1] Pointe rialaithe: […] **an chéim nó na céimeanna** laistigh den phróiseas táirgthe ina gcuirtear an beart rialaithe i bhfeidhm.

[2] […] **An** luach **tagartha**, más ann dó, atá le baint amach ag an bpointe rialaithe.

[3] AC: Rialú arna dhéanamh ag an táirgeoir féin; IC: Rialú arna dhéanamh ag an grúpa táirgeoirí féin; […] **EC**: Rialú arna dhéanamh ag comhlacht deimhniúcháin seachtrach **nó ag duine nádúrtha**.

[4] […]

**9. Faisnéis bhreise: …**

[[…] **C**uir isteach aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha […] **lena mheas** an bhfuil **an tsonraíocht táirge á comhlíonadh ag** an táirge, e.g. samplaí den lipéadú, má tá riail lipéadaithe sa tsonraíocht táirge atá i gceist]

**10. Dearbhú maidir le comhlíonadh cheanglais na sonraíochta táirge:**

**Dearbhaím, leis seo, go gcomhlíonann** an táirge thuasluaite, lena n-áirítear a shaintréithe agus a chomhpháirteanna, go gcomhlíonann sé […] an tsonraíocht táirge comhfhreagrach. Na rialuithe agus na seiceálacha uile is gá chun comhréireacht a chinneadh i gceart, tá siad curtha i gcrích.

Is eol […] **dom** go bhféadfar smachtbhannaí a fhorchur i gcás […]ráiteas bréagach. […]

*Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:*

(áit agus dáta):

(ainm, feidhm) (síniú):

***<u>IARSCRÍBHINN</u>* <u>[…]</u> *<u>II</u>***

**<u>Doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán …/… *[an Rialachán seo]*</u>**

[Cuir isteach an t-ainm, mar atá i bpointe 1 […]:] '…'

**<u>Uimhir</u>** Aontais: [le haghaidh úsáid AE amháin]

**11. Ainm(neacha) [TGFC] …**

[Cuir isteach an t-ainm […] **<u>a iarrtar a chosaint mar thásc geografach</u>** nó, i gcás iarratas ar fhormheas a dhéanamh ar léasú ar shonraíocht táirge, an t-ainm cláraithe]

**12. Ballstát nó <u>t</u>ríú <u>t</u>ír …**

**13. Tuairisc ar an** […] **táirge**

*13.1. An cineál táirge …*

*13.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm i* ***<u>bpointe</u>*** *1 …*

[Príomhphointí dá dtagraítear i bpointe […] **<u>(a)(ii)</u>** d'Airteagal 8(1). **<u>D'fhonn an táirge sin a shainaithint,</u>** úsáid na sainmhínithe agus na caighdeáin a úsáidtear go coitianta i gcás an táirge sin. Sa tuairisc ar an táirge, dírigh ar shainiúlacht an táirge, trí aonaid tomhais agus téarmaí coiteanna nó teicniúla comparáide a úsáid, gan saintréithe teicniúla a bhaineann le gach táirge den chineál sin […] **<u>nó</u>** ceanglais éigeantacha dhlíthiúla ghaolmhara is infheidhme maidir le gach táirge den chineál sin a chur san áireamh […]]

*13.3. Amhábhair* […]...

**<u>[</u>** Luaigh aon cheanglas cáilíochta, nó aon srian ar thionscnamh amhábhar. Luaigh réasúnuithe maidir le haon srian den sórt sin. Ní mór údar cuí a thabhairt leis na srianta sin maidir leis an nasc dá dtagraítear i bpointe […] **<u>(g)</u>** d'Airteagal 7(1)]

*13.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe …*

[Luaigh na réasúnuithe maidir le haon srian nó maolú]

*13.5.* *Sainrialacha maidir le pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe …*

[[…] **Más infheidhme, l**uaigh réasúnuithe táirgeshonracha maidir le haon srian]

*13.6.* *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe …*

[**Más infheidhme,** […] **l**uaigh na réasúnuithe maidir le haon srian nó maolú]

**14. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach …**

[I gcás inarb iomchuí, cuir isteach léarscáil den limistéar **geografach**]

**15. Nasc leis an limistéar geografach …**

[…] **[Luaigh an n**asc idir an tionscnamh geografach agus, i gcás inarb iomchuí, […] **an ch**áilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile an táirge.

[…] **Chuige sin, l**uaigh go sainráite cé na tosca […] **sin** ar a bhfuil an nasc […] bunaithe […], lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, eilimintí den tuairisc ar an táirge nó den mhodh táirgthe lena dtugtar údar cuí leis an nasc sin]

**[…]**

## ***IARSCRÍBHINN [...] III***

**Ráiteas agóide réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán .../...**
***[an Rialachán seo]***

**16. Ainm an táirge: ...**

[ mar a [...]iontráladh i gclár **an Aontais** é]

**17.** [...] **Uimhir: ...**

[ mar a [...]iontráladh i gclár **an Aontais** í]

[...]

**2a. Dáta foilsithe an doiciméid aonair agus na sonraíochta táirge i gclár an Aontais: ...**

**18. Sonraí teagmhála**

| | | |
|---|---|---|
| Teagmhálaí: | Teideal (An Duine Uasal/An Bhean Uasal...): ... | Ainm: ... |

[...] **Duine nádúrtha nó dlítheanach/an t-údarás inniúil: ...**

[...] [...]

**Seoladh: ...**

**Teileafón +...**

**Seoladh ríomhphoist: ...**

**19.** […] **Forais le haghaidh na hagóide:**

– […]

– […]

– […]

– […]

– […]

– **Neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint a leagtar síos sa Rialachán seo;**

– **Bheadh an tásc geografach atá beartaithe contrártha do na nithe seo a leanas:**

  – **Airteagal 37 maidir le téarmaí cineálacha Rialachán …/… *[an Rialachán seo]*;**

  – **Airteagal 38 maidir le comhainmneacha Rialachán.../... *[an Rialachán seo]*; nó**

  – **Airteagal 39(1) maidir le trádmharcanna atá ann cheana de chuid Rialachán.../... *[an Rialachán seo]*;**

– **Dhéanfadh an tásc geografach atá beartaithe dochar do bheithsine ainm a úsáidtear i réimse na trádála nó trádmhairc atá comhionann nó comhchosúil nó dochar do bheithsine táirgí atá tar éis a bheith ar an margadh go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilsithe an iarratais dá bhforáiltear in Airteagal 18(3)**

**20.** **Sonraí na hagóide:**

**[**Cúiseanna cuí-réasúnaithe agus údar cuí leis an agóid a sholáthar**, a cheart a áireodh freisin r**áiteas […] ina mhínítear leas dlisteanach na hagóide, ach amháin más iad na húdaráis náisiúnta a chuireann an agóid isteach, agus sa chás sin ní gá ráiteas leasa dhlisteanaigh a dhéanamh. Ba cheart an ráiteas agóide a shíniú agus a dhátú**]**